




An Chéad Tuarascáil Bhliantúil

25 Bealtaine — 31 Nollaig 2018



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission




Clár Ábhar

Brollach	4
Coimisiún Nua um Chosaint Sonraí — Róil agus Freagrachtaí	8
Súil Siar Ghairid ar an Tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018	12
Gearáin	16
Fógraí faoi Sháruihte Sonraí	38
An tAonad Faisnéise agus Measúnaithe	44
Imscrúduithe Speisialta	46
Maoirseacht ar Chuideachtaí Ilnáisiúnta Teicneolaíochta	50
Ceannaireacht Teicneolaíochta	56
Comhairliúcháin	58
Gnóthaí Dí	64
Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha	74
Gníomhaíochtaí ar Leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar Leibhéal Idirnáisiúnta	76
Cumarsáid	80
Comhairliúcháin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir le “Leanaí” agus maidir leis an “Straitéis Rialála”	84
Oifigh Chosanta Sonraí	88
Éifeachtacht Oibriúcháin agus Dearcadh Straitéiseach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí	86
Gnóthaí Corparáideacha	94

AGUISÍNÍ

I. Cásdlí Cosanta Sonraí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	101
II. Cairt Eagraíochta	105
III. Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha don Choimisiún um Chosaint Sonraí don Tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018	106
IV. Tuarascáil Fuinnimh: an 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018	108
V. Ráiteas Airgeadais don Tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018	109

Brollach



It is a pleasure to present this first annual report of the new Data Protection Commission (DPC).

Tionchar an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Is feiniméan é an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ghinearálta) agus léiríodh rud amháin ar leith dúinn thar aon rud eile dá bharr: is mór an spéis atá ag daoine sna bealaí ina n-úsáidtear a sonraí pearsanta a thuiscint agus a rialú agus is mór freisin an fonn atá orthu déanamh amhlaidh. Cé gur léiríodh i suirbhéanna éagsúla Eorabharaiméadaí* le blianta beaga anuas na hábhair inni atá ag daoine den phobal faoin dóigh a n-úsáidtear a sonraí, is é an méadú ar an líon gearán agus ceisteanna a seoladh chuig údarais chosanta sonraí ar fud an Aontais ón 25 Bealtaine 2018 i leith an príomhléiriú ar a thoilteanaí atá daoine anois dul i ngleic le haon mhí-úsáid a bhraitheann siad a bheith ann nó le haon mhainneachtain míniúchán a thabhairt dóibh ar an úsáid a bhaintear as a sonraí. Ar leathanaigh 16-37 den tuarascáil seo, leagtar amach an méadú suntasach a tháinig ar an líon gearán agus ceisteanna a seoladh chuig an gCoimisiún..

Is chomh láidir céanna a bhí an freagra ón tionscal agus ó na hearnálacha pobail agus deonacha: cheap eagraíochtaí ar fud na hÉireann 1,000 Oifigeach Cosanta Sonraí, agus thug siad fógra don Choimisiún faoi na ceapacháin sin, ó mhí na Bealtaine i leith. Imreoidh na daoine aonair sin ról ríthábhachtach i gcleachtais éifeachtacha chosanta sonraí a leabú laistigh dá n-eagraíocht agus i bhfíorfhéabhsuithe a bhrú chun cinn i gcaighdeáin chosanta sonraí agus slándála. Tugadh fógra don Choimisiún faoi bhreis agus 4,000 sárú sonraí. Cé go mbeadh an figiúr níos lú ná sin dá mbeadh an saol ar ár mian againn, tá sé faighte amach ag an gCoimisiún go n-oibríonn formhór na n-eagraíochtaí linn agus go nglacann siad leis an treoir uainn go maolódh siad aon chailteanais do na daoine aonair lena mbaineann, go gcuirfeadh siad aon ardrioscaí in iúl dóibh agus go bhfoghlaimeodh siad ceachtanna ón sárú chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís. I gcásanna áirithe, thug eagraíochtaí sonraí staitistiúla dúinn maidir leis an líon iarrataí ar rochtain, ar iniomparthacht agus ar léirsciosadh a fuair siad, maidir leis na córais a bhunaigh siad chun iarrataí den sórt sin a láimhseáil, maidir leis na Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí a rinne siad, maidir leis an oiliúint a chuir siad i bhfeidhm don fhoireann ar fad agus, rud tábhachtach, maidir leis an urraíocht a fhaigheann a gcláir chosanta sonraí óna bhfeidhmeannaigh ardleibhéil anois. Tháinig grúpaí earnála difriúla in Éirinn le chéile, bíodh sé trína nOifigigh Chosanta Sonraí nó trí chomhlachtaí ionadaíocha, chun a gcuid foghlama a chomhroinnt lena chéile. Maidir leis sin, ba cheart dúinn rud amháin a thuiscint faoin Rialachán Ghinearálta thar aon rud eile: mairfidh an próiseas comhphlé ina leith roinnt mhaith blianta agus beidh sé riachtanach an comhphlé a athrú agus a oiriúnú ar aon dul leis an teicneolaíocht, leis an gcomhthéacs, leis an bhfoghlaimeán ón bhfianaise (lena n-áirítear an cásdlí atá ag teacht chun cinn) agus le noirm shochoíocha atá ag athrú. Má dhéantar an méid sin ar fad, bainfear réitigh nua atá bunaithe ar chomhthéacs amach agus gnóthófar fíorthuiscint ar an gcuma atá ar 'staid níos fearr'.

Teagmháil agus Gníomhaíocht

An bhliain seo caite, d'iarr a lán eagraíochtaí agus institiúidí ar an gCoimisiún labhairt ag imeachtaí, rannchuidiú a dhéanamh ag cruinnithe comhchéime nó bualadh le comhaltaí. D'fhreastalaíomar ar an oiread iarrataí díobh sin agus ab fhéidir. Ag gach imeacht, fuair eamar an-léargas ar a thiomanta atá ceannairí in Éirinn do chur amach a fháil ar an Rialachán Ghinearálta agus do ghníomhú ar bhealach cuntasach faoi. Mar oifig, leanaimid leis an oiread treorach nua agus is féidir a chur i bhfeidhm toisc go dtuigimid, mar gheall ar an dlí a bheith bunaithe ar phrionsabail, go mbíonn gá ann le soiléiriú a thabhairt go minic.

* http://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/archives/ebs/ebs_431_en.pdf

Cé go bhfuilimid fós ag obair chun deireadh a chur le roinnt miotas agus míthuiscintí a tháinig chun cinn faoin Rialachán Ginearálta (áit a rabhamar an-tógtha go háirithe leis an scéal inar bhain gruagaire leas as an Rialachán Ginearálta chun diúltú do shonraí faoi ruaim ghruaige a thabhairt do chustaiméir!**)*, táimid, mar oifig, an-soirbhíoch faoi na feabhsuithe a thiocfaidh ar chleachtais láimhseála sonraí pearsanta in Éirinn thar an gcéad chúp-la bliain eile. Nuair a d'fhógraíomar le déanaí go gcuirfimis tacaíocht do líonra Oifigeach Cosanta Sonraí i bhfeidhm i ráithe 2 den bhliain 2019, chuir eagraíochtaí spéis in iúl láithreach sa chomhphlé gníomhach lena bparáirí agus leis an údarás cosanta sonraí a choinneáil ar bun.

Cé go bhfuilimid soirbhíoch, is ann do chuid mhór saincheisteanna seasta ar an talamh go fóill. Tá méid suntasach acmhainní an Choimisiúin dírithe faoi láthair ar imscrúduithe a dhéanamh ar phróiseáil sonraí mhórscaála ag an stát. Áirítear leo sin an scrúdú atá á dhéanamh againn ar an gCárta Seirbhísí Poiblí; ar an gcóras clárúcháin don chárta; agus ar an gceanglas éigeantach atá ann go dtáirg-fí an cárta thar aon chineál aitheantais eile le haghaidh seirbhísí áirithe stáit nach seirbhísí leasa shóisialaigh iad. Áirítear leo freisin an scrúdú atá á dhéanamh againn ar an bhfaireachas a dhéanann gníomhaireachtaí stáit ar spásanna poiblí agus ar shlándáil na próiseála sonraí a dhéanann Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Tá a lán cuideachtaí ilnáisiúnta Idirlín agus teicneolaíochta lonnaithe in Éirinn, ar ndóigh, agus, sa bhliain 2018, d'oscail an Coimisiún fiosrúcháin ar na gníomhaíochtaí próiseála sonraí de chuid Facebook, Apple, Twitter, LinkedIn, WhatsApp agus Instagram. Féachadh ar shaincheisteanna éagsúla sna fiosrúcháin sin, idir shárúithe sonraí mórscaála, an bunús dlí don phróiseáil agus chur i láthair trédhearcach d'úsáideoirí. Is dóigh go mbainfidh gach ceann de na fiosrúcháin sin céim an chinnte agus an bhreithniúcháin amach níos déanaí i mbliana. Maidir leis an anailís a dhéanfar ar na fiosrúcháin sin agus na tátail a bhainfear astu, tá sé ar intinn againn go mbeidh siad ina bhfasach do phrionsabail an Rialacháin Ghinearálta a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ar fud na bpríomhghnéithe de sheirbhísí Idirlín agus teicneolaíochta fógraíochta. Cé nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil réimsí riosca le scrúdú in earnálacha eile seachas seirbhísí Idirlín saor in aisce, ba ar an réimse sin a bhain na gearáin agus na sárúithe tosaigh a cuireadh in iúl don Choimisiún. Is gá aire a thabhairt ar an réimse sin i bhfianaise na gcéadta milliún úsáideoir atá i gceist leis freisin.

Comhar ar leibhéal an Aontais

Oibrímid le rialálaithe eile san Aontas ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus coinníonn siad súil ghéar ar ár gcuid gníomhaíochtaí agus torthaí. Déanann siad amhlaidh toisc go bhféadfadh na gníomhaíochtaí próiseála de chuid cuideachtaí Idirlín atá lonnaithe in Éirinn dul i bhfeidhm ar líon suntasach daoine i ngach Ballstát den Aontas. Is dian an rud é gníomhaíocht an Bhoird Eorpaigh. Tionólaíonn sé cruinnithe iomlánacha gach mí agus tá córas nua um chomhroinnt sonraí ar líne á chur i bhfeidhm aige idir na húdaráis faoi láthair le haghaidh cásanna próiseála trasteorann. Is é an Coimisiún atá i gceannas ar threoir ón mBord Eorpach maidir le Cóid Iompair faoin Rialachán Ginearálta a fhorbairt, agus ba cheart go ndéanadh an Bord Eorpach iad sin a cheadú agus a fhoilsiú sa chéad ráithe den bhliain 2019. Tá an Coimisiún ag tnúth leis an tráth a ghlacfaidh an tionscal leis na Cóid Iompair agus a bhainfidh an tionscal caighdeán níos airde ó thaobh cosaint sonraí agus trédhearcachta de amach in earnálacha aonair. Beidh tábhacht ag baint leis na Cóid Iompair toisc go léireofar iontu ar bhealach cuimsitheach comhthéacs agus fíorscéal na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí in aon earnáil ar leith. Chomh maith leis sin, gheobhaidh siad sin a chlárú leo soiléire maidir leis na caighdeáin a bheidh le baint amach acu agus maidir leis an bhfaireachán seachtrach a dhéanfaidh comhlacht neamhspleách orthu. Beidh na Cóid Iompair ina sásra trína soiléireofar caighdeáin agus brúfar fíorthorthaí chun cinn dá mbarr.

Leanaí

Sa chomhthéacs seo, sheol an Coimisiún comhairliúchán mórscaála maidir le próiseáil sonraí leanaí. Tá an comhairliúchán ar oscailt d'aighneachtaí ó aon pháirtí suas go dtí an 1 Márta 2019. Tá sruth speisialta den chomhairliúchán á reáchtáil i scoileanna agus in ionaid Ógtheagmhála le linn na chéad ráithe den bhliain 2019 chun na tuairimí atá ag leanaí idir 8 mbliana d'aois agus 16 bliana d'aois ar na saincheisteanna lena mbaineann a fháil. Féachfar ar na nithe seo a leanas sa chomhairliúchán:

- conas agus cén uair a fhéadfaidh leanaí a gcearta féin a fheidhmiú go neamhspleách ar a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí agus ar na comhthéacsanna ina bhféadfaidh siad déanamh amhlaidh;
- cén uair ba cheart cead a bheith ag leanaí clárú le haipheanna saor in aisce astu féin;
- conas ba cheart do sholáthraithe seirbhíse aois a gcuid úsáideoirí a fhíorú; agus
- conas ba cheart ceadú tuismitheora nó caomhnóra a lorg agus a fhíorú, más gá.

Cuirfidh an Coimisiún treoirnóta dea-chleachtais le chéile ina léireofar torthaí an chomhairliúcháin agus, ar deireadh, beimid ag súil leis go nglacfaidh an tionscal Cóid Iompair ina seasfar leis na caighdeáin sin.

** <https://www.rte.ie/radio1/liveline/programmes/2018/1107/1009323-liveline-wednesday-7-november-2018/>

Tá Bliain Mhór Romhainn


Táthar ag súil leis go n-eascróidh a lán píosaí cásdlí tábhachtacha nua as Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2019. Táthar ag tnúth go mór leis an tuairim ón Abhcóide Ginearálta agus leis an rialú ón gCúirt Bhreithiúnais i gcás Planet49 ar mhaithe le treoir a fháil maidir le trédhearcacht agus toiliú ó thaobh fianán de. Táthar ag súil leis gur i mbliana freisin a éistfear an cás tagartha ón Ard-Chúirt in Éirinn maidir lena bhailí atá Clá-sail Chonartha Chaighdeánacha agus a dhéanfar cinneadh ar an gcás sin. Tabharfar gníomhartha forfheidhmiúcháin eile ó gach údarás cosanta sonraí san Aontas chun críche freisin, rud a thabharfaidh léargas breise dúinn ar an dóigh a mbíonn prionsabail an Rialacháin Ghinearálta á léiriú i gcásanna difriúla.

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun an leathnaithe le ceithre bliana anuas agus leanfaimid ag leathnú. Ag teacht sna sála ar mhórfheachtas earcaíochta a reáchtáladh sa bhliain 2018, chuaigh 30 ball foirne nua isteach sa Choimisiún faoi dheireadh mhí na Nollag. Chuaigh 20 duine eile ar bord ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2019, a fhágann go n-oibríonn 135 dhuine sa Choimisiún anois. Earcóimid 30 ball foirne eile i mbliana chun freastal ar éilimh na gcúraimí a leagtar orainn faoin Rialachán Ginearálta agus chun luach poiblí a sholáthar sa réimse seo, ar réimse é atá ríthábhachtach don tsochaí. Chun buntacú lenár misean, seolfaidh an Coimisiún comhairliúchán ar straitéis rialála cúig bliana go luath i ráithe 2 den bhliain 2019. Lena linn sin, éascófar ionchur leathan ó gheallsealbhóirí maidir leis an dóigh a n-úsáidfimid ár n-acmhainní agus a ndéanfaimid cinntí rialála ar mhaithe leis na torthaí is fearr a sholáthar, lena n-áireofar iompraíochtaí a bhaineann comhlíonadh cosmaideach amach agus a chomhlíonann ionchais tomhaltóirí araon. Bliain mhór a bheidh i gcéad bhliain féilire iomlán an Rialacháin Ghinearálta — coinnímis i dteagmháil lena linn.




Helen Dixon

An Coimisinéir Cosanta Sonraí



1

Coimisiún nua um Chosaint Sonraí — Róil agus Freagrachtaí



Lá stairiúil ar fud an Aontais Eorpaigh ba ea an 25 Bealtaine 2018 de bharr theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba ar an lá sin freisin a tosaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, agus a bunaíodh Coimisiún nua um Chosaint Sonraí in Éirinn. Mar thoradh ar an gcreat dlíthiúil nua sin, tháinig bunathrú chun cinn i réimse na rialála cosanta sonraí, neartaíodh na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus cuireadh leis na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair.

Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, agus de réir na reachtaíochta nua sin, níl an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina údarás cosanta sonraí a dhíríonn ar an scéal sa tír seo amháin a thuilleadh. Ina ionad sin, tá sé ina údarás maoirseachta a bhfuil sainchúram ar fud an Aontais Eorpaigh air anois, agus é freagrach as na cearta príobháideachta sonraí atá ag na milliúin duine aonair ar fud an Aontais a chosaint.

Is é seo an chéad tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún nua. Ullmhaíodh í de réir alt 24 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus cumhdaítear inti an tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018.

Feidhmeanna an Choimisiúin nua

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Dá réir sin, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta in Éirinn atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679).

Áirítear iad seo a leanas le croífhaidhmeanna an Choimisiúin faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta in Éirinn:

- feabhas a bhrú chun cinn ar chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí ag rialaitheoirí sonraí agus ag próiseálaithe sonraí;
- gearáin ó dhaoine aonair a bhaineann le sárú féideartha ar a gcearta cosanta sonraí a láimhseáil;
- fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh ar shárúithe féideartha ar an reachtaíocht cosanta sonraí;
- feasacht a mhéadú i measc eagraíochtaí agus an phobail ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta atá ann i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil; agus
- obair i gcomhar le húdaráis chosanta sonraí i mBallstáit eile den Aontas ar shaincheistean amhail gearáin agus sárúithe líomhnaithe a bhaineann le próiseáil trasteorann.

Gníomhaíonn an Coimisiún mar údarás maoirseachta do phróiseáil sonraí pearsanta faoi roinnt creataí dlíthiúla breise. Áirítear leo sin an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir 2016/680, arna trasú in Éirinn leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018), a bhfuil feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí acu i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó i ndáil le pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Chomh maith leis sin, comhlíonann an Coimisiún feidhmeanna áirithe maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs cumarsáidí leictreonacha faoi na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011).

Cé go ndéanann an Coimisiún rialáil faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, i leith fhormhór na n-oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta (nach oibríochtaí fhorfheidhmiú an dlí iad) atá ar siúl ón 25 Bealtaine 2018 i leith, leanann sé lena fheidhmeanna rialála faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, a chomhlíonadh i leith gearáin agus imscrúduithe ar shárúithe féideartha a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018. Déanann sé amhlaidh freisin i leith gearáin agus sárúithe féideartha a bhaineann le catagóirí próiseála teoranta áirithe eile, is cuma cé acu a rinneadh an phróiseáil sin roimh an 25 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh.

Mar aon leis an reachtaíocht shonrach um chosaint sonraí, tá thart ar 20 píosa reachtaíochta eile ann lena bpléitear

le próiseáil sonraí pearsanta. Cumhdaítear leo sin roinnt réimsí earnála éagsúla ar ina leith nach mór don Choimisiún an fheidhm maoirseachta atá leagtha air faoin reachtaíocht a chur i gcrích.

Coiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin

Is é atá i gCoiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin ná an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an cúigear Leas-Choimisinéirí. Déanann an Coimisinéir agus na comhaltaí eile den Choiste Ardbhainistíochta maoirseacht ar bhainistíocht chúí agus rialachas cuí na heagraíochta ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016). Leanann an Coiste Ardbhainistíochta sceideal foirmiúil nithe atá le breithniú agus le cinneadh, de réir mar is cuí, chun formhaoirseacht agus rialú éifeachtach na heagraíochta a chinntiú.

Tá na daoine seo a leanas ar an gCoiste Ardbhainistíochta:

- Helen Dixon Uas. (an Coimisinéir Cosanta Sonraí);
- Anna Morgan Uas. (Leas-Choimisinéir — Ceann Gnóthaí Díl);
- An tUas. Dale Sunderland (Leas-Choimisinéir — Ceann um Maoirseacht ar Chuideachtaí Ilnáisiúnta Teicneolaíochta agus Imscrúduithe, Réamhchomhairliúchán agus Teagmháil);
- Jennifer O'Sullivan Uas. (Leas-Choimisinéir — Ceann Straitéise, Oibríochtaí agus Gnóthaí Idirnáisiúnta);
- An tUas. John O'Dwyer (Leas-Choimisinéir — Ceann um Shárúithe, Gearáin, Imscrúduithe agus Aistrithe); agus
- Marita Kinsella Uas. (Leas-Choimisinéir — Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus Gníomhaíocht na Chéad Fhreagartha).

Cistiú agus Riarachán

Gné bhunúsach den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí is ea go bhfuil an t-údarás cosanta sonraí i ngach Ballstát den Aontas Eorpach neamhspleách agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta ar Rialtas na hÉireann a chinntiú go bhfuil ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais agus na háitribh agus an bonneagar a theastaíonn uaidh ionas gur féidir leis a fheidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach. Ceanglaítear ar an rialtas i ngach Ballstát den Aontas an méid sin a dhéanamh dá údarás cosanta sonraí féin freisin.

Is ó fhoinsí Stáitchiste amháin a chistítear an Coimisiún. Déanann sé amhlaidh ionas gur féidir leis an gCoimisiún an sainordú atá aige mar chomhlacht maoirseachta neamhspleách in Éirinn le haghaidh seasamh le cearta cosanta sonraí a chomhlíonadh. Tríd an tacaíocht leanúnach atá tugtha aige do leathnú an Choimisiúin le blianta beaga anuas, leanann Rialtas na hÉireann lena thaispeáint go bhfuil sé tiomanta do sheasamh le cearta cosanta sonraí agus don ról lárnach a imríonn an Coimisiún i gcosaint sonraí a rialáil ar leibhéal an Aontais. Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an gcistiú atá faighte ag an gCoimisiún ón Rialtas, agus é ag méadú ó €1.7 milliún sa bhliain 2013 go leithdháileadh €11.6 milliún sa bhliain 2018 (rud a chuimsigh leithdháileadh pá €7.3 milliún agus leithdháileadh neamhphá €4.3 milliún). Cuireann an Coimisiún fáilte mhór roimh an tiomantas leanúnach atá ag an rialtas d'acmhainní a sholáthar chun freastal ar riachtanais an Choimisiúin le linn dó an ról méadaitheach atá aige mar phríomhúdarás maoirseachta ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh.

Ba ar bhonn lánbhliana a leithdháileadh cistiú ar an gCoimisiún faoi Bhuiséad 2018. De réir Chuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, aistríodh leithdháileadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí don bhliain 2018 chuig an gCoimisiún nua um Chosaint Sonraí tráth a bhunaithe an 25 Bealtaine 2018.

D'ullmhaigh an Coimisiún dhá ráiteas airgeadais don bhliain 2018. Cumhdaíodh sa chéad cheann an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 agus bhain sé le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cumhdaíodh sa dara ceann an tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 agus bhain sé leis an gCoimisiún nuabhunaithe um Chosaint Sonraí. Cuirfear an Ráiteas Airgeadais don Choimisiún don tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil seo ag gabháil leis seo tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ina leith.

Cuspóirí Straitéiseacha an Choimisiúin don bhliain 2018

Ag aithint dó gur tréimhse mór-bhunathraithe don Choimisiún mar chomhlacht rialála agus dá thimpeallacht rialála araon, i bhfianaise an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, a bheadh sa tréimhse ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2018, chuir an Coimisiún Ráiteas Straitéise i bhfeidhm. Leagadh amach sa Ráiteas Straitéise cuspóirí straitéiseacha a bhí sonrath

don athrú réabhlóideach a bhí ar siúl sa Choimisiún. Mar a bhí beartaithe, rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise sin ag deireadh na bliana 2018 chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne an Coimisiún in aghaidh a chuspóirí straitéiseacha agus chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha atá a mhisean, a fhís agus a luachanna go fóill.

De réir an Ráitis Straitéise ón gCoimisiún don bhliain 2017-2018, ba iad seo a leanas na príomhspriocanna don tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil seo:

1. Cumas agus acmhainn an Choimisiúin a fhorbairt tuilleadh chun ár ról breisithe faoin Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí, faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus faoin Rialachán maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a léiriú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- dul i mbun teagmháil réamhghníomhach leis an rialtas chun a chinntiú go bhfuil agann na cumhachtaí rialála a theastaíonn agus acmhainní airgeadais agus acmhainní eile, lena n-áirítear cóiríocht chuí agus foireann chuí, chun an Coimisiún a chumasú a ról a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach éifeachtúil;
- ár gcumas agus ár saineolas a neartú tuilleadh trí bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisoiliúint agus trí bhaill foirne a bhfuil sainscileanna acu a earcú ar bhealach spriocdhírthe; agus
- obair a chur i gcrích ar ár gcuid próiseas, córas (ár n-inniúlacht TFC san áireamh) agus struchtúr a athfhorbairt chun a chinntiú go leanfaimid le hobair go héifeachtach faoin gcóras nua cosanta sonraí.

2. Obair i gcomhar le húdaráis chosanta sonraí eile ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus le comhlachtaí rialála in earnálacha eile trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- caidreamh láidir éifeachtach a fhorbairt lenár macasamhlacha san Aontas agus le comhlachtaí rialála, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh um Theach Imréitigh Digiteach atá á reáchtáil ag an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí, rud ina dtugtar Rialálaithe ó réimse an Chomórtais, ó réimse na Cosanta Tomhaltóirí agus ó réimse na Cosanta Sonraí le chéile;
- dul i mbun teagmháil réamhghníomhach ar leibhéal an Aontais trí Mheitheal Oibre Airteagal 29 (a chuimsigh údaráis chosanta sonraí an Aontais) chun rannchuidiú le léiriú comhchuibhithe a fhorbairt ar na dlíthe nua, le treoir a ullmhú maidir leis an Rialachán Ginearálta agus le héabhlóid chreat nós imeachta an Aontais do na dlíthe nua roimh an 25 Bealtaine 2018;
- comhar déthaobhach agus comhroinnt dhéthaoibhach faisnéise a chur chun cinn ach óstáil a dhéanamh ar thoscaireachtaí ó údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas agus ar leibhéal

idirnáisiúnta agus a rannpháirtíocht in iniúchtaí agus cigireachtaí an Choimisiúin a údarú;



- páirt chuiditheach éifeachtach a ghlacadh sa Bhord Eorpach nua um Chosaint Sonraí ar mhaithe le rannchuidiú le cur chun feidhme comhsheasmhach cuí na ndlíthe nua agus ar mhaithe le comhsheasaimh agus comhfhreagairtí a cheapadh i leith aon fhorbairtí ó thaobh príobháideacht sonraí de a thiocfaidh chun cinn ar fud an Aontais; agus
 - leanúint le dlúthchaidreamh a chothú le húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí ar leibhéal idirnáisiúnta trí fhóiraim amhail an Líonra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachta agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta.
- 3. Dul i mbun comhairliúchán straitéiseach chun feabhas a bhrú chun cinn ar an bhfeasacht ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus ar chomhlíonadh cosanta sonraí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**
- spriocdhírú go réamhghníomhach ar eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí agus teagmháil a dhéanamh leo, go háirithe maidir leis an bpróiseáil sonraí is airde riosca, le próiseáil shistéamach sonraí agus le próiseáil mhórsála sonraí;
 - treoir atá soiléir, ar ardchaighdeán agus tráthúil a thabhairt do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí, lena n-áirítear tríd an leas is mó a bhaint as na meáin shóisialta agus as cainéil chumarsáide ar líne; agus
 - clár fairsing for-rochtana a sholáthar do gheallsealbhoirí ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta mar phríomhchain-teoirí ag comhdhálaacha agus páirt a ghlacadh in imeachtaí painéil agus ceardlainne.
- 4. Formhaoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a chinntiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**
- teagmháil éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhoirí, lenár macasamhlacha san Aontas agus le comhlachtaí rialála eile chun sainaitheint a dhéanamh ar phríomhréimsí droch-chleachtais agus neamhchomhlíonta thromchúisigh, rud a bhféadfadh go n-éileofaí bearta forfheidhmiúcháin ina leith;
 - gníomhaíocht rialála a shaothrú, lena n-áirítear smachtbhannaí a fhorchur ar bhealach atá dleathach, cothrom, comhréireach agus éifeachtach agus atá ag teacht le cur chuige comhchuibhithe an Aontais, agus é mar chuspóir foriomlán aici comhlíonadh níos fearr agus cuntasacht a bhrú chun cinn i measc eagraíochtaí maidir le seasamh lena n-obleagáidí i leith ábhair shonraí; agus
 - comhlíonadh feabhsaithe na n-obleagáidí cosanta sonraí a bhrú chun cinn trí imscrúduithe agus iniúchtaí ina ndírítear ar phróiseáil ardriosca sonraí pearsanta agus ar phróiseáil mhórsála sonraí pearsanta.

2

Súil Siar Ghairid ar an
Tréimhse ón 25 Bealtaine
go dtí an 31 Nollaig 2018




- Fuarthas **2,864** ghearán san iomlán agus ba sa chatagóir “Cearta Rochtana” a fuarthas an líon ba mhó gearán.
- Fuarthas **1,928** ngearán faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus fuarthas 936 ghearán faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.



- Den 1,928 ngearán a fuarthas faoin Rialachán Ginearálta, bhí **550** ceann fós á measúnú; bhí **510** gcinn sa chéim láimhseála gearán; agus bhí **868** gcinn curtha i gcrích.
- Cuireadh **612** ghearán i gcrích faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, freisin.


- Cé gur leanadh le formhór na ngearán a réiteach go cairdiúil, d’eisigh an Coimisiún **18** gcinneadh fhoirmiúla san iomlán. Seasadh leis an ngearán i **15** cinn díobh agus diúltaíodh don ghearán i **3** cinn díobh.
- Imscrúdaíodh **32** ghearán nua faoi I.R. Uimh. 336 de 2011 i ndáil le cineálacha éagsúla margaíochta díri leictreonaí. Díobh sin, bhain **18** gcinn le margaíocht ríomhphoist, bhain **11** cheann le margaíocht SMS (teachtaireachtaí téacs) agus bhain **3** cinn le teileamhargaíocht.
- Cuireadh roinnt de na himscrúduithe sin i gcrích tar éis don Choimisiún ionchúisimh a bhaint amach ina leith sa Chúirt Dúiche. Le linn na tréimhse, cuireadh ionchúisimh i gcrích in aghaidh cúig eintiteas i ndáil le 30 cion san iomlán faoi na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach.



- Fuair an Coimisiún **136** ghearán a bhain le próiseáil trasteorann tríd an sásra maidir le hlonaid Ilfhreastail a ndearna daoine aonair iad le húdaráis chosanta sonraí eile san Aontas.
- Láimhseáil an Coimisiún **48** ngearán maidir le sáruihte sonraí ó ábhair shonraí lenar bhain.
- Taifeadadh **3,542** shárú bhailí slándála sonraí. Ba sa chatagóir “Nochtadh Neamhúdaraithe” a fuarthas an líon ba mhó díobh.
- Bhain **38** gcinn de na sáruihte sonraí sin le **11** chuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta.



- Fuair an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe beagnach **31,000** teagmháil, a bhí comhdhéanta de thart ar **15,000** ríomhphost, **13,000** glao teileafóin agus **3,000** píosa comhfhreagrais a seoladh le casadh an phoist.
- D’oscail an tAonad Imscrúduithe Speisialta 31 fhiosrúchán dá thoil féin faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ar an bhfaireachas a dhéanann an earnáil stáit ar shaoránaigh chun críocha fhorfheidhmiú an dlí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí amhail TCI, ceamaraí coirp, córais um uathathint uimhirphlátaí, ladraínn agus teicneolaíochtaí eile.
- Lean an tAonad Imscrúduithe Speisialta leis an imscrúdú speisialta atá ar bun aige ar an gCárta Seirbhísí Poiblí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.



- Osclaíodh **15** fhiosrúchán (imscrúdú) reachtúla maidir leis an dóigh a bhfuil an Rialachán Ginearálta á chomhlíonadh ag cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta.
- Fuair an Coimisiún **16** cinn san iomlán d’iarrataí foirmiúla agus deonacha araon ar chúnamh frithpháirteach ó údaráis chosanta sonraí eile san Aontas maidir leis an earnáil cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta.
- Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí aonad meastóireachta agus measúnaithe ardeicneolaíochta (ar a dtugtar an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta) ar bun ag deireadh na bliana 2018, agus é mar chuspóir aige éifeachtacht fhoirne maoirseachta agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a chothú agus a uasmhéadú agus measúnú á dhéanamh acu ar rioscaí a bhaineann leis na córais agus an teicneolaíocht chasta atá i réim.
- Fuarthas **958** gceist comhairliúcháin ghinearálta (níl comhairliúcháin le cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta ar áireamh sna giúirí sin).



- Le linn na tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018, bhí forbairtí ann maidir le dlíthíocht an Choimisiúin san Ard-Chúirt, áit a raibh sé ag iarraidh tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca lena bhailí atá clásail chonarthaigh chaighdeánacha mar shásra aistrithe le haghaidh aistrithe sonraí idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe. I mí Iúil, dheonaigh an Chúirt Uachtarach cead do Facebook achomharc a dhéanamh in aghaidh na mbreithiúnas a thug an Ard-Chúirt i bhfabhar an Choimisinéara Cosanta Sonraí an 3 Deireadh Fómhair 2017 (arna leasú an 12 Aibreán 2018). Go mall sa bhliain 2018, reáchtáladh roinnt éisteachtaí nós imeachta sa Chúirt Uachtarach chun ullmhú don achomharc a éisteacht, a bhí ar siúl i mí Eanáir 2019. Agus an méid seo á scríobh, níltear ar an eolas faoi cén uair a thabharfar an breithiúnas ón gCúirt Uachtarach. Tá an tarchur a rinne an Ard-Chúirt chun na Cúirte Breithiúnais bailí fós agus tá sé ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.
- Lean an Coimisiún ag gníomhú, nó thosaigh sé ag gníomhú, mar phríomh-athbhreithnitheoir i ndáil le **11** iarratas ar Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha.
- Labhair baill foirne an Choimisiúin agus chuir siad ábhar i láthair ag níos mó ná **110** n-ócáid, lena áiríodh comhdhálacha, seimineáir agus cur i láthair d'eagraíochtaí aonair ó raon leathan earnálacha.
- Rinneadh príomhshuíomh Gréasáin an Choimisiúin — **www.dataprotection.ie** — a athdhearadh go suntasach agus a athsheoladh i ráithe 4 den bhliain 2018. Tairgtear ar an suíomh Gréasáin nua treoir fhairsing agus acmhainní fairsinge don phobal agus do rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí araon, ar nithe iad a tugadh cothrom le dáta nó a forbraíodh as an nua do chreataí reachtúla nua an Choimisiúin. Is féidir gearáin, fógraí faoi shárúithe sonraí agus ceisteanna ginearálta a chur faoi bhráid an Choimisiúin trína fhoirmeacha Gréasáin ar líne anois freisin.
- Chuir an Coimisiún borradh faoina ghníomhaíochtaí meán sóisialta ar Twitter agus ar LinkedIn idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018 agus, ag deireadh na bliana, bhí thart ar **10,000** leantóir san iomlán aige ar an dá ardán agus bhí sé in ann dul i bhfeidhm ar na céadta míle duine gach mí.
- Seoladh an chéad sruth de chomhairliúcháin poiblí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an 19 Nollaig 2018, agus é le dúnadh an 1 Márta 2019. Ba é an aidhm a bhí leis an sruth sin den chomhairliúchán ná dul i dteagmháil le geallsealbhóirí is aosaigh, lena n-áirítear tuismitheoirí, teagascóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do chearta leanaí, eagraíochtaí cosanta leanaí, comhlachtaí ionadaíochta do thuismitheoirí agus do theagascóirí, agus eagraíochtaí a dhéanann sonraí leanaí a bhailiú agus a phróiseáil.
- Go mall sa bhliain 2018, chuir an Coimisiún tús le tionscadal suntasach chun straitéis rialála nua cúig bliana de chuid an Choimisiúin a fhorbairt. Is é a bheidh i gceist leis sin comhairliúchán seachtrach fairsing a dhéanfar sa bhliain 2019, rud a bheidh ina chuid dhílis den anailís agus den bhreithniú a dhéanfaimid ar ár straitéis sheasmhach agus de na conclúidí a dtiocfaimid orthu ina leith.
- Fuair an Coimisiún **900** fógra faoi Oifigigh Chosanta Sonraí.
- Bunaíodh Aonad nua Feidhmíochta Oibriúcháin sa dara leath den bhliain 2018 chun clár leanúnach athruithe an Choimisiúin a bhrú chun cinn.

Labhair agus curtha i láthair ag imeachtaí ar os a chionn

110
ócáidí

10,000
leanúna

900
Oifigeach Cosanta
Sonraí fógraí

3

Gearáin



Ó chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, tháinig méadú suntasach ar an líon gearán a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Fuair an Coimisiún 2,864 ghearán idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

Ba faoi dhá chreat dlíthiúla chomhthreomhara shub-stainteacha a fuair an Coimisiún gearáin le linn na tréimhse sin:

- Ní mór don Choimisiún gearáin agus sárúithe féideartha a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018, nó a tharla roimh an dáta sin, a láimhseáil faoi chuimsiú chreat na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; agus
- Ina theannta sin agus ar leithligh, ní mór don Choimisiún gearáin a bhaineann leis an tréimhse tar éis an 25 Bealtaine 2018 a láimhseáil faoin gcreat dlíthiúil nua ón Aontas Eorpach — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí — agus faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta do na dlíthe sin/lena dtrasuitear na dlíthe sin.

Láimhseáil gearán faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

Tá brí an-sonrach leis an téarma “gearán” faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (agus faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí) agus faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena gcuirtear na dlíthe sin chun feidhme.

Chun a mheas gur gearán é aon chumarsáid — agus, dá bhrí sin, chun go mbeidh oibleagáidí reachtúla láimhseála gearán ar an gCoimisiún ina leith — ní mór go dtiocfaidh an chumarsáid faoi cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Féadfaidh duine aonair gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún. Má táthar chun a mheas gur “gearán” de réir bhrí an dlí é, áfach, ní mór go mbainfidh an gearán le próiseáil shonraí pearsanta an duine aonair agus ní mór go dtabharfar le fios ann freisin go gcreideann an duine aonair go ndearna an rialaitheoir nó an próiseálaí lena mbaineann an gearán sárú ar an Rialachán Ginearálta, ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí nó ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
- Féadfaidh duine aonair gearán a dhéanamh thar ceann duine eile freisin i gcás go mbeidh teidíocht dlíthiúil nó údarú dlíthiúil ann chun déanamh amhlaidh thar ceann an duine eile sin; agus

- Aithnítear go sonrach anois sa Rialachán Ginearálta, sa Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhféadfaidh cineálacha áirithe comhlachtaí neamhbhrabúis a bhfuil cuspóirí cosanta sonraí nó príobháideachta acu gearán a dhéanamh thar ceann duine aonair a thug údarás dóibh déanamh amhlaidh. Mar an gcéanna, má táthar chun a mheas gur gearán de réir bhrí an dlí é, ní mór go mbainfidh an gearán le sonraí pearsanta an duine a ndearnadh an gearán thar a cheann agus ní mór go mbainfidh sé freisin le sárú líomhnaithe ar an Rialachán Ginearálta, ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Le linn an phróisis láimhseála gearán, tá oibleagáid ar an gCoimisiún an t-eolas is deireanaí a thabhairt don ghearánach faoi dhul chun cinn an ghearán uaidh agus, ar deireadh, fógra a thabhairt don ghearánach faoi thoradh an ghearán. Eisíonn an Coimisiún an t-eolas is deireanaí chuig gearánaigh gach trí mhí, de réir na n-oibleagáidí atá air.

Díreach roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta, tháinig méadú suntasach ar aird an phobail ar shaincheisteanna agus cearta cosanta sonraí mar thoradh ar fheachtais feasachta an Choimisiúin agus ar chlúdach leathan na meán ar na hathruithe a thabharfaí isteach leis an Rialachán Ginearálta. Bhí sé sin le feiceáil sa mhéadú ar an líon gearán a fuair an Coimisiún tar éis an 25 Bealtaine 2018 i ndáil leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a rinneadh faoin gcóras reachtach roimhe.

Den 2,864 ghearán a fuair an Coimisiún idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, láimhseáladh 1,928 gcinn faoin Rialachán Ginearálta agus láimhseáladh 936 cinn faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, ba iad “larrataí ar Rochtain” an chatagóir ba choitianta de chineálacha gearán a fuair an Coimisiún idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Tháinig laghdú ar a sciar de na gearáin uile, áfach. Fuarthas a lán gearán a bhaineann le “Próiseáil Éagórach Sonraí” agus “Nochtadh” arís eile le linn na bliana.

Sa tréimhse idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, d’eisigh an Coimisinéir 18 gcinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Seasadh go hiomlán leis an ngearán i 15 cinn díobh agus diúltaíodh don ghearán i dtrí cinn díobh.


Gearáin faoi Mhargaíocht Dhíreach Leictreonach

Le linn na tréimhse atá i gceist, imscrúdaíodh 32 ghearán nua san iomlán faoi I.R. Uimh. 336 de 2011 i ndáil le cineálacha éagsúla margaíochta dírí leictreonaf.

Den 32 ghearán a imscrúdaíodh, bhain 18 gcinn le margaíocht ríomhphoist, bhain 11 cheann le margaíocht SMS (teachtaireachtaí téacs) agus bhain trí cinn le teileamhargáíocht.

Chuireamar 41 imscrúdú ar ghearáin faoi mhargaíocht leictreonach i gcrích le linn na tréimhse atá i gceist.

Léirítear sa dá thábla seo a leanas na cineálacha gearán a fuair an Coimisiún faoin Rialachán Gin-earálta maidir le Cosaint Sonraí (Tábla 1) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2003 (Tábla 2).




An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 (25 Bealtaine – 31 Nollaig 2018) — Miondealú de réir cineál gearán

	Céatadán	Iomlán
Ceartha Rochtana	30%	582
Gearáin faoi Chuideachtaí Ilnáisiúnta — Eile	22%	396
Próiseáil Éagórach Sonraí	15%	285
Nochtadh	11%	217
Margaíocht Dhíreach Leictreonach	6%	111
Fáil Chóir	5%	100
Úsáid a bhaint as Píosaí Scannáin TCI	2%	35
Mainneachtain sonraí a dhaingniú	2%	33
Díliostú ó Thorthaí Inneall Cuardaigh	2%	31
An Ceart go nDéanfaí Ceartú	2%	30
Coinneáil	1%	28
Gearáin faoi Chuideachtaí Ilnáisiúnta — Ceartha Rochtana	1%	25
Cruinneas	<1%	16
Sonraí Iomarcacha	<1%	16
Rochtain Neamhúdaraithe	<1%	9
Críoch Shonraithe	<1%	6
Margaíocht Dhíreach Phoist	<1%	4
Bithmhéadracht	<1%	4
IOMLÁN	100%	1,928

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988
agus 2003 (25 Bealtaine – 31 Nollaig 2018) —
Miondealú de réir cineál gearán

	Céatadán	Iomlán
Ceartha Rochtana	39%	365
Próiseáil Éagórach Sonraí	19%	178
Nochtadh	15%	138
Fáil Chóir	8%	74
Margaíocht Dhíreach Leictreonach	4%	36
Úsáid a bhaint as Píosaí Scannáin TCI	3%	29
Mainneachtain sonraí a dhaingniú	2%	19
Coinneáil	2%	15
Díliostú ó Thorthaí Inneall Cuardaigh	2%	14
Sonraí Iomarcacha	2%	13
Críoch Shonraithe	2%	12
An Ceart go nDéanfaí Ceartú	1%	10
Cruinneas	<1%	9
Rochtain Neamhúdaraíthe	<1%	9
Gearáin faoi Chuideachtaí Ilnáisiúnta — Eile	<1%	7
Gearáin faoi Chuideachtaí Ilnáisiúnta — Ceartha Rochtana	<1%	5
Margaíocht Dhíreach Phoist	<1%	2
Bithmhéadracht	<1%	1
IOMLÁN	100%	936



Céatadán Iomlán

CÁS-STAIDÉAR 1

Sonraí a bheith á dtarchur ag Roinn Rialtais trí WhatsApp

(An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán in aghaidh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála á líomhain gur chomhroinn an misean i gCaireo, an Éigipt, sonraí pearsanta an ghearánaigh le tríú páirtí (a fhostóir) gan a eolas ná a thoiliú agus gur mhainnigh an Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh a choinneáil slán sábháilte, agus WhatsApp á úsáid aici chun na sonraí a tharchur chuig a fhostóir. Bhain an cás seo leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta an ghearánaigh, a tugadh in iarratas ar víosa ghearrthéarmach a chuir sé isteach chun scrúdú a dhéanamh in Éirinn.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir an Roinn in iúl dúinn go mbíonn sé mar ghnáthchleachtas aici cruinneas agus iomláine na n-iarratas agus bailíocht na ndoiciméad tacaíochta a mheas agus iarratais ar víosa á bpróiseáil aici. Dar leis an Roinn, tháinig amhras chun cinn faoina fhírinn a bhí doiciméad tacaíochta amháin a chuir an gearánach isteach, rud ar airbheartaíodh gur shínigh a fhostóir é. Chun bailíocht an doiciméid a fhíorú, rinne ball foirne i misean Chaireo teagmháil leis an bhfostóir (ar oifigeach de chuid gníomhaireacht rialtais san Éigipt é, a raibh a ainm agus a shíniú le feiceáil ar an doiciméad) thar an teiléafón toisc go raibh sé sa riocht is fearr chun an bharántúlacht a fhíorú. Dheimhnigh an fostóir gur ghá dó an doiciméad a fheiceáil sula bhféadfadh sé é a fhíorú. Ós rud é nach raibh aon seoladh ríomhphoist oifigiúil aige, ní raibh sé in ann é a fháil ach amháin trí WhatsApp. D'inis an Roinn dúinn gurbh amhlaidh, sular sheol sí na sonraí trí WhatsApp, go ndearna sí measúnú riosca áitiúil, ar lena linn a d'fhéach sí ar an tslándáil/an criptiú a bhaineann le WhatsApp. Bunaithe ar an gcriptiú ó cheann ceann atá ar fáil ar WhatsApp agus mar gheall ar phráinne an iarratais ar víosa, mar a leag an gearánach amach san iarratas uaidh, tháinig an Roinn ar an gconclúid go raibh sé sin ar an modh tarchuir is sláine a bhí ar fáil. Sa chomhthéacs sin, chuir an Roinn in iúl dúinn nach bhfuil rochtain ag a lán oifigeach rialtais agus státseirbhíseach san Éigipt ar chuntais/córais ríomhphoist oifigiúla agus go n-úsáideann siad seirbhísí amháil Gmail, Hotmail, WhatsApp agus Viber go minic chun gnó oifigiúil a sheoladh. Sa chás seo, dheimhnigh an t-oifigeach rialtais a bhí i gceist go raibh WhatsApp ar an aon mhodh cumarsáide amháin a bhí ar fáil dó.

Seoladh na doiciméid trí WhatsApp ach úsáid a bhaint as fón póca an aon bhaill foirne amháin i misean Chaireo a raibh WhatsApp aige. Scríosadh na doiciméid ón ngléas díreach tar éis iad a sheoladh. Mar a tharla ar deireadh, d'inis an t-oifigeach do mhisean Chaireo go raibh na doiciméid calaoiseach agus diúltaíodh don iarratas ar víosa dá bharr sin.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dúirt an gearánach linn go raibh cúiteamh arbh fhiú €3,000 é á lorg aige ón Roinn. Ba é sin an costas ar an scrúdú a dhéanamh in Éirinn, costas a chaill sé. Tar éis don Choimisiún a chur in iúl don ghearánach nach raibh sé de chumhacht aici cúiteamh a dhámhachtain, d'iarr an gearánach cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún.

Agus é ag breithniú cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar na hAchtanna nuair a sheol an Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh chuig an oifigeach a bhí i gceist trí WhatsApp, rinne an Coimisiún iarracht teacht ar na fíricí maidir le cé acu ba ghá nó nár ghá an fhaisnéis a bhí i gceist a tharchur ar an gcéad dul síos agus, ar an dara dul síos, cé acu a bhí nó nach raibh an tarchur slán, lena áiríodh an cheist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an Roinn in ann modhanna níos sláine a úsáid chun na sonraí a tharchur. Ar an gcéad cheist, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur ghá don Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh a chomhroinnt leis an oifigeach, a bhí ainmnithe mar fhostóir san iarratas ar víosa ghearrthéarmach agus ar airbheartaíodh gur shínigh sé doiciméid tacaíochta áirithe. Maidir leis sin, thugamar faoi deara go luaitear go sainráite sa bheartas príobháideachta ábhartha (an beartas atá i bhfeidhm ag Seirbhís Eadóirseachta

agus Inimirce na hÉireann) gur ar an iarratasóir atá an dualgas cruthúnais i ndáil le haon iarratas ar víosa agus go bhféadfaidh an t-oifigeach víosa fíorú a dhéanamh ar aon fhianaise a chuirfear isteach chun tacú le hiarratas. Luaitear sa bheartas freisin go bhféadfar aon fhaisnéis a thabharfar i bhfoirm iarratais a nochtadh do rialtais eachtracha agus do chomhlachtaí eile, i measc daoine eile, chun críocha inimirce.

Ós rud é nach raibh aon mhodhanna slána eile ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach a bhí i gceist, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur ghá an fhaisnéis a tharchur trí WhatsApp chun na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche ar chuici soláthraíodh iad (incháilitheacht do víosa). Ba dheimhin leis freisin gur tugadh fógra don ghearánach á rá go bhféadfaí doiciméid tacaíochta a chomhroinnt le tríú páirtithe chun barántúlacht a fhíorú. Thug an Coimisiún aird freisin ar an bhfíric go bhfuarthas amach sa mheasúnú riosca áitiúil a rinne an Roinn gur tharla sé, sna himthosca, go raibh

WhatsApp ar an modh tarchuir is sláine chun na sonraí pearsanta a sheoladh. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur ghníomhaigh an Roinn i gcomhréir leis na hAchtanna.

Ba chás eisceachtúil é seo, a d'eascair as na himthosca ar leith ar an talamh sa tír a bhí i gceist. B'amhlaidh go raibh WhatsApp ar an modh is sláine a bhí ar fáil chun faisnéis a tharchur chun críocha oifigiúla agus, cé gur oifigeach rialtais é, ní raibh aon rochtain ag fostóir an ghearánaigh ar chóras cumarsáide oifigiúil trína bhféadfaí na sonraí pearsanta a tharchur. Sa chás seo, cuireadh na príomhphrionsabail chosanta sonraí um riachtanas agus um chomhréireacht agus comhthéacs uathúil na próiseála a bhí i gceist sa mheá agus chinn an Coimisiún gur ghníomhaigh an Roinn i gcomhréir leis na hAchtanna. Ní dóigh go ndéanfaí an cinneadh céanna i gcás coibhéiseach ina raibh cainéil chumarsáide oifigiúla eile ar fáil chun na sonraí pearsanta a bhí sna doiciméid tacaíochta a tharchur.

CÁS-STAIDÉAR 2

Píosáí scannáin TCI a bheith á soláthar ag teach tábhairne d'fhostóir (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán in aghaidh teach tábhairne i lár na cathrach á líomhain go ndearna sé sonraí pearsanta an ghearánaigh, mar a bhí i bpíosáí scannáin TCI, a nochtadh dá fhostóir gan a eolas ná a thoiliú agus nach raibh comharthaí cuí TCI in airde aige lenar tugadh fógra don phobal go raibh ábhar TCI á thaifeadadh.

Le linn ár n-imscrúdaithe, fuaireamar amach gur óstáil eagraíocht is fostóir imeacht sóisialta dá foireann sa teach tábhairne ar an oíche a bhí i gceist. Bhí an gearánach ina fhostaí de chuid na heagraíochta sin agus d'fhreastail sé ar an imeacht sóisialta sa teach tábhairne. Bhí teagmhas ann idir an gearánach agus fostaí eile le linn an imeachta shóisialta agus líomhnaíodh go raibh ionsaí tromchúiseach ann. Cuireadh fios ar an nGarda Síochána teacht chun an áitribh ar an oíche a bhí i gceist. Thuairiscigh an bainisteoir agus an príomhfhreastalaí ag an am an teagmhas do stáisiún áitiúil an Gharda Síochána arís an lá dár gcionn. Fuaireamar amach gur tháinig an fostóir ar an eolas faoin teagmhas agus go ndearna sé teagmháil leis an teach tábhairne chun na tuairiscí a fuair sé a fhíorú. Ar deireadh, lig bainisteoir an tí tábhairne d'oifigeach acmhainní daonna ón bhfostóir amharc ar na píosaí scannáin TCI ar an áitreabh. Tar éis dó amharc orthu, mheas an t-oifigeach acmhainní daonna gur theagmhas tromchúiseach é an teagmhas agus d'farr sé cóip de na píosaí scannáin ionas go bhféadfadh an fostóir an tsaincheist a phlé leis an gearánach. Lig an bainisteoir don oifigeach

acmhainní daonna cóip de na píosaí scannáin a thaifeadadh ar a fhón póca toisc nár éirigh leis na píosaí scannáin a íoslódáil.

Bhreithnigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh bunús dlí ann, faoi fhoras 'leasanna dlisteanacha' an rialaitheora sonraí nó aon tríú páirtí faoi alt 2A(1)(d) de na hAchtanna, lena gceadófaí don teach tábhairne sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil trí pháirtí scannáin TCI a sholáthar don fostóir. Faoin bhforáil sin, is ceadmhach próiseáil a dhéanamh i gcás gur gá déanamh amhlaidh 'chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí nó ag tríú páirtí nó páirtithe a bhfuil na sonraí á nochtadh dóibh, seachas i gcás nach mbeidh údar ann leis an bpróiseáil in aon chás ar leith de bhrí go ndéanfaí dochar do chearta bunúsacha nó saoirsí bunúsacha an ábhair shonraí.

Le linn dó anailís a dhéanamh ar an gcás seo, bhí aird ag an gCoimisiún ar an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gcás phóilíní slándála réigiún Ríge. Sa chás sin, bhreithnigh an Chúirt Bhreithiúnais cur i bhfeidhm Airteagal

7(f) den Treoir um Chosaint Sonraí (95/46/CE), ar a bhfuil alt 2A(1)(d) bunaithe, agus shainithin sí trí choinníoll nach mór a chomhlíonadh sa phróiseáil chun údar a thabhairt léi, is iad sin:

- a) Ní mór go mbeidh leas dlísteanaigh ann a thabharfaidh údar leis an bpróiseáil;
- b) Ní mór go mbeidh próiseáil na sonraí pearsanta riachtanach chun an leas dlísteanaigh a réadú; agus
- c) Ní mór go mbeidh forlámhas ag an leas sin ar chearta agus leasanna an ábhair shonraí.

Fuair an Coimisiún amach le linn a imscrúdaithe gurb amhlaidh, ag eascairt as an teagmhas a bhí i gceist, gur líomhnaíodh go ndearna an gearánach ionsaí tromchúiseach ar chomhghleacaí dá chuid agus gur sholáthair an teach tábhairne cóip de na píosaí scannáin TCI d'fhostóir an ghearánaigh ionas go bhféadfadh an fostóir imscrúdú cuí a dhéanamh ar an teagmhas agus ar na líomhaintí. Ós rud é gur tharla an timpiste le linn imeacht sóisialta de chuid an fhostóra, thug an Coimisiún aird ar an mbaol go bhféadfadh an fostóir bheith faoi dhliteanas i leith aon díobhála a d'fhulaing aon fhostaí le linn an teagmhais. Dá réir sin, próiseáladh na píosaí scannáin TCI ar mhaithe leis an oibleagáid a bhí ar an bhfostóir sláinte agus sábháilteacht a chuid fostaí a chosaint. Ós rud é gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl roimhe seo gur leas dlísteanaigh é an tsláinte a chosaint, ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh leas dlísteanaigh ann in údar a thabhairt leis an bpróiseáil. Chinn an Coimisiún freisin go raibh nochtadh na bpíosaí scannáin TCI sa chás seo riachtanach do na leasanna dlísteanaigh a bhí á saothrú ag an bhfostóir ionas go bhféadfadh sé na líomhaintí go ndearna an gearánach éagóir a imscrúdú agus a bhailíochtú. Chinn an Coimisiún, ar aon dul leis na tuairimí ón Abhcóide Ginearálta Bobek i gcás phóilíní slándála réigiún Ríge, go bhfuil sé tábhachtach nach n-úsáidtear cosaint sonraí chun críocha bachtacha i gcásanna ina bhfuil méid beag sonraí pearsanta i gceist. Sna himthosca sin, chinn an Coimisiún nach mbeadh sé réasúnach a bheith ag súil leis go ndiúlódh an teach tábhairne don iarraidh ón fhostóir amharc ar na píosaí scannáin TCI agus cóip díobh a thógáil i gcomhthéacs líomhaintí faoi ionsaí tromchúiseach ar a áitreabh, go háirithe toisc go raibh na sonraí pearsanta teoranta don teagmhas a bhí i gceist agus nár nochtadh ar shlí eile iad. Maidir le leas an fhostóra a

chothromú in aghaidh chearta agus leasanna an ghearánaigh, bhí aird phríomha ag an gCoimisiún ar chomhthéacs na próiseála, áit a bhfuair an teach tábhairne iarraidh go n-amharcaí ar theagmhas tromchúiseach ar a áitreabh agus go soláthrófaí cóip de na píosaí scannáin den teagmhas, rud ar mheas an teach tábhairne go raibh sé sách tromchúiseach lena thuairisciú don Gharda Síochána. Dá ndiúltofaí don iarraidh, d'fhéadfadh go gcuirfí bac ar imscrúdú iomlán a dhéanamh ar ionsaí tromchúiseach líomhnaíthe agus ar chumas an fhostóra sláinte agus leas a chuid fostaí a chosaint. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur ghá don teach tábhairne na píosaí scannáin TCI a phróiseáil trí iad a sholáthar don fhostóir agus gur bheart réasúnach a raibh údar leis é sin. Chinn sé freisin go raibh forlámhas ag leas dlísteanaigh an fhostóra ar chearta agus saoirsí an ghearánaigh, go háirithe toisc nach raibh aon sonraí pearsanta íogaire i gceist leis an bpróiseáil agus nach ndearnadh aon phróiseáil iomarcach.

Maidir leis na fíricí, ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh comharthaí leordhóthanacha in airde ag an teach tábhairne ag an am lena cuireadh pátrúin san airdeall go raibh TCI in úsáid chun baill foirne agus custaiméirí a chosaint agus chun an choireacht a chosc. Cheal fianaise a fháil uaidh ar a mhalairt, ba dheimhin leis freisin go bhfuair an gearánach fógra go raibh TCI in úsáid ag an am a bhí i gceist.

I gcás a lán gearán a láimhseálann an Coimisiún, creideann ábhair shonraí, agus dul amú orthu, go bhfuil próiseáil a sonraí pearsanta neamhdhleathach i gcás nár thoiligh siad leis an bpróiseáil sin. Mar sin féin, is ann do roinnt bunús dlí, seachas toiliú, lena dtugtar údar le próiseáil, ag brath ar na himthosca ar leith lena mbaineann. Maidir leis an údar le leasanna dlísteanaigh, fiosróidh an Coimisiún go dian cé acu a shásaíonn nó nach shásaíonn imthosca na próiseála na gnéithe, dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, nach mór a bheith ann ionas go bhféadfadh rialaitheoirí a bheith ag brath ar an mbunús dlí sin. Mar an gcéanna, i gcás go shásaíonn na himthosca an tairseach a theastaíonn don údar sin, cuireann an Coimisiún béim ar an bhfíric gurb amhlaidh, de réir na dtuairimí ón Abhcóide Ginearálta Bobek ón gCúirt Bhreithiúnais, nár cheart ceanglais chosanta sonraí pearsanta a úsáid chun bac a chur ar fhíorleasanna dlísteanaigh sna sonraí lena mbaineann.

CÁS-STAIDÉAR 3

Tras-scríbhinn comhrá Gréasáin de chuid Ryanair a bheith á seoladh chuig custaiméir eile

(An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Fuaireamar gearán ó ábhar sonraí a ndearna Ryanair an comhrá Gréasáin a bhí aige le fostaí de chuid Ryanair a nochtadh de thaisme i ríomhphost chuig duine eile a bhain úsáid as seirbhís comhrá Gréasáin Ryanair. I dtras-scríbhinn an chomhrá Gréasáin, tugadh ainm an ghearánaigh, ainm a pháirtnéara, a sheoladh ríomhphoist, a uimhir fóin agus a phleananna eitle. D'inis an gearánach dúinn gurb é an duine ar seoladh tras-scríbhinn a chomhrá Gréasáin chuige trí earráid an duine a tharraing a aird ar an nochtadh.

Le linn dúinn an gearán a scrúdú, fuaireamar amach gurb é tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhís comhrá Gréasáin bheo Ryanair, ar páirtí é atá ina phróiseálaí sonraí do Ryanair. Fuaireamar amach freisin go bhfuil feidhm uathlíoanta ag an gcóras lena seoltar tras-scríbhinní na gcomhráite Gréasáin trí ríomhphost. Leis an bhfeidhm sin, líontar an réimse faighteora le seoladh ríomhphoist an chustaiméara dheireanaigh ar seoladh ríomhphost chuige. Ar an dáta a bhí i gceist, fuair an próiseálaí sonraí iarrataí ó cheathrar custaiméirí de chuid Ryanair ar thras-scríbhinní a gcomhráite Gréasáin. Phróiseáil an t-aon ghníomhaire amháin na hiarrataí sin. Dá ainneoin sin, ní dhearna an gníomhaire seoladh ríomhphoist an fhaighteora a athrú agus é ag seoladh na dtras-scríbhinní, rud a d'fhág gur seoladh iad chuig na faighteoirí míchearta. Chuir Ryanair in iúl dúinn gurb amhlaidh, chun a chinntiú nach dtiocfadh an fhadhb sin chun cinn choíche, gur dhíchumasaigh an próiseálaí sonraí an córas comhrá Gréasáin bheo agus gur cuireadh oiliúint athnuachana sa Rialachán Ginearálta ar an bhfoireann.

Is as úsáid a bhaint as na feidhmeanna uathlíoanta i mbogearraí a eascraíonn an-chuid de na gearáin a fhaigheann an Coimisiún maidir leis an nochtadh neam-

húdairithe sonraí pearsanta i gcomhthéacs leictreonach e.g. ríomhphoist a bhfuil sonraí pearsanta iontu a bheith á seoladh chuig an bhfaighteoir mícheart. Cé go bhféadfadh go measfadh rialaitheoirí sonraí gur uirlis úsáideach sábhála ama í sin le haghaidh sonraí a iontráil, tá rioscaí dúchasacha ag baint léi i gcás go mbaintear úsáid aisti chun sonraí faighteora a líonadh chun críocha sonraí pearsanta a tharchur. Dá bhrí sin, ba cheart feidhmeanna uathlíoanta a úsáid go cúramach agus, i gcás go gcinneann rialaitheoirí feidhm den sórt sin a chomhtháthú isteach ina mbogearraí chun críocha próiseála sonraí, ba cheart coimircí eile a úsáid, amhail bréagsheoltaí i dtús an leabhair sheoltaí nó leideanna ar an scáileán chun sonraí an fhaighteora a sheiceáil an athuair. Maidir leis an bprionsabal um shlándáil agus rúndacht sonraí pearsanta a chosaint, téann seisean agus cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú i dteannta a chéile. Is amhlaidh sin toisc go ndéantar na caighdeáin is airde le haghaidh sonraí pearsanta a chosaint a úsáid, go háirithe maidir le hiomláine, slándáil agus rúndacht sonraí pearsanta a áirithiú, nuair a bhíonn rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí ag ceapadh céimeanna i gclár próiseála sonraí pearsanta nó i mbogearraí próiseála sonraí pearsanta.

Réiteach Cairdiúil

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), féadfaidh an Coimisiún bearta a dhéanamh chun réiteach cairdiúil ar ghearán a shocrú nó a éascú i gcás go measann sé go bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe i ngearán ar réiteach cairdiúil laistigh de thréimhse ama réasúnach. Dáiríre, féadfar réiteach cairdiúil ar ghearán a éascú ag céim ar bith den phróiseas láimhseála gearán laistigh den Choimisiún i gcás go bhfuil na páirtithe toilteanach go láimhseálfaí an gearán ar an mbealach sin.

A luaithe a shainaithníonn an Coimisiún gearán is féidir a réiteach go cairdiúil, bíonn an fhéidearthacht go dtiocfaí ar réiteach den sórt sin ag brath ar a thoilteanaí atá na páirtithe lena mbaineann le hobair trí shubstaint an ghearáin. Éascaíonn an Coimisiún an próiseas sin.

Tá á lán bealaí ann ina bhféadfaí gearán a réiteach go cairdiúil. I roinnt cásanna, mar shampla, d'fhéadfaí beart a dhéanamh thar ceann an rialaitheora sonraí nó d'fhéadfaí leithscéal a eisiúint. Mar an gcéanna, áfach, d'fhéadfaí gearán a réiteach trí shaincheist a shoiléiriú chun sástacht an dá pháirtí.

Tá sé feicthe ag an gCoimisiún go dtí seo gur féidir céatadán ard de na gearáin a láimhseálann sé a réiteach go cairdiúil ar bhealach tráthúil gan cur faoi deara don Choimisiún a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart

dó a chumhachtaí foirmiúla faoi Acht 2018 a fheidhmiú. Fiú i gcás gur réitíodh gearán go cairdiúil, i.e. chun sástacht an ghearánaigh, is féidir gurbh é an toradh a bhí ar an ngearán a dhéanamh ná gur tarraingíodh aird an Choimisiúin ar shaincheisteanna leathana nó sistéamacha comhlíonta laistigh den rialaitheoir sonraí/den eagraíocht is próiseálaí. I gcás gur cuireadh an Coimisiún ar a airdeall faoi shaincheisteanna den sórt sin, tá roinnt cumhachtaí eile iniúchóireachta agus imscrúdaithe aige lasmuigh de na sásraí láimhseála gearán a thugtar faoi Acht 2018 chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh (mar shampla, féadfaidh sé fiosrúchán a oscailt dá thoil féin ar na saincheisteanna nó féadfaidh sé iniúchadh a dhéanamh).

Cás-Staidéir Ar Réiteach Cairdiúil

Gné bhunúsach d'oibleagáidí láimhseála gearán an Choimisiúin is ea seasamh le cearta na n-ábhar sonraí. Tá sé feicthe ag an gCoimisiún go dtí seo go mbíonn an chuid is mó de dhaoine aonair sásta nuair a thugtar aghaidh ar iompraíocht an rialaitheora sonraí a ndearnadh gearán faoi. Trí ghearán a láimhseáil trí bhíthin teacht ar réiteach cairdiúil nuair is féidir, is féidir leis an gCoimisiún na torthaí is fearr a sholáthar don líon is airde daoine is féidir a dhéanann gearán leis an gCoimisiún. Is féidir leis déanamh amhlaidh trína acmhainní a úsáid chun iarraidh ar an eagraíocht a ndearnadh gearán fúithi réiteach a dhéanamh ar an dochar a rinneadh nó ar an riosca a cruthaíodh don ábhar sonraí de bharr na próiseála a rinne an eagraíocht ar na sonraí pearsanta.

CÁS-STADÉAR 4

Próiseáil neamhdhleathach a d'eascair as earráid billeála

(An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

I mí Aibreáin 2018, fuaireamar gearán ó ábhar sonraí a scoir dá bheith ina custaiméir de chuid an rialaitheora sonraí. Dá ainneoin sin, d'aimsigh sí go raibh á sonraí á bpróiseáil fós toisc go raibh sí ag fáil billí ón rialaitheoir sonraí fós. Fuair an gearánach dearbhuithe ó bhéal agus i scríbhinn araon á rá nach raibh uirthi an tsuim sa bhille a íoc.

Mar sin féin, fuair an gearánach teachtaireacht téacs ó chuideachta bailithe fiach ina dhiaidh sin, rud inar iarraidh uirthi teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta. Nuair a chuir an gearánach glao ar an gcuideachta bailithe fiach, dhiúltaigh an chuideachta d'fhaisnéis ar bith faoin bhfiach líomhnaithe a thabhairt di go dtí go dtabharfadh sí dóibh sonraí pearsanta lena bhfíorófaí a haitheantas. Dhiúltaigh sí do dhéanamh amhlaidh. Ní ba mhóille an lá sin, fuair an gearánach litir ón gcuideachta bailithe fiach á dheimhniú go raibh an chuideachta ag iarraidh airgead a bhí le híoc aici leis an rialaitheoir sonraí a aisghabháil.

Sainaitníodh an gearán sin mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. D'aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon go n-oibreodh siad leis an gCoimisiún chun féachaint leis an ní a réiteach go cairdiúil.

Dheimhnigh Cuideachta A don Choimisiún gur de bharr earráide a léiríodh go raibh iarmhéid cuntais an ghearánaigh le glanadh fós. Luaigh an chuideachta gur baineadh an t-iarmhéid amuigh den chuntas a luaithe a shainaithin an rialaitheoir sonraí an earráid. Dheimhnigh an rialaitheoir sonraí gur thug sé ordú don chuideachta bailithe fiach scor d'aon ghníomhaíochtaí bailithe agus aon sonraí a bhaineann leis an ngearánach a scriosadh.

Cé go raibh an gearánach sásta leis an toradh deiridh, tharraing an Coimisiún aird an rialaitheora sonraí ar an bhfíric gur cuireadh in iúl don ghearánach dhá uair ar a laghad roimhe sin gur réitíodh an ní. Dá ainneoin sin, próiseáladh a sonraí go héagórach toisc gur cuireadh ar aghaidh iad chuig cuideachta bailithe fiach gan aon údar a bheith ann leis an nochtadh sin.

Ag aithint a mhainneachtainí dó, ghabh an rialaitheoir sonraí a leithscéal leis an ngearánach, thug sé dearbhuithe áirithe di á rá nach mbeadh éifeacht ar bith ag an ní ar a rátáil chreidmheasa agus thug sé bronntanais do charthanais is rogha léi.

Chun go mbeadh rialaitheoir in ann próiseálaí a fhóstu go dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil, ní mór údar a bheith ann le próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanamh ar an gcéad dul síos. Sa chás seo, rinne an rialaitheoir neamhaird d'ábhair imní a tharraing an gearánach anuas roimhe sin nuair a chuir sí in iúl go raibh billí á n-eisiúint chuici fós, cé nach raibh sí ag fáil seirbhísí ón rialaitheoir a thuilleadh, agus gur theip air féachaint ar úsáid leantach a sonraí pearsanta chun críocha billeála in imthosca nach raibh sí ina custaiméir a thuilleadh iontu. Molann an Coimisiún do dhaoine aonair ábhair imní cosanta

sonraí a tharraingt anuas go díreach leis an rialaitheoir ar an gcéad dul síos chun go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin féin, tarlaíonn sé go minic go ndéanann rialaitheoirí sonraí neamhiontas nó neamhaird d'iarrachtaí a dhéanann an t-ábhar sonraí gearáin a tharraingt anuas go díreach go dtí go n-éiríonn an Coimisiún páirteach sa ní. Is ní do-ghlactha é sin. Mar chuid

de na hoibleagáidí cuntasachta atá ar gach eagraíocht, ba cheart di bearta fiúntacha éifeachtúla a bheith i bhfeidhm aici chun déileáil le gearáin chosanta sonraí agus aghaidh a thabhairt orthu i gcás go dtarraingíonn ábhar sonraí anuas iad go díreach, gan aon ghá a bheith ag an ábhar sonraí le dul i muintín idirghabháil ón gCoimisiún.

CÁS-STADIDÉAR 5

Freagra mall ar iarraidh ar rochtain

(An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Leis an Rialachán Ginearálta, leagtar tréimhsí ama ar rialaitheoirí sonraí ar lena linn nach mór dóibh freagra a thabhairt ar iarraitaí ó ábhair shonraí agus iad ag feidhmiú a gceart. I gcás ábhar sonraí amháin a d'iarr taifeadadh de ghlaio teileafóin a reáchtáladh idir an t-ábhar sonraí agus an líne oibritheora seirbhíse do chustaiméirí de chuid cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta chun dul chun cinn a dhéanamh ar ghearán faoi sheirbhís do chustaiméirí, rinneadh gearán leis an gCoimisiún á rá nár próiseáladh laistigh den tréimhse ama a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta an iarraidh ar rochtain a cuireadh isteach de bhun Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta.

Ar an ngearán a fháil, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gcuideachta chun í a chur ar an eolas faoin ngearán agus chun a fhiosrú di cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gurbh ann d'aon ghníomh ba mhaith léi a dhéanamh ar an ní seo. Thug an cuideachta don ábhar

sonraí cóip den ghlaio teileafóin a d'iarr sé agus, dá réir sin, bhí an t-ábhar sonraí sásta gur réitíodh an gearán go cairdiúil. Bunaithe ar imthosca an cháis aonair seo, mheas an Coimisiún nach raibh sé riachtanach tuilleadh gníomhaíochta rialála a dhéanamh.

CÁS-STADIDÉAR 6

Iarraidh ar rochtain chuig club gailf ar phíosaí scannáin TCI

(An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

I mí na Samhna 2018, fuaireamar gearán ó ábhar sonraí maidir le hiarraidh ar rochtain ar a shonraí pearsanta, rud a bhí comhdhéanta de phíosaí scannáin TCI ar am agus dáta ar leith. Rinneadh an iarraidh chuig club gailf, an rialaitheoir sonraí.

Chuir an t-ábhar sonraí ar fáil dúinn an comhfhreagras tosaigh a fuarthas ón gclub gailf. Sa chomhfhreagras sin, fiafraíodh den ábhar sonraí cén fáth a raibh na píosaí scannáin ag teastáil uaidh. I gcomhfhreagras a fuarthas

ina dhiaidh sin, chuir an club in iúl don ábhar sonraí gur tháinig sé ar fhadhb leis na bogearraí córais TCI agus nach raibh an club in ann na píosaí scannáin a iarradh a sholáthar don ábhar sonraí dá bharr.

Measadh go bhféadfaí an gearán a réiteach go cairdiúil faoi alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Mar chuid den phróiseas réitigh chairdiúil, d'iarramar míniúchán ón gclub gailf ar cén fáth nach rabhthas in ann na píosaí scannáin TCI a iarraidh a sholáthar don ghearánach.

D'inis an club gailf dúinn nach raibh a chóras TCI i mbun feidhme ar an dáta ar ina leith a d'iarr an t-ábhar sonraí na píosaí scannáin agus gurbh amhlaidh nár tháinig sé ar an eolas faoi sin ach ag an am a bhí sé ag iarraidh cloí leis an iarraidh ar rochtain. Ní raibh an Coimisiún sásta le cé chomh ginearálta is a bhí an míniúchán sin agus d'éiligh sé míniúchán níos mionsonraithe i scríbhinn ar na fadhbanna a bhí ag dul i bhfeidhm ar an gcóras TCI, ar mhíniúchán é a d'fhéadfaí a thabhairt don ghearánach freisin. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, sheol cuideachta slándála an chlub gailf litir chugainn. Tugadh bre-

ac-chuntas inti ar na fadhbanna a bhí ann leis an gcóras TCI, lenar áiríodh an fhíríc gur theip ar an tiomántán crua ar an gcóras TCI agus nach raibh an córas TCI i mbun feidhme le tamall roimhe sin. Bhí an Coimisiún sásta leis an míniúchán teicniúil a tugadh. D'aontaigh an club gailf go bhféadfaí an litir sin a chomhroinnt leis an ngearánach freisin. Bhí an gearánach sásta leis an míniúchán, rud as ar tháinig réiteach cairdiúil ar an ngearán.

Léirítear sa chás seo gurb amhlaidh, fiú i gcás go bhfuil sé ag obair ar son réiteach cairdiúil ar ghearán a éascú nó a shocrú, go mbeidh an Coimisiún ag súil fós le cuntasacht thar ceann an rialaitheora nó an phróiseálaí agus go háirithe go mionscrúdóidh an Coimisiún na míniúcháin agus na cúiseanna a thugtar maidir le neamhchomhlíonadh a oibleagáidí ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí. Déanfaidh sé amhlaidh chun a chinntiú gurb infhíoraíthe agus intaispeánta atá an seasamh a chuirtear ar aghaidh.

CÁS-STADIDÉAR 7

Faisnéis airgeadais a bheith á seoladh mar chóip charbóin chuig bialann go hearráideach

(An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán a bhain le nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta na ngearánach do thríú páirtí ag comhlacht díoltóireachta mótarfeithiclí. Chun carr a cheannach trí Phlean Conartha Pearsanta, thug na gearánaigh cóipeanna dá gceadúnais tiomána agus dá sonraí bainc don chomhlacht díoltóireachta. Áiríodh leis na sonraí sin ráitis bhainc agus lánsonraí cuntais. Cuireadh iad ar áireamh ina dhiaidh sin i ríomhphost a seoladh ón gcomhlacht díoltóireachta chuig seoladh ríomhphoist tríú páirtí, a measadh a bheith ina sheoladh atá bainteach le banc. Cuimsíodh sa ríomhphost sin ceadúnais tiomána agus sonraí bainc na ngearánach. Bhí imní ar na gearánaigh gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne a bhí i seoladh ríomhphoist an tríú páirtí. Rinne siad teagmháil leis an gcomhlacht díoltóireachta faoi sin. Dearbhaíodh dóibh, áfach, gur le banc a bhain an seoladh ríomhphoist i gceist agus go raibh an seoladh ríomhphoist slán.

Bhí imní ar na gearánaigh fós faoi úinéireacht an tseolta ríomhphoist. Rinne siad taighde ar líne ar an ní agus ba dheimhin leo gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne a bhí sa seoladh ríomhphoist. Chun na hábhair amhrais a bhí acu a dheimhniú, sheol cara leis na gearánaigh ríomhphost chuig an seoladh i gceist. Deimhníodh sa fhreagra a fuarthas gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne é.

Le linn ár scrúdaithe, d'admhaigh an comhlacht díoltóireachta gur seoladh an ríomhphost go hearráideach chuig an seoladh mícheart. D'ainneoin na hadmhála sin, ba shoiléir nach ndearnadh aon iarracht ina dhiaidh

sin dul i dteagmháil leis an mbialann chun a iarraidh go scriosfadh an faighteoir neamhbheartaithe an fhaisnéis a seoladh chuige go hearráideach. Ar ordú a fháil ón oifig seo, fuaireamar deimhniú go ndeachaigh an comhlacht díoltóireachta i dteagmháil leis an mbialann agus d'iarr sé go scriosfaí an ríomhphost, na doiciméid san áireamh. Chuir an comhlacht díoltóireachta moladh ar aghaidh le haghaidh teacht ar réiteach cairdiúil. Ghlac na gearánaigh leis an moladh sin.

Léirítear sa chás seo go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanann rialaitheoirí sonraí (agus a bhfostaithe) cleach-

tas beart réamhchúramach a chur chun feidhme agus a úsáid agus iad ag tarchur sonraí pearsanta, agus faisnéis airgeadais go háirithe, go leictreonach. Is le nochtadh neamhúdaraíthe a bhaineann céatadán suntasach de na fógraí faoi shárúithe sonraí a fhaigheann an Coimisiún. Cúis choitianta leo sin is ea ríomhphoist a bheith á seoladh go hearráideach chuig an seoladh mícheart. I gcás go sainaithníonn rialaitheoir sonraí gur tháinig teagmhas den sórt sin chun cinn, ní leor é a admháil, is cuma cé acu a admhaítear é don ábhar sonraí nó a admhaítear é don Choimisiún. Ina ionad sin, tá sé de dhualgas ar an rialaitheoir

sonraí gach beart réasúnach a dhéanamh chun sárú den sórt sin a leigheas. Áirítear leo sin ríomhphost a athghairm ón seoltóir, iarraidh ar an bhfaighteoir neamhbheartaithe a dheimhniú gur scríos sé/sí an ríomhphost agus, ina dhiaidh sin, bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid choíche. Is iad earráidí daonna a dhéanann baill foirne is cúis leanúnach le hardriosca go ndéanfaí sárúithe sonraí. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar iarracht na rioscaí sin a mhaolú trí fheasacht ar chosaint sonraí a bhrú chun cinn ar fud na heagraíochta, go háirithe i ndáil le baill foirne nua.

Fiosrúcháin Reachtúla ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

Mar atá luaite thuas, is amhlaidh, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), go bhféadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí dhá chineál dhifriúla fiosrúcháin reachtúil a dhéanamh faoi alt 110 chun a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó ar Acht 2018. Is iad an dá chineál fiosrúcháin sin ná fiosrúchán gearánbhunaithe agus fiosrúchán a dhéanann an Coimisiún “dá thoil féin”. Tríd is tríd, tá dhá phróiseas ar leith i gceist le fiosrúchán reachtúil — an próiseas imscrúdaithe, rud a seolann imscrúdaitheoir de chuid an Choimisiúin é, agus an próiseas cinnteoireachta. Is é cinnteoir sinsearach ar leith sa Choimisiún a sheolann an próiseas cinnteoireachta, ar duine é nach raibh aon ról aige sa phróiseas imscrúdaithe. I bhformhór na gcásanna, is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí an cinnteoir sin.

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá le haon fhiosrúchán:

- na fíricí a fháil amach, de réir mar a bhaineann siad leis na nithe atá á n-imscrúdú san fhiosrúchán;
- na fíricí a fuarthas amach a chur i bhfeidhm maidir le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus/nó Acht 2018, de réir mar a bhaineann, chun anailís a dhéanamh ar cé acu a sainaithníodh nó nár sainaithníodh sárú ar an Rialachán Ginearálta agus/nó Acht 2018;
- an cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a dhéanamh maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú; agus
- i gcás gur sainaithníodh sárú, cinneadh foirmiúil a dhéanamh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú agus, dá mba cheart, maidir le cén chumhacht cheartaitheach ba cheart a fheidhmiú¹.

Le linn phróiseas imscrúdaithe an fhiosrúcháin, féadfaidh an Coimisiún oifigigh údaraíthe a cheapadh agus féadfaidh na hoifigigh sin raon cumhachtaí imscrúdaithe a fheidhmiú faoi Acht 2018 i gcomhthéacs an fhiosrúcháin. Mar aon leis an gcumhacht ghinearálta atá ann chun fógra faisnéise a eisiúint lena gceanglaítear go soláthrófaí faisnéis shonraithe don Choimisiún, is ar fáil d’oifigeach údaraíthe freisin atá raon leathan cumhachtaí imscrúdaithe lena gcumasaítear dó faisnéis, doiciméid agus ábhair ábhartha a bhailiú². Áirítear leo sin an chumhacht chun dul isteach in áitreabh, an chumhacht chun áitreabh, trealamh, doiciméid agus faisnéis a chuardach agus a iniúchadh, an chumhacht chun doiciméid agus taifid a bhaint agus a choinneáil, agus an chumhacht chun faisnéis agus cúnamh a éileamh i ndáil le rochtain a fháil ar dhoiciméid, ar thaifid agus ar threalamh. Tá sé de chumhacht ag oifigeach údaraíthe freisin iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas chun dul isteach in áitreabh ar mhaithe leis na cumhachtaí atá aige a fheidhmiú.

1 Áirítear leis na cumhachtaí ceartaitheacha atá ann fíneáil riaracháin a fhorchur (rud nach bhféadfar a dhéanamh i leith sárúithe ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí), rabhadh nó iomardú a eisiúint, cosc sealadach nó críochnúil a chur ar an bpróiseáil, aistriúithe sonraí idirnáisiúnta a fhionraí, nó a ordú go gcuirfí an phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht, i measc nithe eile.

2 I gcás fiosrúcháin atá ann cheana, féadfaidh an Coimisiún “imscrúdú” reachtúil a sheoladh faoi alt 137 chomh maith. Gabhann cumhachtaí imscrúdaithe sonracha breise le himscrúdú alt 137, amhail an chumhacht atá ag an oifigeach údaraíthe lena mbaineann éisteacht ó bhéal a thionól. Níor thosaigh an Coimisiún aon imscrúduithe faoi alt 137 go dtí seo.

Cur síos ginearálta ar na céimeanna atá i gceist le fiosrúchán reachtúil

Agus é leagtha amach i dtéarmaí ardleibhéil, tá cur síos déanta thíos ar gach céim atá i gceist le haon fhiosrúchán reachtúil a dhéanann an Coimisiún, ar ina leith atá an Coimisiún ag gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta i ndáil le saincheist próiseála trasteorann agus ar ina leith a rinneadh gearán go díreach leis an gCoimisiún nó a thosaigh an Coimisiún fiosrúchán dá thoil féin.

Níl an cur síos seo ina cheangal ar an gCoimisiún, áfach. Ní dhéantar é ach chun críocha léiriúcháin amháin ar mhaithe le seicheamhú sealadach na gcéimeanna atá i gceist le fiosrúchán a thaispeáint. Níl an cur síos cinntitheach ach oiread maidir leis na bearta beachta a dhéanfar i ngach fiosrúchán. Beidh an méid sin ag brath ar chineál, imthosca, raon feidhme agus ábhar an fhiosrúcháin. Tá an chéad bhabhta fiosrúchán ón gCoimisiún faoin Rialachán Ginearálta agus faoi Acht 2018 ar siúl faoi láthair, ach cuirfear iad i gcrích le linn na bliana 2019. Mar sin, is féidir go mbeidh an seicheamhú sealadach atá leagtha amach thíos faoi réir athruithe a eascróidh as forbairt an phróisis fiosrúcháin, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon, sna cásanna sin.

Tá an cur síos seo ceaptha go páirteach chun a léiriú nach bhféadfaidh an Coimisiún fineálacha ná aon chumhachtaí ceartaitheacha eile a chur i bhfeidhm go hachomair. Ní mór don Choimisiún aon fhiosrúchán a dhéanamh de réir próis chuí agus nósanna imeachta córa.

Na céimeanna atá i gceist le fiosrúchán, agus iad leagtha amach chun críocha léiriúcháin:

1. An chéim tosaithe/an chéim um fhógra a thabhairt

- Cinnfear raon feidhme an fhiosrúcháin
- Tabharfar fógra do rialaitheoir/próiseálaí faoi thosú an fhiosrúcháin
- Eiseofar réamhcheisteanna

2. An chéim um fhaisnéis a bhailiú

- Baileoidh an t-imscrúdaitheoir de chuid an Choimisiúin an fhaisnéis/na doiciméid/na hábhair ábhartha ar fad ó na páirtithe — is féidir gur próiseas atriallach a bheidh anseo.

3. An chéim um dhréacht-tuarascáil fiosrúcháin a ullmhú

- Cuirfidh an t-imscrúdaitheoir de chuid an Choimisiúin an breithniú ar an bhfaisnéis/na doiciméid/na hábhair agus an anailís ar na fíricí agus ar an dlí i gcrích agus dréachtóidh sé tuarascáil fiosrúcháin
- Leagfar amach sa dréacht-tuarascáil fiosrúcháin (a) na cinntí fíorais, (b) cur i bhfeidhm an dlí faoin Rialachán Ginearálta agus/nó Acht 2018 maidir leis na cinntí fíorais, agus (c) dréachtchinntí, agus na cúiseanna atá leo, maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna an rialaitheoir/próiseálaí sárú amháin nó níos mó ar an dlí. Ní dhéanfar aon trácht sa dréacht-tuarascáil fiosrúcháin ar cé acu ba cheart nó nár cheart chumhachtaí ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

4. An chéim um aighneachtaí (dréacht-tuarascáil fiosrúcháin)

- Eiseoidh an t-imscrúdaitheoir de chuid an Choimisiúin an dréacht-tuarascáil fiosrúcháin chuig na páirtithe
- Déanfaidh na páirtithe aighneachtaí maidir leis an dréacht-tuarascáil fiosrúcháin
- Breithneoidh an t-imscrúdaitheoir na haighneachtaí agus ullmhóidh sé tuarascáil fiosrúcháin deiridh don chinnteoir sa Choimisiún

5. An chéim um dhréachtchinneadh ón gCoimisiún (sárú)

- Breithneoidh an cinnteoir sa Choimisiún an tuarascáil fiosrúcháin
- Más rud é go sainaitheofar aon easnaimh sa nós imeachta imscrúdaithe nó aon saincheisteanna atá gan réiteach, déanfaidh an cinnteoir sa Choimisiún na nithe sin a leigheas
- Déanfaidh an cinnteoir sa Choimisiún “dréachtchinneadh” (an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún) maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú amháin nó níos mó ar an Rialachán Ginearálta agus/nó Acht 2018.

6. An chéim um fhógra a thabhairt faoin Dréachtchinneadh ón gCoimisiún agus um chomhar a thosú faoin Rialachán Ginearálta

- Trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, tabharfaidh an cinnteoir sa Choimisiún fógra do gach údarás cosanta sonraí eile lena mbaineann san Aontas faoin Dréachtchinneadh ón gCoimisiún
- Soláthrófar cóip den Dréachtchinneadh ón gCoimisiún do na páirtithe chun críocha faisnéise amháin

7. An chéim um agóidí a fháil ó údaráis chosanta sonraí — má bhaineann

- Féadfaidh údaráis chosanta sonraí aon “agóid ábhartha réasúnaithe” a dhéanamh in aghaidh an Dréachtchinnidh ón gCoimisiún
- Breithneoidh an cinnteoir sa Choimisiún aon agóidí den sórt sin agus féadfaidh sé an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún a athbhreithniú

8. An chéim um réiteach díospóide ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí — má bhaineann

- Spreagfar na nósanna imeachta um réiteach díospóide ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcás go measfaidh an cinnteoir sa Choimisiún nach bhféadfaidh sé agóid ó údarás cosanta sonraí lena mbaineann a chur chun feidhme
- Déanfaidh an Bord Eorpach cinneadh, trí vóta tromlaigh, maidir le haon “agóid ábhartha réasúnaithe”
- Glacfaidh an cinnteoir sa Choimisiún an cinneadh ón mBord Eorpach agus athbhreithneofar an Dréachtchinneadh ón gCoimisiún, mar a cheanglaítear, faoi chéim 9 thíos

9. An chéim um chinneadh deiridh ón gCoimisiún (sárú)

- Tabharfar an cinneadh ón gCoimisiún chun críche

10. An chéim um fógra a thabhairt faoin gcinneadh deiridh (sárú)

- Tabharfar fógra do na páirtithe faoin gcinneadh deiridh ón gCoimisiún, lena n-áireofar aon chinneadh a d'eascair as an gcéim um réiteach díospóide ag an mBord Eorpach
- Beidh sé de cheart ag ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh dheiridh³

11. An chéim cinnteoireachta (cumhacht cheartaitheach) — má bhaineann


- Cinnfidh an cinnteoir sa Choimisiún cé na cumhachtaí ceartaitheacha a mbeidh feidhm acu, lena n-áireofar fíneálacha riaracháin
- Féadfaidh sé aighneachtaí a lorg ó na páirtithe, más iomchuí
- Tabharfar fógra do na páirtithe faoin gcinneadh maidir leis an gcumhacht cheartaitheach
- Beidh sé de cheart ag an rialaitheoir/an bpróiseálaí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir leis an gcumhacht cheartaitheach

12. An chéim um dheimhniú ón gCúirt — má bhaineann (fíneáil riaracháin amháin)

- Más rud é nach ndéanfaidh an rialaitheoir/próiseálaí aon achomharc in aghaidh fíneáil riaracháin laistigh de thréimhse 28 lá, déanfaidh an Coimisiún iarratas chun na Cúirte in Éirinn ar an bhfíneáil a dheimhniú

³ Ag brath ar cén chuid den chinneadh a ndéanfar achomharc ina haghaidh, d'fhéadfaí an agóid sin a dhéanamh chun Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó chun na gCúirteanna in Éirinn

Sreabhadh Próiseas na gCéimeanna de Fhiosrú Reachtúil



Tabhair faoi deara: Tugtar le fios leis an líne sholadach na bearta a dhéanfar ar leibhéal náisiúnta agus tugtar le fios leis an líne poncanna na bearta a dhéanfar ar leibhéal an Aontais Eorpach/an Bhoird Eorpach um Chosaint Sonraí.

Sásraí Láimhseála Gearán faoin gCreat Dílíthiúil Nua

Ceann amháin de na príomhdhúshláin a cruthaíodh leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta in Éirinn d'fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta agus d'fhorálacha na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, is ea nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún a thuilleadh cinneadh reachtúil foirmiúil a dhéanamh ar an ngearán i gcás nach réitítear gearán go cairdiúil. Ina ionad sin, tá uirlisí éagsúla ar fáil don Choimisiún le haghaidh déileáil leis an ngearán, amhail comhairle a thabhairt don ghearánach, nó ceann amháin de roinnt cineálacha difriúla fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint in aghaidh an rialaitheora sonraí nó an phróiseálaí sonraí — mar shampla ordú a thabhairt dóibh cloí le hiarraidh a rinne an gearánach, amhail iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta nó iarraidh ar shonraí pearsanta a léirscríosadh. Ó am go chéile, i gcás go measann an Coimisiún go bhfuil údar ann le déanamh amhlaidh mar thoradh ar chineál, tromchúise, fad nó tosca eile nó imthosca eile an ghearáin, féadfaidh an Coimisiún fiosrúchán reachtúil a oscailt ar an ngearán agus úsáid a bhaint as na cumhachtaí foirmiúla imscrúdaithe atá aige chun na saincheisteanna sa ghearán a scrúdú tuilleadh. Mar atá luaite thuas, féadfar freisin cineál eile fiosrúcháin reachtúil a oscailt (fiosrúchán de thoil an Choimisiúin). Is fiosrúchán é nach bhfuil bunaithe ar an ngearán ar leith ach a bhféadfar scrúdú a dhéanamh ann ar na saincheisteanna téamacha nó sistéamacha a tharraing an gearánach anuas maidir le conas, nó cá mhéad, a chomhlíonann eagraíocht an dlí cosanta sonraí. I gcás go n-osclaíonn an Coimisiún fiosrúchán reachtúil i dtaca le gearán ar leith, is é an toradh a bheidh ar an bhfiosrúchán sin de ghnáth ná cinneadh reachtúil ón gCoimisiún.

Beag beann ar na huirlisí láimhseála gearán ar leith nó na huirlisí eile a mbaineann an Coimisiún úsáid astu faoi Acht 2018 chun déileáil le gearán, eiseoidh an Coimisiún cumarsáid deiridh chuig an ngearánach i ngach cás, á chur in iúl dó/di conas a rinneadh an gearán a láimhseáil agus a thabhairt chun críche.

Den 1,928 ngearán a bhain leis an Rialachán Ginearálta agus a fuarthas sa tréimhse i gceist, agus amhail an 31 Nollaig 2018, tugadh 510 gearán ar aghaidh chuig láimhseáil gearán; bhí 550 gearán ar oscailt agus á measúnú go gníomhach ag Aonad Faisnéise agus Measúnaithe an Choimisiúin; tugadh 868 ngearán chun críche ag céim an mheasúnaithe toisc nach raibh an duine aonair in ann an ní a réiteach go díreach leis an rialaitheoir sonraí tar éis an treoir ón gCoimisiún a fháil nó toisc gur tarraingíodh an ní siar. Ar na cúiseanna eile a bhí ann bhí na nithe a ndearnadh gearán fúthu lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin toisc nár bhain siad le próiseáil sonraí pearsanta nó toisc nár bhain siad le daoine aonair a n-ábhair inmí tuilleadh leis an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún 612 ghearán eile i gcrích faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

Gearáin a bhaineann leis an Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail

Bunaíodh an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail faoin Rialachán Ginearálta. Is é an cuspóir atá leis cuíchoiriú a dhéanamh ar an dóigh a ndéileálann eagraíochtaí a dhéanann gnó, nó a sheolann gníomhaíochtaí, i níos mó ná Ballstát amháin den Aontas Eorpach, le húdaráis chosanta sonraí (ar a dtugtar 'údaráis mhaoirseachta' faoin Rialachán Ginearálta). Ceanglaítear le prionsabal an tsásra maidir le hIonaid Ilfhreastail go mbeadh eagraíochtaí a bhfuil roinnt bunaíochtaí acu ar fud Ballstáit dhifriúla den Aontas faoi réir formhaoirseacht rialála ag údarás cosanta sonraí amháin, i gcás go bhfuil 'príomhbhunaíocht' acu san Aontas agus go bhfuil siad gníomhach i 'bpróiseáil trasteorann', in ionad iad a bheith faoi réir rialáil ag na húdaráis chosanta sonraí de chuid gach Ballstáit a bhfuil bunaíochtaí acu iontu. De ghnáth, is é áit a riaracháin láir (e.g. a ceanncheathrú) an phríomhbhunaíocht de chuid eagraíochta. I gcás rialaitheoir sonraí, áfach, má dhéantar cinntí ar an bpróiseáil sonraí pearsanta in áit eile san Aontas, beidh an áit eile sin san Aontas ar a phríomhbhunaíocht. I gcás próiseálaí sonraí, mura bhfuil aon áit riaracháin láir aige, beidh a phríomhbhunaíocht lonnaithe san áit ina ndéantar a phríomhghníomhaíochtaí próiseála san Aontas.

Faoin Rialachán Ginearálta, tá ceachtar de dhá chás i gceist le próiseáil trasteorann. Is é atá i gceist leis an gcéad chás ná go bhfuil rialaitheoir sonraí nó próiseálaí sonraí bunaithe i níos mó ná Ballstát amháin agus go ndéantar an phróiseáil i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí de chuid níos mó ná bunaíocht amháin den sórt sin. Is é atá i gceist leis an dara cás go bhfuil rialaitheoir sonraí nó próiseálaí sonraí bunaithe i mBallstát amháin ach go dtéann an phróiseáil i bhfeidhm go mór, nó gur dóigh don phróiseáil dul i bhfeidhm go mór, ar ábhair shonraí i níos mó ná Ballstát amháin. I gceachtar de na cásanna sin, beidh feidhm ag coincheap an 'phríomhúdaráis mhaoirseachta' faoin Rialachán Ginearálta chun a chinneadh cén t-údarás cosanta sonraí a bhfuil an phríomhfhreagracht air as déileáil le gearán nó saincheist a tháinig chun cinn i ndáil le próiseáil trasteorann. Faoi rialacha an Rialacháin Ghinearálta, maidir leis an údarás cosanta sonraí sa Bhallstát ina bhfuil a 'príomhbhunaíocht' (mar atá pléite thuas) ag eagraíocht ilnáisiúnta, gníomhóidh sé mar phríomhúdarás maoirseachta. Fágfaidh sé sin go mbeidh an eagraíocht ilnáisiúnta faoi réir tacar amháin gníomhartha rialála, in ionad í a bheith faoi réir roinnt gníomhartha, ag na húdaráis chosanta sonraí dhifriúla de chuid Ballstáit dhifriúla i gcás go bhfuil an eagraíocht ilnáisiúnta sin ag sárú ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta.


Áirítear le ról an phríomhúdaráis mhaoirseachta imscrúdú a dhéanamh ar ghearán nó sárú líomhnaithe ar an Rialachán Ginearálta a bhaineann le próiseáil trasteorann. Áirítear leis freisin dréachtchinneadh a ullmhú ar an ní. Ní mór dó ansin cinneadh comhdhearcaidh a chomhordú, nuair is féidir, le húdaráis chosanta sonraí eile san Aontas a mheastar a bheith ina 'n-údaráis mhaoirseachta lena mbaineann'. (Beidh an Coimisiún ina údarás maoirseachta lena mbaineann sna cásanna seo: rinneadh an gearán maidir le próiseáil trasteorann leis

an gCoimisiún ar dtús ach tá údarás cosanta sonraí eile ar an bpríomhúdarás maoirseachta; téann an phróiseáil i bhfeidhm go mór, nó is dóigh di dul i bhfeidhm go mór, ar ábhair shonraí in Éirinn; nó tá an rialaitheoir/an próiseálaí bunaithe in Éirinn.) Dá bharr sin, ní hé amháin nach mór don phríomhúdarás maoirseachta, le linn dó dréachtchinneadh a ullmhú, ‘an aird is mó’ a thabhairt ar thuairimí an údarás chosanta sonraí a fuair an gearán, ach ní mór dó freisin an dréachtchinneadh uaidh a chomhroinnt le gach údarás maoirseachta sonraí lena mbaineann, dul i ndáil chomhairle leo agus a dtuairimí a bhreithniú agus é ag tabhairt an chinnidh chun críche. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, foráiltear leis an Rialachán Ginearálta do shásra réitigh dhíospóide a spreagadh. Is é an toradh a bheidh air sin go ndéanfaidh na baill den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí cinneadh tromlaigh ar na saincheisteanna faoi dhíospóid sa dréachtchinneadh.

Faoin sásra maidir le hlonaid Ilfhrestail, is é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta do raon leathan cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a bpríomhbhunaíocht lonnaithe in Éirinn. Áirítear leo sin roinnt mhaith cuideachtaí móra

teicneolaíochta agus meán sóisialta. Mar phríomhúdarás maoirseachta, láimhseálann an Coimisiún gearáin a rinneadh ar dtús le húdarás chosanta sonraí eile san Aontas. Chomh maith leis sin, láimhseálann sé gearáin a dhéanann daoine aonair go díreach leis an gCoimisiún. Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún 136 ghearán a bhain le próiseáil trasteorann tríd an sásra maidir le hlonaid Ilfhrestail a ndearna daoine aonair iad le húdarás chosanta sonraí eile san Aontas. Leis an mbealach nua sin le haghaidh gearáin a fháil, éilítear dlúthchomhar agus malartú faisnéise idir an Coimisiún agus an t-údarás maoirseachta sonraí san Aontas a ndéantar an gearán leis toisc go ndéanann an gearánach cumarsáid go díreach leis an údarás cosanta sonraí a ndearnadh an gearán leis. Dáiríre, fágann sé sin nach mór don Choimisiún an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar ghearán a bhaineann le próiseáil trasteorann a tharchur chuig an údarás cosanta sonraí fála, a dhéanfaidh an t-eolas is deireanaí a aistriú isteach sa teanga náisiúnta lena mbaineann, nuair is gá, agus é a eisiúint chuig an ngearánach.

Miondealú ar na cineálacha gearán trasteorann a fuair an Coimisiún tríd an sásra maidir le hlonaid Ilfhrestail



Gearáin a bhaineann leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

Níl feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta a ndéanann údarás a bhfuil cumhachtaí fhorfheidhmiú an dlí acu í chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Ina ionad sin, rinneadh treoir ón Aontas Eorpach ar a dtugtar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/680) a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais chun suí taobh leis an Rialachán Ginearálta agus chun oibriú i dtreochangal leis. Rinneadh an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí a thrasú i ndlí na hÉireann trí bhíthin codanna áirithe den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018). Tá próiseáil sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí cumhdaithe go leathan i gCuid 5 (ailt 69 go 104) agus déileáiltear i gCaibidil 3 de Chuid 6 (ailt 118 go 128) d'Acht 2018 le forfheidhmiú na Treorach. De bhreis air sin, tá feidhm chomhuaineach ag codanna eile d'Acht 2018 maidir leis an Rialachán Ginearálta agus leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

Tríd is tríd, tá feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí i gcás gur 'údarás inniúil', de réir bhrí Acht 2018, é rialaitheoir sonraí agus go bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. In Éirinn, tá feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí ag roinnt mhaith údarás poiblí agus comhlachtaí poiblí. Maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun críocha pionóis choiriúla a fhorghníomhú, gabhfar iad leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí arna trasú faoi Acht 2018. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an Rialachán Ginearálta (agus forálacha ábhartha Acht 2018 lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta) an reachtaíocht a mbeidh feidhm aici i gcásanna ina bpróiseálann údarás inniúil sonraí pearsanta chun críocha eile seachas na críocha sin. Ní bheidh feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí sna cásanna sin.

Mar thoradh ar achtú Acht 2018, bunaíodh Aonad nua Gearán i ndáil leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Chomh maith leis sin, forbraíodh tástáil dhá chéim chun cabhrú leis an Aonad Gearán a chinneadh cé acu a thagann nó nach dtagann an phróiseáil i gceist faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus faoi raon feidhme Chuid 5 d'Acht 2018. Ceanglaítear leis an tástáil dhá chéim go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- Ní mór don rialaitheoir sonraí atá freagrach as an bpróiseáil i gceist a bheith ina 'údarás inniúil' de réir an tsainmhíneithe a thugtar in alt 69 den Acht.
- Ní mór an phróiseáil i gceist a bheith 'chun críocha fhorfheidhmiú an dlí', de réir an tsainmhíneithe a thugtar in alt 70 den Acht.

Más amhlaidh go gcomhlíontar an chéad chéim den tástáil sin ach nach gcomhlíontar an dara céim, measfar nach faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí a thagann an phróiseáil i gceist, cé go bhféadfadh an rialaitheoir a bheith ina údarás inniúil de ghnáth don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus do Chuid 5 den Acht (amhail an Garda Síochána). I gcás den sórt sin, is dócha, maidir leis an bpróiseáil nach próiseáil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí í, go dtiocfaidh sí faoi raon feidhme chóras reachtach an Rialacháin Ghinearálta (próiseáil le haghaidh nithe acmhainní daonna an Gharda Síochána, mar shampla).


Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, láimhseáil an Coimisiún seacht ngearán a bhain leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Bhí an Garda Síochána ar an rialaitheoir sonraí i sé cinn de na cásanna sin. I ngearán amháin, ba trí earráid a nocht údarás áitiúil na sonraí de chuid duine aonair. Bhain an nochtadh le himscrúdú ar chion atá in-ionchúisithe ag an údarás áitiúil. D'fhág sé sin go dtagann sé faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

Gearáin a bhaineann le Sáruithe Sonraí

Cineál gearán ar leith a fhaigheann an Coimisiún is ea gearáin a bhaineann le sáruithe sonraí. Is féidir na gearáin sin eascairt as imthosca inar tháinig ábhair shonraí ar an eolas go neamhspleách faoi shárú sonraí e.g. trí chlúdach na meán ar shárú sonraí atá ag dul i bhfeidhm ar eagraíocht atá ag próiseáil a sonraí pearsanta, trí dhrochthionchar a imríonn sárú sonraí go díreach orthu (e.g. rochtain neamhúdaraíthe ar chuntais ríomhphoist, ar chuntais chustaiméara nó ar chuntais bhainc, etc.), nó trí fhógra a fháil ón rialaitheoir sonraí á rá go raibh sárú ann i dtaca lena sonraí pearsanta féin.

I gcás gur thug an rialaitheoir sonraí fógra don ábhar sonraí faoi shárú ach nár tugadh fógra don Choimisiún faoi, cinnteoidh an tAonad um Ghearáin faoi Sháruithe go dtuairisceofaí an sárú go cúlghabhálach don Aonad um Fhógraí faoi Sháruithe. Cinnteoidh sé freisin gur ag gabháil leis sin a bheadh míniúchán ón rialaitheoir sonraí/ón bpróiseálaí sonraí ar cén fáth nár tugadh fógra don Choimisiún ar an gcéad dul síos. I gcásanna áirithe ina gceistíonn an Coimisiún an tsaincheist um neamhthuairisciú, cuireann roinnt rialaitheoirí sonraí in iúl go mbaineann ‘riosca íosta’ leis an sárú sonraí a luaithe a aimsítear é agus tugann siad le fios gur daingníodh na sonraí agus gur tugadh fógra don ábhar sonraí, má measadh gur ghá déanamh amhlaidh. Molann an Coimisiún go ndéanfadh rialaitheoirí sonraí, agus iad ag measúnú cé acu is gá nó nach gá fógra a thabhairt faoi sháruithe, aird a thabhairt ar an tionchar a bheadh ag sárú sonraí ar chearta agus saoirsí an ábhair shonraí.

Ildir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, láimhseáil an Coimisiún 48 ngearán maidir le sáruithe sonraí ó ábhair shonraí lenar bhain. I bhformhór na gcásanna, ba é a bhí sa sárú sonraí i gceist gur eisíodh sonraí pearsanta duine aonair chuig tríú páirtí go hearráideach. Ar an drochuair, b’amhlaidh i roinnt de na cásanna sin gur iarpháirtneir nó gaol de chuid an duine lenar bhain a bhí sa tríú páirtí. Bhain roinnt gearán faoi sháruithe le sáruithe níos sistéamaí ina ndeachthas i bhfeidhm ar líon ard daoine aonair. I ngach cás, ceanglaíonn an Coimisiún ar an rialaitheoir míniúchán cuimsitheach a thabhairt dó ar conas a tharla an sárú agus an míniúchán sin a chur in iúl don ábhar sonraí. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn an Coimisiún ar an rialaitheoir sonraí breac-chuntas a thabhairt ar na bearta go léir a rinne sé chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid choíche. Is féidir gurb é an to-radh a bheidh ar na bearta sin go réiteofaí an ní go cairdiúil agus nach mbeadh sé riachtanach don Choimisiún a chumhachtaí reachtúla foirmiúla a fheidhmiú. Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil ardtionchar nó tromchúis dhian ann ón taobh sistéamach de, féadfar fiosrúchán reachtúil a thosú, bíodh sé de thoil an Choimisiúin (rud a tharlaíonn i bhformhór na gcásanna) nó i dtaca leis na himthosca ar leith atá ag baint le gearán.



Gearáin a bhaineann le Sárúithe Sonraí: Cás-Staidéir

CÁS-STADÉAR 8

Cás-Staidéar 9: Sárú sonraí ag an bPríomh-Oifigeach Staidrimh — Nochtadh sonraí P45

(An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003)


Fuaireamar roinnt gearán go mall sa bhliain 2017 in aghaidh na Príomh-Oifige Staidrimh. Líomhnaíodh i ngach ceann díobh gur nocht an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí pearsanta na ngearánach lenar bhain gan a fhios dóibh agus gan toiliú a fháil uathu. Bhain na gearáin le sárú sonraí a thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn (de réir an Chóid Chleachtais um Shárúithe Slándála i nDáil le Sonraí Pearsanta, ar cód cleachtais deonach é) agus do na daoine aonair lenar bhain freisin.

D'eascair an sárú sonraí as gníomhartha a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh chun freagra a thabhairt ar thrí iarraidh a fuarthas thar thréimhse cúig lá ó iar-áiritheoirí daonáirimh ar leith a bhí ag iarraidh a bhfaisnéis P45. Ní hé amháin gur sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh faisnéis P45 na ndaoine lenar bhain, ach sheol sí faisnéis P45 na mílte áiritheoirí eile daonáirimh freisin. D'inis an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn gur sainithníodh an sárú sonraí nuair a bhí ball foirne ag caitheamh súil ar an mbosca ríomhphoist míreanna seolta dá cuid, rud a rinneadh mar chuid de chleachtais chaighdeánacha díchill chuí na Príomh-Oifige Staidrimh. Dheimhnigh an Phríomh-Oifig Staidrimh gur cuimsíodh sonraí pearsanta amháil Uimhreacha PSP, dátaí breithe, seoltaí agus an tuilleamh ón bhfostaíocht mar áiritheoirí daonáirimh san fhaisnéis P45 tríú páirtí a nochtadh.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh in iúl dúinn gurbh amhlaidh, ar an sárú a aimsiú, gur thug sí fógra do na faighteoirí faoin earráid, a dheimhnigh ina dhiaidh sin i scríbhinn gur scrios siad na comhaid. D'inis an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn gur thug sí fógra do gach duine aonair lenar bhain faoi fhírící an tsárúithe mar a bhain siad le gach duine aonair. Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh in iúl dúinn freisin gurbh amhlaidh, tar éis an tsárúithe sonraí, gur chuir sé raon nósanna imeachta nua chun feidhme le haghaidh iarrataí P45 a láimhseáil. Áiríodh leo sin rial nach dtabharfaí freagra ar iarrataí P45 ach amháin trí chasadh an phoist ón uair sin i leith.

Bhí tionchar ag an sárú sonraí sin ar na mílte duine ar cuimsíodh a sonraí pearsanta sna comhaid a nochtadh go neamhdhleathach don triúr iar-áiritheoirí. B'amhlaidh go bunúsach gur i dtriarach a tharla an teagmhas, toisc gur le trí chumarsáid amach ar leith a ceanglaíodh na comhaid a nochtadh go hearráideach. Bheifí in ann an teagmhas sin a chosc dá mba rud é go raibh na próisis chuí i bhfeidhm ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le haghaidh formhaoirseacht a dhéanamh ar eisiúint sonraí pearsanta a bhaineann le cáin.

D'eisigh an Coimisiún roinnt cinntí aonair ar na gearáin a fuarthas i dtaca leis an sárú. Chinn sé i ngach cás go ndearnadh sárú ar alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, toisc gur próiseáladh sonraí pearsanta gan bunús dlí, mar a bhí soiléir sa tuairisc sárúithe a sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh chuig an gCoimisiún. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na bearta nua a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh chun feidhme chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid choíche, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur thug sí aghaidh go cuimsitheach ar na mainneachtainí ba chúis leis an teagmhas. Mar sin féin, bhí na nósanna imeachta eagraíochtúla nua sin ina léiriú gurbh amhlaidh, maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm roimhe le haghaidh freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis a bhaineann le cáin, go raibh siad easnamhach ó thaobh dhlíthiúlacht na próiseála agus shlándáil agus rúndacht na sonraí pearsanta atá á sealbhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh a chinntiú de.



4

Fógraí faoi Shárúithe Sonraí



Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, tá feidhm maidir le gach eagraíocht is rialaitheoir sonraí ag oibleagáid nua um fhógra éigeantach a thabhairt faoi sháruihte sonraí. Baineann an cean-
glas dlíthiúil sin le formhór na bhfógraí a fhaigheann an Coimisiún faoi sháruihte.

Ar leithligh uaidh sin, is ann d'oibleagáid um fhógra éigeantach a thabhairt faoi sháruihte laistigh de 24 huair. Bhí feidhm ag an oibleagáid sin, agus tá feidhm aici fós, maidir le soláthraithe seirbhíse teileachumarsáide agus Idirlín i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011) agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 611/2013 ón gCoimisiún. Roimh an 25 Bealtaine 2018, ba faoi Chód Cleachtais um Sháruihte Slándála i nDáil le Sonraí Pearsanta a bhí deonach — i.e. nach raibh ina cheangal dlí — a cuireadh chuig an gCoimisiún formhór na sáruihte slándála sonraí pearsanta a tuairiscíodh. Tugadh an Cód Cleachtais isteach i mí Iúil 2011 agus níl feidhm aige a thuilleadh ón 25 Bealtaine 2018 i leith. Mar sin féin, leanann an Coimisiún le fógraí faoi sháruihte a fháil fós i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Sháruihte Slándála i nDáil le Sonraí Pearsanta más amhlaidh gur tharla an sárú roimh an dáta sin agus gur tuairiscíodh iad don Choimisiún an 25 Bealtaine 2018 nó tar éis an dáta sin. Ag an deireadh ar fad, faigheann an Coimisiún fógraí faoi sháruihte i dtaca leis an gceanglas fógra éigeantaigh faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí freisin. Trasúodh an Treoir trí bhíthin codanna áirithe den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (féach an rannán ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí chun tuilleadh sonraí a fháil).

Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún 3,687 bhfógra faoi sháruihte sonraí i gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán Ginearálta. Díobh sin, rangáíodh 145 chás (4%) gan a bheith ina sárú toisc nár chomhlíon siad an sainmhíniú ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta atá leagtha amach in Airteagal 4.12 den Rialachán Ginearálta. Thairfead an oifig 3,542 fhógra bhailí faoi chosaint sonraí ar fud na gceithre chreat dlíthiúla idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. B'ionann é sin agus méadú 27% (747 bhfógra) ar an líon a tuairiscíodh sa bhliain 2017.

Faoi mar a bhí amhlaidh i mblianta eile, rangáíodh an chatagóir ab airde sáruihte sonraí ar tugadh fógra fúthu faoin Rialachán Ginearálta a bheith ina Nochtadh Neamhúdaraith. B'ionann sáruihte den sórt sin agus pas beag níos lú ná 85% de na fógraí ar fad faoi sháruihte sonraí a fuarthas idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Ba san earnáil phríobháideach (2,070 sárú) a tharla formhór na sáruihte sin.

Rinne an Coimisiún 92 fhógra bhailí san iomlán faoi sháruihte sonraí a fháil i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011 — féach sonraí thuas). B'ionann an líon sin agus pas beag níos mó ná 2% de na cásanna bailí ar fad ar tugadh fógra fúthu sa bhliain.

Sáruihte lena mBaineann Cuideachtaí Ilnáisiúnta Teicneolaíochta

Sa tréimhse idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, tugadh fógra don Choimisiún faoi 38 sárú i ndáil le sonraí pearsanta lena bhain 11 chuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta. (Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an tAonad um Theicneolaíocht agus Cuideachtaí Ilnáisiúnta, agus ní an tAonad um Sháruihte Sonraí, a dhéanann scrúdú agus láimhseáil ar fhógraí faoi sháruihte sonraí lena mbaineann cuideachtaí san earnáil cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta). Bhain líon suntasach de na fógraí sin le nochtadh neamhúdaraith sonraí pearsanta agus rochtain neamhúdaraith ar shonraí pearsanta a d'eascair as fabhtanna sna bogearraí a sholáthair próiseálaithe sonraí ar fhostaigh na heagraíochtaí iad. Chuir an Coimisiún tús le roinnt fiosrúcháin reachtúil foirmiúil (amhail sárú Chéadchomharthaí Facebook i mí Mheán Fómhair 2018) tar éis dó na fógraí sin a fháil. Bhí roinnt díobh i mbéal an phobail agus ina n-ábhar do chlúdach suntasach sna meáin (féach an rannán den tuarascáil seo ina bpléitear Maoirseacht ar Chuideachtaí Ilnáisiúnta Teicneolaíochta). Go ginearálta, scrúdaítear sna fiosrúcháin sin cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an eagraíocht lena mbaineann na hoibleagáidí atá uirthi faoin Rialachán Ginearálta. Áirítear leo sin an oibleagáid chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun críche na sonraí pearsanta a phróiseáil siad a dhainníú agus a chosaint.

Tríd is tríd, leagtar béim sa Rialachán Ginearálta ar an ngá atá ann le cur chun feidhme a dhéanamh ar chearta cosantacha (idir bhearta teicniúla agus bhearta eagraíochtúla) atá ag teacht le leibhéal riosca na próiseála a bhféadfadh eagraíocht tabhairt fúithi. Ba cheart d'eagraíochtaí a staid slándála teicniúla agus eagraíochtúla a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus ba cheart dóibh a mbearta teicniúla agus eagraíochtúla a bheachtú i gcomhréir leis an riosca. Sa chomhthéacs sin, molann an Coimisiún go gcinnteodh eagraíochtaí:

- nach mbíonn siad ag brath an iomarca ar phróiseálaithe sonraí maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta slándála cuí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus go sásaíonn siad iad féin gur i gcomhréir leis an riosca a gcruthaíonn na gníomhaíochtaí próiseála lena mbaineann é atá na bearta slándála atá i bhfeidhm lena bpróiseálaithe sonraí. Ba cheart d'eagraíocht bheith in ann a thaispeáint freisin don Choimisiún go bhfuil sí sásta leis na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá curtha chun feidhme ag aon phróiseálaí sonraí a bhfostaíonn sí é;

- go mbíonn comhaontuithe cuí próiseála sonraí i bhfeidhm acu lena n-áirithítear dea-rialachas agus dea-rialuithe maidir le próiseálaithe sonraí agus lena n-áirithítear gur chomhlíon próiseálaithe sonraí na hoibleagáidí atá orthu sonraí pearsanta a phróiseáil go sábháilte ar ordú a fháil ón rialaitheoir sonraí; agus
- nach mbíonn siad ag brath an iomarca ar phróiseálaithe sonraí maidir le cinneadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta cuí slándála chun an phróiseáil sonraí pearsanta de chuid eagraíochta a chosaint. Baineann ríthábhacht le teagmháil ghníomhach leanúnach le próiseálaithe sonraí chun a chinntiú go mbíonn na bearta teicniúla agus eagraíochtúla oiriúnach don riosca agus go gcomhlíonann siad na ceanglais shonracha slándála atá ar an eagraíocht an phróiseáil sonraí pearsanta a chosaint.

Fógraí faoi shárúithe ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

Fuair an Coimisiún 12 fhógra faoi shárúithe i dtaca leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/680), rud a trasnúodh i ndlí na hÉireann trí bhithin codanna áirithe den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Áiríodh na nithe seo le samplaí tipiciúla de na sárúithe sonraí ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018:

- láimhseáil mhíchuí sonraí pearsanta nó nochtadh míchuí sonraí pearsanta, e.g. diúscairt mhíchuí, rochtain a bheith ag tríú páirtithe ar shonraí pearsanta — bíodh sí de láimh nó ar líne, rochtain neamhúdaraithe ag fostaí;

- cailleadh na sonraí pearsanta a bhí á gcoimeád ar ghléasanna cliste, ar ríomhairí glúine, ar ríomhairí, ar mhéaróga cuimhne (USB) agus ar chomhaid pháipéir; agus
- teagmhais mhaifseacha nó chibearchoireachta amhail ionsaithe nirt bhrúidiúil, haiceáil, bogearraí mailíseacha, fioscaireacht, agus bogearraí éirice.

Faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2017, bhí méadú ann ar an líon cásanna a tuairiscíodh inar cuireadh cibearshlándáil i mbaol. Tháinig méadú géar ar an líon fógraí ó 49 gcás sa bhliain 2017 go 225 chás sa bhliain 2018. Ar na cásanna den chineál sin tá ionsaithe fioscaireachta, ionsaithe bogearraí mailíseacha agus ionsaithe bogearraí éirice.

Chomh maith leis sin, chonaic an Coimisiún go raibh méadú ann san úsáid a bhí á baint as ionsaithe in-nealtóireachta sóisialta agus ionsaithe fioscaireachta chun rochtain a fháil ar na córais TFC de chuid rialaitheoirí agus próiseálaithe. Cé gur chuir a lán eagraíochtaí bearta éifeachtacha slándála TFC i bhfeidhm ar dtús, tháingamar ar an gconclúid nach raibh eagraíochtaí ag déanamh gníomhartha réamhghníomhacha chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin nó chun oiliúint a chur ar bhaill foirne chun a chinntiú go mbeadh siad ar an eolas faoi bhagairtí athraitheacha. Sna cásanna sin, molaimid fós go ndéanadh eagraíochtaí athbhreithnithe tréimhsiúla ar a mbearta slándála TFC agus go gcuirfeadh siad plan cuimsitheach oiliúna chun feidhme dá bhfostaithe, rud a neartófaí le hoiliúint athnuaichana agus le cláir mhéadaithe feasachta, chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a gcruthaíonn tírdhreach bagairtí athraitheacha iad.

Fógraí faoi shárúithe de réir catagóire (2018)	Príobháideach	Poiblí	Mór-Iomlán
Cailleadh nó goideadh gléas (criptithe)	21	21	42
Cailleadh nó goideadh gléas (neamhcriptithe)	17	13	30
Nochtadh (neamhúdaraithe)	2070	1064	3134
Haiceáil	102	14	116
Diúscairt mhíchuí páipéir	15	15	30
Bogearraí mailíseacha	27	5	32
Cailleadh nó goideadh páipéar	86	110	196
Fioscaireacht	91	16	107
Mór-Iomlán	2429	1258	3687

Tá na cás-staidéir seo a leanas ina sampla de na cineálacha difriúla sáruithe sonraí ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Bheifí in ann gach ceann de na sáruithe a chosc dá mba rud é gur chuir an eagraíocht bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán Ginearálta.

Cás-Staidéir ar Sháruithe Sonraí

CÁS-STADÉAR 9

Mainneachtain na beartais chosanta sonraí a bhí i bhfeidhm a chur chun feidhme

Chaill fostaí de chuid an rialaitheora sonraí, ar comhlacht earnála poiblí é, gléas neamhchriptithe USB ina raibh faisnéis phearsanta faoi roinnt comhghleacaithe agus roinnt úsáideoirí seirbhíse.

Bhí i bhfeidhm ag an rialaitheoir poiblí an beartas agus na nósanna imeachta cuí lenar cuireadh cosc ar shonraí pearsanta a stóráil ar a chóras lárnach TF agus ar shonraí pearsanta a bhaint ón gcóras sin ach gléasanna neamhchriptithe a úsáid. Ní raibh i bhfeidhm aige, áfach, an fhormhaoirseacht ná an mhaoirseacht a bhí riachtanach

chun a chinntiú go gcloíff lena chuid rialacha. Ba chosúil nach raibh an fostaí ar an eolas faoin mbeartas maidir le gléasanna neamhchriptithe a úsáid ach oiread. Bheifí in ann an sárú a chosc sa chás seo dá mba rud é gur chuir an eagraíocht an beartas chun feidhme ina iomláine agus gur chuir sí an fhoireann ar an eolas faoi.

CÁS-STADÉAR 10

Mainneachtain bearta cuí a dhéanamh chun tuilleadh ionsaithe fioscaireachta a chosc

Thug rialaitheoir sonraí san earnáil phríobháideach, atá ag obair san earnáil gnó lóistíochta ilnáisiúnta, fógra don Choimisiún faoi theagmhas fioscaireachta. Sa chás seo, cuireadh cuntas ríomhphoist de chuid fostaí i mbaol agus rinneadh ionsaí fioscaireachta ar liostaí teagmhála an úsáideora ansin.

Mar fhreagairt d'arrataí uaidh ar fhaisnéis faoi na feabhsuithe slándála a dhéanfaí, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don Choimisiún go raibh sé ag smaoineamh ar fhíordheimhniú ilfhachtóra a chur i bhfeidhm ar a chuntais ríomhphoist. Bhí an-chostas ag baint leis an mbeart sin, áfach. D'fhulaing an rialaitheoir sonraí ceithre ionsaí

fioscaireachta ríomhphoist eile thar na trí mhí ina dhiaidh sin, rud a chuir isteach go mór ar a chuid oibríochtaí. Ní tharlódh na ceithre shárú sonraí ina dhiaidh sin dá mba rud é gur chuir an rialaitheoir sonraí an fíordheimhniú ilfhachtóra a sainithníodh ar dtús chun feidhme.

CÁS-STADÉAR 11

Cailleadh gléas neamhchriptithe USB sa phost

Thug rialaitheoir sonraí san earnáil phríobháideach fógra don Choimisiún gur seoladh pacáiste ina raibh foirmeacha toilithe agus gléas neamhchriptithe USB ach úsáid a bhaint as seirbhísí gnáthphoist.

Rinneadh damáiste don phacáiste agus é faoi bhealach, áfach, agus thit an gléas USB amach as an bpacáiste agus cailleadh é dá bharr sin. Ba é a bhí sa ghléas USB ná pictiúir de mhionaoisigh agus iad ag glacadh páirt in imeacht oideachasúil eagraithe. D'fhéadfaí cailleadh/ nochtadh féideartha na sonraí pearsanta a bhí sa ghléas

USB a chosc/a mhaolú sa chás seo dá mba rud é go raibh beartas criptithe i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí maidir le gléasanna cuimhne iniompartha a úsáid agus go raibh beartas leordhóthanach i bhfeidhm aige maidir le hábhar íogair a sheoladh le casadh an phoist, e.g. an post cláraithe/seirbhís cúiréireachta.

CÁS-STADÉAR 12

Fioscaireacht suíomh Gréasáin

Thug rialaitheoir sonraí san earnáil phríobháideach (oideachas) fógra don Choimisiún faoi theagmhas fioscaireachta, áit ar chliceáil ball foirne ar nasc amhrasach suíomh Gréasáin agus ar chuir sé a dhintiúir isteach.

Cuireadh cuntas ríomhphoist an bhaill foirne i mbaol dá bharr sin. Níor chumasaigh an rialaitheoir sonraí fíordheimhniú ilfhachtóra ar a chuntais ríomhphoist. D'fhéad-

faí an sárú sonraí a chosc sa chás seo dá mba rud é go raibh an beart teicniúil sin agus oiliúint chúí i gcibearshlándaíl i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí ón tús.

CÁS-STADÉAR 13

Cailleadh comhaid pháipéir agus iad faoi bhealach

Thug an rialaitheoir sonraí, ar comhlacht poiblí é, fógra don Choimisiún faoi theagmhas a bhain le hiompar comhad dlíthiúil cruachóipe ina raibh catagóir speisialta sonraí pearsanta.

Rinne an rialaitheoir cuideachta cúiréireachta a chonrú chun na comhaid a iompar chuig roinn eile, ach chuaigh na comhaid ar iarraidh ina dhiaidh sin agus iad faoi bhealach. Tharla sé nár choinnigh an rialaitheoir leagan cúltaca de na comhaid bhunaidh agus cailleadh sonraí pearsanta dá bharr sin. Ní raibh nósanna imeachta dóthanacha i bhfeidhm ag an rialaitheoir le haghaidh comhaid chruachóipe ina bhfuil catagóir speisialta sonraí pearsanta a bhaint agus a stóráil go slán. D'fhéadfaí an

sárú a chosc sa chás seo dá mba rud é go ndearna an eagraíocht breithniú cuí ar a riachtanais agus ábhair den sórt sin á n-iompar aici chuig láthair eile agus ar na rioscaí dúchasacha atá i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin agus dá mba rud é gur chuir sí bearta níos sláine chun feidhme chun cosaint sonraí pearsanta a chinntiú.

CÁS-STAIDÉAR 14

Rinneadh ionsaí chun cárta SIM a bhabhtáil

Thug ábhar sonraí fógra don rialaitheoir sonraí (ar oibritheoir líonra fón póca é) á rá gur iarr tríú páirtí neamhúdaraíthe babhtáil cárta SIM ar a cuntas fón póca agus gur údaraíodh an bhabhtáil sin.

Bhí imní ar an ábhar sonraí toisc gur úsáideadh a huimhir fón póca chun teachtaireachtaí téacs a fháil óna banc le haghaidh fíordheimhniú dhá fhachtóir i dtaca lena seirbhís baincéireachta. Tugadh le fios san imscrúdú breise a rinne an rialaitheoir sonraí ar an gcás go bhfuair tríú páirtí neamhaithnid méid beag sonraí pearsanta de chuid an ábhair shonraí ach modhanna seachtra-cha a úsáid. Tugadh le fios ann freisin gur éirigh leis an tríú páirtí sin dul trí phróisis bhailíochtaíthe aitheantais an rialaitheora sonraí. Níor chloígh an gníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí de chuid an rialaitheora sonraí leis an bpróiseas bailíochtaíthe ina iomláine agus gur

éascaigh an gníomhaire babhtáil cárta SIM ar chuntas an chustaiméara ar bhealach a bhí contrártha do bheartas an rialaitheora sonraí. Ní tharlódh an sárú sa chás seo dá mba rud é go raibh próisis níos láidre i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí lena gcuirtear cosc ar rochtain ar fhaisnéis thábhachtach cuntais agus dá mba rud é go bhfuair an gníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí oiliúint dhóthanach i gcosaint sonraí, lena n-áirítear oiliúint ar na rioscaí a thagann chun cinn ó thaobh sonraí pearsanta custaiméirí de nuair a imítear ó bheartas bailíochtaíthe na cuideachta.

Nóta Tráchta maidir le Sárú Coitianta Sonraí

I gcás na sárúithe sonraí ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu, is suntasach an rud é gur as dintiúir a cuireadh i mbaol nó a goideadh a tháinig cuid mhór de na sárúithe sin a raibh riosca do shonraí airgeadais i gceist leo. Maidir leis na sárúithe eárnála poiblí ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu, is ábhar imní ar leith é gur bhain líon suntasach díobh le catagóirí speisialta sonraí pearsanta nó le sonraí i ndáil le ciontuíthe nó cionta coiriúla.

Mar gheall ar na hoibleagáidí slándála atá ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe, ní mór dóibh aird a thabhairt ar chineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála, ar na cineálacha difriúla rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann le linn sonraí den sórt sin a phróiseáil agus ar dhóchúlacht agus déine na rioscaí sin do na daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil. Mar gheall ar na rioscaí dúchasacha níos airde atá i gceist le catagóirí speisialta sonraí pearsanta, sonraí a bhaineann le cionta agus ciontuíthe coiriúla agus sonraí airgeadais a phróiseáil, ní mór do rialaitheoirí bearta teicniúla agus eagraíochtúla ardleibhéil a chur chun feidhme ar mhaithe le

sonraí pearsanta den sórt sin a dhaingniú agus a chosaint. Ní mór go mbeidh na bearta sin ag teacht leis na rioscaí sonracha a ghabhann leis na hoibríochtaí próiseála lena mbaineann.

Ag eascairt as patrúin áirithe a sainithníodh sna sárúithe sonraí ar thug rialaitheoirí ar leith fógra don Choimisiún fúthu, thosaigh an Coimisiún seacht bhfiosrúchán dá thoil féin faoi alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go dtí seo. Tá imthosca sonracha fógraí eile faoi shárúithe á scrúdú ag an gCoimisiún freisin d'fhonn fiosrúcháin nó ionchúisimh reachtúla a thosú faoi na Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011).

5

An tAonad Faisnéise agus Measúnaithe



Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí is ea seirbhís faisnéise atá freagrúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aonair agus eagraíochtaí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí faoin reachtaíocht cosanta sonraí.

Cuireann an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe sa Choimisiún seirbhís deas chabhrach ar fáil chun faisnéis a thabhairt don phobal. Faigheann sé ceisteanna, agus tugann sé freagra ar cheisteanna, ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí tríd an ríomhphost, tríd an bhfoirm ar líne agus thar an teileafón freisin. Ina theannta sin, téann an t-aonad i dteagmháil le daoine aonair agus déanann sé measúnú ar ábhair imní agus gearáin a chuirtear in iúl faoi sháruithe féideartha ar a gcearta cosanta sonraí.

Freagra a Thabhairt ar Cheisteanna

Tháinig méadú suntasach ar ualach oibre an aonaid mar thoradh ar thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí an 25 Bealtaine 2018 agus mar thoradh ar an méadú comhfhreagrach ar an bhfeasacht atá ag eagraíochtaí agus ag an bpobal i gcoitinne ar shaincheisteanna cosanta sonraí. Fuair an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe beagnach 31,000 teagmháil idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 31 Nollaig 2018. Bhí siad comhdhéanta de thart ar 15,000 ríomhphost, 13,000 glao teileafóin agus 3,000 píosa comhfhreagrais a seoladh le casadh an phoist.

Tá sé mar aidhm againne ag an gCoimisiún freagra a thabhairt ar gach ceist a luaithe is féidir. Déanaimid amhlaidh trí fhaisnéis a thabhairt go díreach don chomhfhreagraí nó trí é a threorú chuig treoir nó faisnéis ábhartha atá ar fáil san fhearann poiblí.

Próiseas Bunathraithe an Aonaid Faisnéise agus Mheasúnaithe

Ar mhaithe le seirbhís faisnéise agus measúnaithe gearáin níos éifeachtaí agus níos freagrúla a sholáthar, tá próiseas bunathraithe ar siúl san Aonad Faisnéise agus Measúnaithe faoi láthair. Ní hé amháin gur mhéadaigh an líon foirne san aonad ó 13 dhuine go níos mó ná 20 duine sa bhliain 2018, bhí an t-aonad ag gabháil dá chuid próiseas a athstruchtúrú agus a chuíchóiriú d'fhonn seirbhís níos fearr a sholáthar don phobal freisin. Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, dhírigh an t-aonad go háirithe ar straitéisí nua a chur i bhfeidhm le haghaidh gearáin agus ceisteanna lena ngabhann leibhéil dhifriúla chastachta a shainathint agus le haghaidh freagra cuí a thabhairt orthu. Beidh sé mar thosaíocht againn arís eile sa bhliain 2019 feabhas a chur ar cháilíocht agus freagrúlacht na seirbhíse a sholáthraíonn an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe.


Treochtaí agus Patrúin atá ag Teacht Chun Cinn ó Chur i bhFeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Trí anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna cosanta sonraí a dtarraingítear a aird orthu, sainathníonn an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe treochtaí agus patrúin ó thaobh cosaint sonraí de atá ag teacht chun cinn agus a théann i bhfeidhm ar dhaoine aonair agus eagraíochtaí. Cabhraíonn sé sin leis an gCoimisiún a chuid cumarsáidí seachtracha a dhíriú ar na saincheisteanna is práinní. Mar shampla, thug an tAonad Faisnéise agus Measúnaithe faoi deara go raibh méadú suntasach ann ar an líon ceisteanna agus gearán a bhí á bhfáil maidir le húsáid TCI, ceamaraí deaise agus ceamaraí coirp le linn na bliana 2018, agus d'fhoilsigh sé treoir shonrach ar an topaic ina dhiaidh sin. Leanfar le hanailís agus foghlaim den sórt sin a úsáid chun cumarsáidí an Choimisiúin a threorú le linn na bliana 2019.

Tháinig méadú ar a chasta atá na ceisteanna agus na gearáin a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tugtar faoi deara gur tháinig méadú freisin ar an bhfeasacht atá ag an bpobal i gcoitinne ar an Rialachán Ghinearálta agus ar shaincheisteanna cosanta sonraí, rud ar dóigh go bhfuil sé inchurtha go páirteach ar a laghad i leith na hairde a tarraingíodh ar nithe cosanta sonraí roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta agus tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta le linn na bliana. I gcomhthráth leis an méid sin ar fad, tugann caidreamh an Aonaid Faisnéise agus Mheasúnaithe le rialaitheoirí sonraí agus le próiseálaithe sonraí ó chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta le fios, tríd is tríd, go leanann na heagraíochtaí sin le hiarracht chomhbheartaithe a dhéanamh cleachtadh a fháil ar na hoibleagáidí breisithe atá orthu faoin gcreat rialála nua.

6

Imscrúduithe Speisialta



Cuireadh an tAonad Imscrúduithe Speisialta ar bun sa Choimisiún sa bhliain 2015, agus é mar phríomhdhualgas air obair imscrúdaithe a dhéanamh ar a thionscnamh féin, seachas imscrúduithe gearánbhunaithe a dhéanamh. Aonad réamhghníomhach is ea an tAonad Imscrúduithe Speisialta, a fhreagraíonn do na saincheisteanna beo a dtagann an Coimisiún ar an eolas fúthu trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear tríd an anailís a dhéanann an Coimisiún ar na treochoí a thagann as a chuid feidhmeanna láimhseála gearán a chomhlíonadh, trí shaincheisteanna sna meáin agus trí ábhair inmí a tharraingíonn an tsochaí shibhialta anuas — ionadaithe poiblí agus tathantóirí príobháideachta ina measc. Mar a dúradh níos luaithe sa tuarascáil seo, foráiltear leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, do dhá chineál dhifriúla fiosrúcháin reachtúil — fiosrúcháin ghearánbhunaithe agus fiosrúcháin a thosaíonn an Coimisiún dá thoil féin. Foráiltear leis d'iniúchtaí a dhéanamh freisin. Is trí fhiosrúcháin dá thoil féin a chuirfeadh obair an Aonaid Imscrúduithe Speisialta i gcrích as seo amach.

An Cárta Seirbhísí Poiblí

Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, leanadh le hobair ar an imscrúdú speisialta atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gcárta seirbhísí poiblí agus ar an bpróiseas clárúcháin don chárta. Tosaíodh an t-imscrúdú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, i mí Dheireadh Fómhair 2017 (mar a pléadh sa tuarascáil bhliantúil don bhliain 2017) agus ní mór é a chríochnú faoin reachtaíocht sin. Áirítear iad seo a leanas le cuspóirí an imscrúdaithe, mar a leagadh amach sa chéad tuarascáil bhliantúil don bhliain 2018 (arbh í an Tuarascáil Deiridh ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí í):

- a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil bunús dlí ann do shonraí a phróiseáil i ndáil leis an gcárta seirbhísí poiblí;
- a scrúdú cé acu atá nó nach bhfuil bearta slándála cuí i bhfeidhm do na sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ndáil leis an gcárta seirbhísí poiblí;
- meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don phobal; agus
- a fháil amach cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fhaisnéis sin ceanglais trédhearcachta na reachtaíochta cosanta sonraí.

Is imscrúdú an-chasta é seo, a bhfuil sainbhaill foirne ó rannóga imscrúduithe, teicneolaíochta agus dlí an Choimisiúin páirteach ann. Rinneadh scrúdú ar chuid mhór ábhair ar fud earnálacha rialtais éagsúla cheana féin, idir ábhar a bhí ar fáil go poiblí agus ábhar a bhí in aighneachtaí a rinne an rialaitheoir sonraí — an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí — chuig an gCoimisiún. Mar a dúradh sa chéad tuarascáil bhliantúil don bhliain 2018, eisíodh dréacht-tuarascáil (ina raibh

138 leathanach) chuig an Roinn le trácht a dhéanamh uirthi i mí Lúnasa 2018. Ba é a bhí sa dréacht-tuarascáil sin ná 13 chinneadh shealadacha agus 17 n-iarraidh ar thuilleadh faisnéise. Fuarthas aighneachtaí agus tuilleadh faisnéise ón Roinn i leith na dréacht-tuarascála ag deireadh na bliana 2018. Tá an Coimisiún fós ag déanamh scrúdú ar na haighneachtaí fairsinge agus na hábhair fhairsinge (ina bhfuil thart ar 470 leathanach) a fuarthas ón Roinn.

An Faireachas a dhéanann an Earnáil Stáit chun Críocha Fhorfheidhmiú an Dlí

Ag gníomhú dó tríd an Aonad Imscrúduithe Speisialta, d'oscail an Coimisiún 31 fhiosrúchán dá thoil féin faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, i mí an Mheithimh 2018 ar an bhfaireachas a dhéanann an earnáil stáit ar shaoránaigh chun críocha fhorfheidhmiú an dlí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí amhail TCI, ceamaraí coirp, córais um uathaithe uimhirphlátaí, ladraínn agus teicneolaíochtaí eile. Is minic a úsáideann an earnáil stáit teicneolaíochtaí den sórt sin chun críocha faireachais anois agus feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí á seoladh aici, agus is amhlaidh go nglacann a lán daoine leis sin mar cheann de na hiarmhairtí atá ag an ré dhigiteach. I mbeagán focal, is é cuspóir na bhfiosrúcháin seo a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an phróiseáil a dhéantar ar sonraí pearsanta sna himthosca sin ag teacht leis an dlí cosanta sonraí.

Foráiltear le halt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go bhféadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí fiosrúchán a dhéanamh ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil sárúithe á ndéanamh ar an Rialachán

Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó go ndearnadh sárúithe air. Foráiltear le halt 123 den Acht go bhféadfaidh sé fiosrúchán den chineál céanna a dhéanamh i ndáil le forálacha na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, arna trasú in Éirinn leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (féach an rannán ar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí chun tuilleadh sonraí a fháil). Is fiosrúcháin dár dtoil féin iad seo, atá á seoladh faoi alt 110 agus faoi alt 123 araon. Roinneadh na fiosrúcháin ina roinnt modúl.

Táthar ag díriú ar an 31 údarás áitiúil in Éirinn sa chéad mhodúl agus táthar ag díriú ar an nGarda Síochána sa dara modúl. Is dóigh go gcuirfeadh modúil eile leo de réir mar a théann na fiosrúcháin ar aghaidh.

Tosaíodh an chéad mhodúl agus an dara modúl ach leas a bhaint as an gcumhacht iniúchóireachta cosanta sonraí dá bhforáiltear in alt 136 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Sa chéad chéim de na hiniúchtaí, d'eisigh an Coimisiún ceistneoir mionsonraithe chuig gach ceann den 31 údarás áitiúil agus chuig an nGarda Síochána chun faisnéis a bhailiú faoin úsáid a bhaineann siad faoi seach as TCI, ceamaraí coirp, córais um uaththint uimhirphlátaí, ladraínn agus teicneolaíochtaí eile chun críocha faireachais.

Tosaíodh an dara céim i mí Mheán Fómhair 2018, tráth a cuireadh tús le sraith cigireachtaí ar an láithreán. Sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollaig 2018, chuir an tAonad Imscrúduithe Speisialta 10 gcigireacht ar an láithreán i gcrích san earnáil údarás áitiúil.

Tá cuid mhór gnéithe i gceist leis na fiosrúcháin seo agus baineann ceann amháin díobh le hiniúchadh a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as córais phobalbhunaithe TCI. Mar chuid den obair sin, tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil alt 38 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (lena soláthraítear bunús reachtach do scéimeanna den sórt sin faoi choinníollacha áirithe) á gcomhlíonadh ina iomláine, a mhéid a bhaineann an cheist sin leis na nithe seo a leanas: cé acu a cheadaigh nó nár cheadaigh Coimisinéir an Gharda Síochána gach scéim den sórt sin atá i bhfeidhm faoi láthair agus cé acu atá nó nach bhfuil oibleagáidí an rialaitheora sonraí á gcomhlíonadh ag na húdaráis áitiúla, mar a cheanglaítear faoin Acht, agus conas atá na hoibleagáidí sin á gcomhlíonadh acu. (Tá líon beag scéimeanna á n-oibriú go díreach ag an nGarda Síochána agus is é an Garda Síochána an rialaitheoir sonraí ina leith.) Bíonn uaththint uimhirphlátaí nasctha

ag éirí níos coitianta sna scéimeanna agus, dá réir sin, tá an bunús don chineál faireachais sin á scrúdú mar chuid de na fiosrúcháin freisin.

Tá roinnt gnéithe eile i gceist leis na fiosrúcháin seo, atá á ndéanamh againn dár dtoil féin. Áirítear leo sin an scrúdú atá á dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ceamaraí TCI chun faireachán a dhéanamh ar eastáit tithíochta áirithe údaráis áitiúil agus ar an úsáid a bhaintear as ceamaraí faoi cheilt chun ciontóirí a bhraith agus iad ag caitheamh bruscair agus i mbun diúscairt dramaíola neamhdhleathach. Scrúdaíodh na fiosrúcháin freisin an bunús dlí do na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Is fiosrúcháin thábhachtacha leathana iad seo agus leanfaidh an Coimisiún le tús áite a thabhairt dá ndul chun cinn le linn na bliana 2019.


Thionscain an CCS an dá fhiosrúchán seo idir 25 Bealtaine agus 31 Nollaig 2018:

Fiosrúchán de réir an Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir le sárúithe sonraí ag tarlú i dTUSLA. Tá an fiosrúchán seo de thoil an CCS de réir Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ag fiosrú an líon mór sárúithe sonraí a tharla, a bhfuil catagóirí speisialta sonraí a shainmhíneáir in Airteagal 9 den RGCS ag baint le go leor acu, agus scrúdóidh an fiosrúchán an bhfuil bearta ábhartha eagraíochtúla agus teicniúla á chur i bhfeidhm ag TUSLA faoin RGCS.

Fiosrúchán de réir an Acht um Chosaint Sonraí 2018 faoi líomhaintí maidir le sárú ar Airteagal 28 (Oifigeach Cosanta Sonraí) den RGCS ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá an fiosrúchán seo, fiosrúchán de thoil an CCS de réir Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí atá i gceist, leanúnach.

Imscrúdú eile le tabhairt faoi deara:

Bhí imscrúdú an CCS faoi Independent News and Media de réir na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, maidir leis an nochtadh neamhdhleathach féideartha de shonraí a bhí ar fhreastalaithe cuideachta chuig tríú páirtithe agus maidir le sárúithe eile na hAchtanna um Chosaint Sonraí, leanúnach ar an 31 Nollaig



7

Maoirseacht ar Chuideachtaí Innáisiúnta Teicneolaíochta



An 25 Bealtaine 2018, tháinig athrú ollmhór ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i maoirseacht a dhéanamh ar na hoibríochtaí próiseála sonraí de chuid na raidhse cuideachtaí ilnáisiúnta ar mhórán sonraí — cuideachtaí teicneolaíochta, cuideachtaí Idirlín agus cuideachtaí meán sóisialta ina measc — a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach lonnaithe in Éirinn.

I gcás cuid mhór de na cuideachtaí sin, lena n-áirítear Apple, Facebook, Microsoft, Twitter, Dropbox, Airbnb, LinkedIn, Oath, WhatsApp, MTCH Technology agus Yelp, gníomhaíonn an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta faoin tsaoráid maidir le hIonaid Ilfhreastail faoin Rialachán Ginearálta (mínítear an prionsabal sin sa rannán Gearán den tuarascáil seo). Fágann sé sin gur féidir le heagraíochtaí a ngníomhaíonn an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta dóibh tairbhe a bhaint as pointe teagmhála aonair a bheith acu leis an gCoimisiún mar údarás maoirseachta cosanta sonraí, in ainneoin go bhfuil siad gníomhach i níos mó ná Ballstát amháin den Aontas. Leagann an ról sin dualgas tábhachtach ar an gCoimisiún cosaint a thabhairt do chearta cosanta sonraí na gcéadta milliún duine aonair ar fud an Aontais agus ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta ar an gCoimisiún an dualgas sin a chomhlíonadh i gcomhar le húdarás maoirseachta eile.

Ó chur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta, tá obair agus díriú an Choimisiúin san earnáil cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta bunaithe go príomha ar na móréilimh oibriúcháin atá ag eascairt as an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail agus as an gcomhar agus an teagmháil riachtanach le húdarás maoirseachta eile.

Ba é an chéad léiriú ar ról an-leathnaithe an Choimisiúin faoin Rialachán Ginearálta ná na gearáin a rinne NOYB — European Center for Digital Rights agus La Quadrature du Net leis na húdarás maoirseachta sa Bheilg, san Ostair agus sa Ghearmáin an 25 Bealtaine 2018 agus tamaillín ina dhiaidh sin. Is cumainn ‘neamhbhrabúis’ iad NOYB agus La Quadrature du Net, a dhéanann ionadaíocht do dhaoine aonair a gcreideann gur sáraíodh a gcearta cosanta sonraí. Aithnítear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta), an ceart atá ag daoine aonair chun comhlacht neamhbhrabúis a bhfuil cuspóirí cosanta sonraí aige a údarú gearán a dhéanamh le húdarás cosanta sonraí thar a gceann. Ós rud é gur bhain na gearáin sin le heagraíochtaí a ngníomhaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar phríomhúdarás maoirseachta dóibh, ba chuíg an gCoimisiún a aistríodh na gearáin ó na húdarás ábhartha a ndearnadh iad leo ar dtús. Tarraingíodh saincheisteanna bunúsacha maidir le comhlíonadh an dlí cosanta sonraí anuas sna gearáin sin. Dá réir sin, thosaigh an Coimisiún fiosrúcháin reachtúla chun a scrúdú cé acu atá nó nach bhfuil na hoibleagáidí atá orthu faoin

Rialachán Ginearálta á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí lena mbaineann. Tá tuilleadh faisnéise leagtha amach sa tábla thíos.

Tá na staitisticí seo a leanas don tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 mar fhianaise eile ar an méadú suntasach a tháinig ar ualach oibre an Choimisiúin i leith na hearnála cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta:

- cuireadh 260 gearán ar aghaidh chuig próisis láimhseála gearán, lena n-áiríodh gearáin a tháinig ó údarás maoirseachta eile san Aontas, a bhain le níos mó ná 40 eagraíocht.
- tosaíodh 15 fhiosrúchán reachtúla.
- láimhseáladh 38 bhfógra faoi sháruithe sonraí pearsanta i ndáil le próiseáil trasteorann, a bhain le 11 eagraíocht.
- d’eisigh an Coimisiún 23 iarraidh fhoirmiúla chuig eagraíochtaí, agus leas á bhaint aige as na cumhachtaí maoirseachta ginearálta atá aige chun faisnéis mhionsonraithe a lorg faoi chomhlíonadh na ngnéithe éagsúla den Rialachán Ginearálta.
- fuair agus láimhseáil an Coimisiún 16 iarraidh ar chúnamh frithpháirteach (idir iarrataí foirmiúla agus iarrataí deonacha) ó údarás maoirseachta eile san Aontas.

Fiosrúcháin Reachtúla

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 15 fhiosrúchán (imscrúdú) reachtúla ar oscailt ag an gCoimisiún maidir leis an dóigh a bhfuil an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí á chomhlíonadh ag cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta. Tá gach ceann de na fiosrúcháin sin á seoladh ag an gCoimisiún de bhun alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus, i gcás go mbaineann an fiosrúchán le próiseáil trasteorann, i gcomhréir leis an Sásra Comhair agus Comhsheasmhachta faoi Chaibidil VII den Rialachán Ginearálta.

Tosaíodh na fiosrúcháin:

- mar fhreagairt do ghearáin a fuair an Coimisiún;
- mar fhreagairt do sháruithe ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu; agus
- de thoil an Choimisiúin, tar éis dó nithe a raibh údar ann le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu a shain-aithint.

Na Fiosrúcháin Reachtúla a tosaíodh ar Chuideachtaí Innáisiúnta Teicneolaíochta ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018

Cuideachtaí	Bunadh an fhiosrúcháin	An tsaincheist/na saincheisteanna atá á scrúdú
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An Ceart Rochtana agus Iniomparthacht Sonraí. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an gceart rochtana ar shonraí pearsanta atá i mbunachar sonraí 'Hive' Facebook agus i ndáil le hiniomparthacht na sonraí pearsanta "breathnaithe".
Twitter International Company	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An Ceart Rochtana. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Twitter na hoibleagáidí atá air i gcrích i ndáil leis an gceart rochtana ar naisc a bhfaightear rochtain orthu ar Twitter.
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil i ndáil le Téarmaí Seirbhíse agus Beartas Sonraí Facebook. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta na ndaoine a úsáideann ardán Facebook.
WhatsApp Ireland Limited	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil i ndáil le Téarmaí Seirbhíse agus Beartas Príobháideachta WhatsApp. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir WhatsApp na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta na ndaoine a úsáideann ardán WhatsApp.
Instagram (Facebook Ireland Limited)	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil i ndáil le Téarmaí Úsáide agus Beartas Sonraí Instagram. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Instagram na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta na ndaoine a úsáideann ardán Instagram.
LinkedIn Ireland Unlimited Company	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir LinkedIn na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs na hanailíse iompraíochta agus na fógraíochta spriocdhírthe a dhéantar ar an ardán.
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs na hanailíse iompraíochta agus na fógraíochta spriocdhírthe a dhéantar ar an ardán.
Apple Distribution International	Fiosrúchán gearánbhunaithe	An bunús dlí do phróiseáil. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Apple na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an mbunús dlí a bhfuil sé ag brath air chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs na hanailíse iompraíochta agus na fógraíochta spriocdhírthe a dhéantar ar an ardán.

Cuideachtaí	Bunadh an fhiosrúcháin	An tsaincheist/na saincheisteanna atá á scrúdú
Apple Distribution International	Fiosrúchán gearánbhunaithe	Trédhearcacht. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Apple na hoibleagáidí trédhearcachta atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa bheartas príobháideachta uaidh agus sna doiciméid ar líne uaidh maidir le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta na ndaoine a úsáideann a sheirbhísí.
WhatsApp Ireland Limited	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Trédhearcacht. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir WhatsApp na hoibleagáidí trédhearcachta atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil le faisnéis a sholáthar do dhaoine a úsáideann seirbhísí WhatsApp agus do dhaoine nach n-úsáideann seirbhísí WhatsApp araon agus i ndáil le trédhearcacht na faisnéise sin, lena n-áirítear faisnéis a thugtar d'ábhair shonraí faoin dóigh a bpróiseáiltear faisnéis idir WhatsApp agus cuideachtaí eile de chuid Facebook.
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Sárú cheadchomharthaí Facebook i mí Mheán Fómhair 2018. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook Ireland na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil le bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Sárú cheadchomharthaí Facebook i mí Mheán Fómhair 2018. Tá scrúdú á dhéanamh ar an dóigh a bhfuil na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i ndáil le fógra a thabhairt faoi shárúithe sonraí á gcomhlíonadh ag Facebook.
Facebook Inc.	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Sárú cheadchomharthaí Facebook i mí Mheán Fómhair 2018. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook Inc. na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil le bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Facebook Ireland Limited	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Tosaíodh an fiosrúchán seo mar fhreagairt don líon mór sárúithe ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu ón 25 Bealtaine 2018 i leith (tá an fiosrúchán seo á dhéanamh ar leithligh ón bhfiosrúchán ar an sárú cheadchomharthaí). Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Facebook na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil le bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.
Twitter International Company	Fiosrúchán de thoil an Choimisiúin	Tosaíodh an fiosrúchán seo mar fhreagairt don líon mór sárúithe ar tugadh fógra don Choimisiún fúthu ón 25 Bealtaine 2018 i leith. Tá scrúdú á dhéanamh ar cé acu a chuir nó nár chuir Twitter na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán Ginearálta i gcrích i ndáil le bearta eagraíochtúla agus teicniúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chuid úsáideoirí a dhaingniú agus a chosaint.

Maoirseacht agus Teagmháil

Faoi chumhachtaí maoirseachta ginearálta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, agus ar leithligh óna phróisis láimhseála gearán agus fiosrúcháin, lean an Coimisiún le béim shuntasach a chur ar dhul i dteagmháil go réamhghníomhach le cuideachtaí ilnáisiúnta a oibríonn san earnáil teicneolaíochta idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 31 Nollaig 2018.

Ar aon dul le hAirteagal 57 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, áirítear leis na cuspóirí atá le feidhm maoirseachta an Choimisiúin cobhsaíocht rialála a chothú trí chur leis an bhfeasacht atá ag rialaitheoirí agus próiseálaithe ar na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus i gcleachtais tráchtála, a mhéid a théann siad i bhfeidhm ar an gcosaint sonraí pearsanta.

Tríd an teagmháil réamhghníomhach a bhíonn aige le cuideachtaí teicneolaíochta, cumasaítear don Choimisiún tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bealaí ina bpróiseálann na cuideachtaí sin sonraí pearsanta agus ar na gníomhartha atá déanta acu chun na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a chomhlíonadh. Cabhraíonn sé sin leis an gCoimisiún ábhair inmí cosanta sonraí a shainaithint go réamhghníomhach agus, i gcás táirgí nó seirbhísí nua, a chinntiú go bhfuil cuideachtaí ar an eolas faoi na hoibleagáidí comhlíonta atá orthu agus faoi aon fhadhbanna féideartha atá ann sula dtosaíonn siad ar shonraí pearsanta a phróiseáil.

Mar aon le feasacht a mhéadú agus treoir a sholáthar, is minic a thugann an teagmháil sin spreagadh do chuideachtaí bearta a ghlacadh mar fhreagairt d'ábhair inmí a tharraing an Coimisiún anuas. Áirítear leis na bearta sin, mar shampla, caighdeán níos airde trédhearcachta a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta agus tograí a athmhéasúnú ar mhaithe le díriú níos láidre ar chosaint sonraí a chothú iontu trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Má tharlaíonn sé tar éis na teaghála sin gurb ann do mhórábhair inmí go fóill nach bhfuil an chuideachta ábalta nó toilteanach iad a réiteach go sásúil, féadfaidh an Coimisiún an ní a ghéarú agus fiosrúchán foirmiúil a dhéanamh air.

Ón 25 Bealtaine 2018, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta ar raon leathan saincheisteanna. Tá na nithe seo a leanas ina samplaí díobh sin:

- Dul i dteagmháil le Google maidir le sonraí suímh a phróiseáil.
- Dul i dteagmháil le Facebook ar shaincheisteanna amhail sonraí pearsanta a aistriú ó aipeanna tríú páirtí chuig Facebook agus an comhar idir Facebook agus taighdeoirí seachtracha.
- Dul i dteagmháil le Microsoft maidir le próiseáil a dhéanamh ar na sonraí teiliméadrachta a bhailítear trí Microsoft Office.
- Dul i dteagmháil le WhatsApp ar nithe a bhaineann le sonraí pearsanta a chomhroinnt le cuideachtaí eile de chuid Facebook.

Tá teagmháil maoirseachta á déanamh go fóill leis na cuideachtaí lena mbaineann.

D'eisigh an Coimisiún 23 iarraidh fhoirmiúla inar lorgáidh faisnéis mhionsonraithe faoi chomhlíonadh na ngnéithe éagsúla den Rialachán Ginearálta idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

Réamhchomhairliúchán faoi Airteagal 36(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Mar atá leagtha amach thíos sa rannán ar Chomhairliúcháin, tá sásra foirmiúil ar leith ar fáil do rialaitheoirí sonraí faoi Airteagal 36(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is sásra é sin lena gcumasaítear dóibh dul i mbun réamhchomhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i gcás, tar éis dóibh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh ar oibríocht próiseála nua, gur shainaithin siad ardriosca do chearta agus saoirsí daoine aonair agus nach féidir an riosca sin a mhaolú. Ní dhearnadh aon iarrataí ar réamhchomhairliúchán chuig an rannóg Teicneolaíochta agus Cuideachtaí Ilnáisiúnta faoi Airteagal 36 sa tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

An Earnáil Teicneolaíochta Fógraíochta

Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, fuair an Coimisiún roinnt aighneachtaí ó dhaoine aonair agus ó thathantóirí príobháideachta maidir le hiompar cuideachtaí teicneolaíochta san earnáil fógraíochta ar líne. Díriodh go sonrach iontu ar 'fhógraíocht iompraíochta', áit a n-úsáidtear na sonraí pearsanta a bhailítear ó ghníomhaíocht ar líne úsáideoirí chun fógraí a mheastar a bheith ábhartha maidir le himthosca na ndaoine lena mbaineann a thaispeáint dóibh. Tháinig ábhair inmí éagsúla chun cinn as sin, lena áiríodh na hábhair inmí seo a leanas a tuairiscíodh don Choimisiún:

- Ábhair inmí maidir le daoine aonair a phróifíliú, go háirithe i gcás go bhfuil catagóirí speisialta sonraí i gceist.
- Ábhair inmí maidir leis an dóigh a bhfuil sonraí suímh á n-úsáid ag fógróirí.
- Ábhair inmí go bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil chun táirge nó seirbhís a fhógairt do dhuine aonair gan aon bhunús dlí a bheith ann chun déanamh amhlaidh.
- Ábhair inmí nach eol do dhaoine aonair cé na páirtithe a bhfuil rochtain acu ar a sonraí pearsanta.

Is réimse casta é an t-éiceachóras fógraíochta ar líne, áit a ngabhann an mhórchuid páirtithe do líon mór idirbheart ardluais chun tairiscint a dhéanamh ar spás fógraíochta agus chun ábhar fógraíochta a sholáthar. Tá an tsamhail reatha um sheirbhísí agus ardáin Idirlín saor in aisce ag brath ar chumas na cuideachtaí a sholáthraíonn na seirbhísí sin ioncam a shaothrú ó spás fógraíochta a thairiscint. Tá an chosaint sonraí pearsanta ina réamhriachtanas agus aon sonraí pearsanta á bpróiseáil laistigh

den éiceachóras sin, áfach, agus ní mór don earnáil na caighdeáin a leagtar síos sa Rialachán Ginearálta a chomhlíonadh ar deireadh.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le roinnt geallsealbhoirí sa bhliain 2018, lenar áiríodh foilsitheoirí agus bróicéirí sonraí ar thaobh amháin agus tathantóirí príobháideachta agus daoine aonair a dtéann próiseáil sonraí i bhfeidhm orthu ar an taobh eile. Leanfar le tús áite a thabhairt don scrúdú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an earnáil sa bhliain 2019. Mar chuid den obair sin, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar lena mhacasamhlacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud na mBallstát uile den Aontas. Tabharfar roinnt fiosrúchán reachtúil de chuid an Choimisiúin, mar atá leagtha amach thuas, chun críche i mbliana freisin agus cabhróidh sé sin le roinnt de na ceisteanna a bhaineann leis an réimse casta seo a fhreagairt.

Cúnamh Frithpháirteach

Foráiltear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí do chur chuige comhchuí a bheith á ghlacadh ag údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí an Aontais i leith an creat dlíthiúil nua a léiriú agus a chur chun feidhme, agus leas á bhaint acu as na sásraí éagsúla comhair agus comhsheasmhachta a leagtar amach i gCaibidil VII den Rialachán Ginearálta. Ceann amháin de na sásraí sin is ea iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a dhéanamh faoi Airteagal 61 den Rialachán Ginearálta. Fuair an Coimisiún 16 cinn san iomlán d'iarrataí foirmiúla agus deonacha aron ar chúnamh frithpháirteach ó údaráis chosanta sonraí eile san Aontas maidir leis an earnáil cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta sa bhliain 2018. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na topaicí a tháinig chun cinn sna hiarrataí sin:

- a thrédhearcaí atá comhaontuithe próiseála agus fógraí príobháideachta;
- an caidreamh idir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach; agus
- fógraíocht dhigiteach san earnáil Teicneolaíochta Fógraíochta.

CÁS-STAIDÉAR 15

Gné 'Lua sa nuacht'

(An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Sa bhliain 2018, fuair an Coimisiún dhá ghearán a bhain le gné ar ardán líonraithe ghairmiúil (an rialaitheoir sonraí), áit a seolann an rialaitheoir sonraí ríomhphoist agus fógraí chuig na naisc agus na leantóirí atá ag ball chun a chur in iúl dóibh gur luadh an ball sa nuacht agus chun a rá cén uair a luadh é/í.

Rinneadh ceann amháin de na gearáin leis an gCoimisiún i mí an Mhárta 2018, roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta. Fuair an Coimisiún an gearán eile i mí Dheireadh Fómhair 2018. D'eascair an dá ghearán as cásanna inar cheangail an rialaitheoir sonraí na baill go mícheart le hailt mheán nár bhain leo. I gceann amháin de na gearáin, scaip an rialaitheoir sonraí alt meán ar na naisc agus na leantóirí a bhí ag ball foirne. Tugadh sonraí san alt faoin saol príobháideach agus gairm neamhrathúil a bhí ag duine arb ionann a ainm agus ainm an ghearánaigh. Chuir an gearánach an ní in iúl don rialaitheoir sonraí agus, nuair nár réitíodh é chun a shástachta, chuir sé an Coimisiún ar an eolas faoin ngearán. Lu-aigh an gearánach go ndeachaigh an t-alt chun dochair dá sheasamh gairmiúil agus gur chaill sé conarthaí dá ghnóthas dá bharr. Ba é a bhí i gceist leis an dara gearán gur scaipeadh alt a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh, dar leis, dá ionchais ghairme sa todhchaí, ar alt é nach ndearna an rialaitheoir sonraí grinnfhiosrú cuí air.

Ba é an príomhábhar imní a d'eascair as na gearáin sin ná gur theip ar an rialaitheoir sonraí meaitseanna a shain-aithint i gceart idir baill agus na daoine sin ar tagraíodh dóibh in ailt mheán tríú páirtí ar leith. Ba é an toradh a bhí air sin gur ceanglaíodh baill le scéalta nuachta nár bhain leo. Ba léir ó na gearáin nár leor meaitseáil trí ainm amháin, rud a chruthaigh ábhair imní a bhain go príomha le dlíthiúlacht, cothroime agus cruinneas na próiseála sonraí pearsanta ar baineadh úsáid aisti sa ghné 'Lua sa nuacht'.

Mar thoradh ar na gearáin sin agus an idirghabháil a rinne an Coimisiún, rinne an rialaitheoir sonraí athbheithniú ar an ngné. Ba é an toradh a bhí ar an athbheithniú sin ná gur cuireadh an ghné ar fionraí do bhaill atá lonnaithe san Aontas Eorpach, ar feitheamh feabhsuithe chun sonraí a bhall a chosaint.

8

Ceannaireacht Teicneolaíochta



Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí aonad meastóireachta agus measúnaithe ar-dteicneolaíochta (ar a dtugtar an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta) ar bun ag deireadh na bliana 2018, agus é mar chuspóir aige éifeachtacht fhoirne maoirseachta agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a chothú agus a uasmhéadú agus measúnú á dhéanamh acu ar rioscaí a bhaineann leis na córais agus an teicneolaíocht chasta atá i réim. Cuirtear de chúram ar an aonad freisin treoir a dhréachtú agus a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus daoine aonair maidir le saincheistanna teicneolaíochta agus cosanta sonraí. D'earcaigh an Coimisiún baill foirne a bhfuil na sainscileanna agus an saineolas atá riachtanach acu agus leanann sé le cumas an aonaid a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí foghlama agus forbartha.

Is é sprioc an Choimisiúin, agus an cumas sin á bhunú aige, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta a chur chun cinn agus a mhéadú i measc rialaitheoirí agus próiseálaithe agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach muiníneach cuimsitheach cibé áit a gcuirtear réitigh theicneolaíochta chun feidhme agus a bhfeidhmítear cearta ábhar sonraí sa saol digiteach.

Cuireann an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta saineolas maidir le topaicí ar-dteicneolaíochta ar fáil bunaithe ar an taighde, an faireachán agus an anailís a dhéanann sé. Soláthróidh sé sainchumas breise chun cabhrú agus rannchuidiú le fiosrúcháin agus imscrúduithe a bhfuil gnéithe teicneolaíochta casta i gceist leo.

Tá an t-aonad ag cur leis an gcumas atá aige staidéir agus anailís thurgnamhach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí teicneolaíocht bhunaithe agus na cleachtais theicneolaíocht bhunaithe atá ar bun ag rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí agus ar an dóigh a gcuireann siad a gcuid táirgí chun feidhme. Chomh maith leis sin, tá sé ag iarraidh teacht ar bhealaí inar féidir leis dul i dteagmháil leo maidir le nuálaíocht a bhaint amach ó thaobh comhlíonadh rialála de.


Ó cuireadh ar bun é, chumasaigh an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta don Choimisiún treoir bhreisithe inmheánach atá dírithe ar an teicneolaíocht a chur ar fáil maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, prótacail Idirlín agus iniomparthacht sonraí, teicneolaíocht fógraíochta agus cuntasacht. Tá sé beartaithe ag an aonad treoir, oiliúint agus for-rochtain sheachtrach a sholáthar i réimsí amhail intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, teicneolaíocht fógraíochta, na socruithe aitheantais ar ghléasanna, agus cibearshlándáil. A bhfuil le hobair an Aonaid Cheannaireachta Teicneolaíochta,

méadaíodh ar an rannchuidiú a rinne an Coimisiún le hobair an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí agus é ag teacht ar thuairimí rialála maidir le hábhair imní teicneolaíochta (creidiúnú agus deimhniúchán, cosaint sonraí trí dheardh, agus measúnú tionchair ar chosaint sonraí) idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

Le linn na bliana 2019, tabharfaidh an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta faoi raon gníomhaíochtaí sonracha chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do spriocanna agus cuspóirí an Choimisiúin. Cuirfear na gníomhaíochtaí sin i gcrích sna foirmeacha seo a leanas: “scuab-imscrúduithe” nó suirbhéanna ar rialaitheoirí sonraí, lena dtabharfar eolas don Choimisiún ar ghníomhaíochtaí comhlíonta; staidéir dheisce ina ndéanfar meastóireacht ar na dearthaí atá ag ábhair shonraí i leith iarrachtaí comhlíonta na rialaitheoirí sonraí; agus taighde ar nithe comhaimseartha, amhail intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, criptiú, teicneolaíocht mórleabhar, cúntóirí digiteacha agus teicneolaíochtaí bainistíochta agus fórdheimhniúcháin aitheantais. Is é aidhm an Aonaid Cheannaireachta Teicneolaíochta an caidreamh atá aige le foirne teicneolaíochta agus nuálaíochta in údarais mhaoirseachta eile san Aontas agus ar leibhéal idirnáisiúnta a fhorbairt; leas a bhaint as saineolaithe sa saol acadúil, i gcomhlachtaí caighdeán agus i ngrúpaí gairmiúla agus eanála; agus sainchaidreamh oibre a fhorbairt le gníomhaireachtaí rialála eile agus le foinsí seachtracha.

9

Comhairliúcháin



Comhlíonann feidhm comhairliúcháin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ról ríthábhachtach i dtuiscint níos fearr agus feasacht níos fearr a chur chun cinn ar oibleagáidí cosanta sonraí. Trí theagmháil ghníomhach fhiúntach a dhéanamh le heagraíochtaí earnála poiblí agus le heagraíochtaí earnála príobháidí araon, comhlíonann an Coimisiún an sainchúram atá air brú chun cinn a dhéanamh ar an bhfeasacht agus an tuiscint atá ag rialaitheoirí sonraí agus ag próiseálaithe sonraí ar na freagrachtaí atá orthu an reachtaíocht cosanta sonraí a chomhlíonadh. Cinntíonn sé go gcosnaítear an ceart bunúsach sin mar chuid dhílis d'aon tionscadal lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta. Agus cur chuige straitéiseach á ghlacadh againn i leith ár dteagmhála le heagraíochtaí, lean an Coimisiún sa bhliain 2018 le díriú a chur ar thionscadail bheartaithe phróiseála sonraí agus tionscnaimh bheartaithe phróiseála sonraí a bhí ina n-ardriosca do na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair. Trí threoir shoiléir agus comhairle shoiléir a thabhairt do gach eagraíocht maidir leis na hoibleagáidí atá orthu ó thaobh comhlíonadh de, bhí ag éirí fós le hobair réamhghníomhach comhairliúcháin an Choimisiúin sa phobal a chosaint ar dhroch-chleachtais láimhseála sonraí ag comhlachtaí earnála poiblí agus comhlachtaí earnála príobháidí araon.

Ceisteanna Ginearálta a fuarthas idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018

Fuair an tAonad Comhairliúcháin 958 gceist ghinearálta le linn na tréimhse sin (nóta: níl comhairliúcháin le cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta ar áireamh sna figiúirí sin). Léirítear sa mhiondealú ar na ceisteanna ginearálta comhairliúcháin go raibh miondífriochtaí ann idir iad agus na treochochá a sainaitníodh sa tuarascáil deiridh ón gCoimisiún Cosanta Sonraí don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018. Le linn na tréimhse sin, ba as an earnáil phríobháideach do bhreis agus leath na

gceisteanna a fuarthas. Bhí laghdú 8% ann sa líon iarrataí a fuarthas ón earnáil phríobháideach, bhí méadú 7% ann sa líon a fuarthas ón earnáil phríobháideach agus bhí an líon a fuarthas ón earnáil sláinte measartha seasmhach toisc nach raibh ach méadú 1% ann. Is athruithe suntasacha iad sa mhéid is gurb an-seasmhach de ghnáth a bhíonn an céatadán d'iarrataí a fhaightear in aghaidh na hearnála. Tá an chuma air go bhfuil na hathruithe ina léiriú go mbíonn an earnáil phoiblí ag éirí níos eolaí ar na freagrachtaí cosanta sonraí atá uirthi. Fáiltítear go mór roimh a dteagmháil mhéadaitheach leis an gCoimisiún.

1 Eanáir — 24 Bealtaine 2018	%	25 Bealtaine — 31 Nollaig 2018	%	Athrú mar %
An Earnáil Sláinte	14%	An Earnáil Sláinte	15%	+1%
An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais	58%	An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais	50%	-8%
An Earnáil Phoiblí	28%	An Earnáil Phoiblí	35%	+7%

Teagmháil

Rinne an tAonad Comhairliúcháin teagmháil le lear geallsealbhóirí tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta agus achtú an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, rud lenar trasúodh an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus lenar tugadh tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta i ndlí na hÉireann, an 25 Bealtaine 2018.

Teagmháil Réamhghníomhach

Lean an tAonad Comhairliúcháin le cur chuige comhoibríoch geallsealbhóir-threoraithe a chur chun feidhme i leith teagmháil. Ón taobh straitéiseach de, tá sé beartaithe a mholadh fós go spreagfaí forbairt na líonraí Oifigeach Cosanta Sonraí, áit a gcomhoibreoidh grúpaí Oifigeach Cosanta Sonraí le chéile chun eolas agus taithí a chomhroinnt. Tá an t-aonad sásta freastal ar fhóiraim rialta chomhchéime le líonraí agus grúpaí Oifigeach Cosanta Sonraí chun machnamh a dhéanamh ar shaincheistanna cosanta sonraí atá sonrathach don earnáil agus comhairle a chur ar fáil ina leith. Leis an gcur chuige comhoibríoch sin, cinnteofar go n-úsáidfeadh an dea-chleachtas go coitianta agus bainfeadh leas as acmhainní an Aonaid Chomhairliúcháin ar bhealach níos éifeachtaí. Chomh maith leis sin, cabhróidh sé sin leis an aonad sainaitheant a dhéanamh ar réimsí agus treochtaí éiritheacha a mbainfí an-tairbhe as treoir shonrach ina leith.

Beidh rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí in ann cúnamh agus treoir a iarraidh ó Aonad Comhairliúcháin an Choimisiúin fós. Tá tairseach thiomnaithe inar féidir ceistanna comhairliúcháin a chur isteach ar fáil ar shuíomh Gréasáin nua an Choimisiúin.

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

Ceanglas éigeantach i gcásanna áirithe a leagtar síos leis an Rialachán Ginearálta is ea an ceanglas go ndéanfaí measúnú tionchair ar chosaint sonraí. Is é atá i gceist leis na cásanna sin go háirithe ná cásanna inar dóigh do chineál próiseála sonraí ina n-úsáidtear nuatheicneolaíochtaí a bheith ina n-ardriosca do chearta agus saoirsí daoine aonair. Tá liosta neamh-uileghabhálach ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.dataprotection.ie. Mionsonraítear sa liosta sin na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais go ndéanfaí measúnú tionchair ar chosaint sonraí.

Tá ábhair threorach eile ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin chun cabhrú le rialaitheoirí sonraí:

- a chinneadh cé acu is gá nó nach gá dóibh measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh; agus
- sainaitheant a dhéanamh ar na bearta a theastaíonn chun measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.

Maidir le comhairliúcháin éigeantach i ndáil le measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí, níl sé riachtanach é a reáchtáil ach amháin i gcás go mbeadh an phróiseáil ina cúis le hardriosca mura ndéanfaí bearta chun an riosca a mhaolú. Leanfaidh an tAonad Comhairliúcháin le cúnamh ginearálta a thabhairt do rialaitheoirí i ndáil leis na freagrachtaí atá orthu as measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh.

Réamhchomhairliúchán agus Bearta Reachtacha/Rialála

Ag teacht sna sála ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta agus ar achtú an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, is ról tábhachtach d'fheidhm comhairliúcháin an Choimisiúin é tuairimí reachtacha a sholáthar. Ón 25 Bealtaine i leith, faoi na forálacha reachtúla maidir le réamhchomhairliúchán a leagtar amach san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chuathas i ndáil chomhairle leis an gCoimisiún ar thrí phíosa thábhachtacha reachtaíochta tánaistí a bhfuil mar aidhm leo cearta ábhar sonraí a shrianadh nó bearta oiriúnacha agus sonracha a shonrú le haghaidh próiseáil i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (tá sonraí ar fáil thíos). Meastar go mbeidh méadú mór ann ar an bhfeidhm sin sa bhliain 2019.

Rud ba leithne fós, foráiltear leis an Rialachán Ginearálta do chomhairliúcháin éigeantach le húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí i ndáil le gach togra reachtach agus rialála. Na comhlachtaí a bhfuil baint acu le tograí reachtacha nó bearta rialála a dhréachtú, tá sé tábhachtach go dtéann siad i ndáil chomhairle leis an gCoimisiún go díreach sula ndéantar bearta breise chun an togra reachtach nó an beart rialála a chur ar aghaidh. Leagtar amach in Airteagal 36(4) den Rialachán Ginearálta agus in ailt éagsúla den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tuilleadh forálacha maidir leis an gceanglas réamhchomhairliúcháin sin. Tá foirmeacha Gréasáin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin freisin chun cabhrú le hiarrataí den chineál sin a dhéanamh.

Ní cleachtadh ticbhosca é an ceanglas réamhchomhairliúcháin. Ba cheart don chomhlacht lena mbaineann an leibhéal cuí measúnaithe a dhéanamh agus réasúnaíocht fhianaisebhunaithe a sholáthar chun buntacú lena ndrúcht-togra(i) sula n-iarraidh siad comhairliúcháin leis an gCoimisiún. Chabhróidh sé sin freisin leis an bpróiseas comhairliúcháin a luathú agus d'fhéadfadh, fiú, go soláthródh sé toradh níos dearfaí don chomhlacht lena mbaineann.

Sa tréimhse idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, chuaigh an Coimisiún i ndáil chomhairle le geallsealbhóirí éagsúla ar roinnt nithe reachtacha, lena n-áirítear na nithe sin atá leagtha amach thíos.

Réamhchomhairliúchán reachtúil faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 — níor tharraing an Coimisiún aon ábhair imní shuntasacha anuas

- Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Alt 36(2)) (Taighde Sláinte), 2018⁴
- Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Alt 60(6)) (an tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, an tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, agus an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012), 2018⁵
- Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Alt 60(6)) (Banc Ceannais na hÉireann), 2018⁶

Sampla de na Comhairliúcháin Reachtacha atá ar Siúl

- An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2018
- An Bille um Shábháilteacht Othar, 2018
- An Bille fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Faisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní), 2018
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú), 2018
- An Bille um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2018
- An Bille Rialtais Áitiúil (Comhairle Contae Chorcaí), 2018
- An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe (Faireachas), 2013
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2018
- An Bille um Chomhairle na mBreithiúna, 2017
- An Bille um Choinneáil Taifead, 2018
- Dréacht-Mheabhrán don Rialtas: An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Forálacha Ilghnéitheacha),
- 2018/an Scéim Ghinearálta de Bhille um Thrácht ar Bhóithre (Forálacha Ilghnéitheacha)
- An Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2018
- Bille Óglaigh na hÉireann (Fianaise Fhóiréinseach), 2018
- An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016
- Dréacht-Mheabhrán don Rialtas: An Bille um Ghairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialaigh (Rialáil) (Leasú), 2018
- An Bille um Thaidid Choiriúla (Malartú Faisnéise), 2018
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014

4 Specification of suitable and specific measures for processing under section 36(2) Data Protection Act 2018

5 Restriction of data subject rights in accordance with Article 23 GDPR and section 60 Data Protection Act 2018

6 Restriction of data subject rights in accordance with Article 23 GDPR and section 60 Data Protection Act 2018

Tá liosta ar fáil thíos de roinnt de na heagraíochtaí agus na tionscadail/straitéisí a ndearna Aonad Comhairliúcháin an Choimisiúin teagmháil leo agus ar ghlac sé páirt iontu idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

An Earnáil Phoiblí

- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus cur i bhfeidhm an Mhéadraithe Chliste (ar siúl)
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha/Oifig na bPasanna agus an córas athnuachana pasanna ar líne do dhaoine fásta
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe — An Straitéis maidir le Sonraí Seirbhíse Poiblí 2018-2021
- Roinn an Taoisigh — Fógraíocht Pholaitiúil ar Líne a Rialáil
- An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin agus a chlár ullmhachta don Rialachán Ginearálta.
- Roinnt eintiteas agus comhlachtaí earnála poiblí a dhéanann ionadaíocht d'ionadaithe tofa i dtaca le treoir maidir le canbhasáil chun críocha toghcháin, maidir le huirill phoiblí agus maidir le dea-chleachtais oifige toghcheantair.
- Tusla/an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Garda Síochána — ábhair imní a thuairisciú maidir le leas leanaí (ar siúl)

An Earnáil Sláinte

- An Roinn Sláinte agus an Bord Taighde Sláinte — na Rialacháin maidir le Taighde Sláinte.
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) — Caighdeán le haghaidh Comhairliúchán Poiblí: Riachtanais Faisnéise d'Achoimre Othar Náisiúnta
- HIQA — Moltaí le haghaidh Clár Náisiúnta Pobalbhunaithe Ríomhordaithe Oideas d'Éirinn
- An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

An Earnáil Dheonach

- Fondúireacht Míchumais Éireann — cur i láthair ag an gcruinniú bliantúil.
- Ceardlann idirghníomhach do líonra Oifigeach Cosanta Sonraí The Wheel, rud ar ar fhreastail breis agus 60 príomhbhall foirne cosanta sonraí ó raon leathan eagraíochtaí pobail agus deonacha.

An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais

- Leanadh le teagmháil a dhéanamh le grúpaí ionadaíochta maidir le saincheistanna a bhain le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta, le Cóid Iompair fhéideartha agus le hiarmhairtí féideartha an Bhreiteimeachta. I measc na ngrúpaí sin bhí Cónaidhm BaincÉireachta agus Íocaíochtaí Éireann, Árachas Éireann, Sármhaitheas Miondíola, an Chónaidhm Náisiúnta Earcaíochta, Bróicéirí Éireann, Cuntasáocht Éireann, an Chónaidhm Teileachumarsáide agus Idirlín, Ionad Comhlíonta na gComhar Creidmheasa, an Earnáil Pinsean (Cumann na hÉireann um Chistí Pinsin), bainc, agus cuideachtaí árachais.
- Oibríodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), an Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le haghaidh bunachar sonraí a chruthú chun críche Airteagal 30(3) de Threoir 2015/849 ón Aontas (an 4ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac) a chomhlíonadh.

Forfheidhmiú an Dlí

- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí — Feidhmiú na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí/Feidhmiú Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus aistrithe sonraí
- An tÚdarás Póilínachta agus Ráiteas Straitéise/Tosaíochtaí
- Óglaigh na hÉireann agus an tionscadal ullmhachta don Rialachán Ginearálta/don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí
- An Garda Síochána — Ullmhúcháin don Rialachán Ginearálta

Comhairliúchán 2019 — Cad a Bheidh i gCeist Leis?

Rinneadh an t-aonad comhairliúcháin a mhéadú agus a athstruchtúró le déanaí ina thrí fhoireann thiomnaithe, a bhfuil Coimisinéir Cúnta i gceannas ar gach ceann díobh:

- An Earnáil Phoiblí agus Forfheidhmiú an Dlí
- An Earnáil Sláinte agus Dheonach
- An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais

Is é an toradh a bheidh ar an athstruchtúró sin ná go gcuirfear feabhas ar an bhfeidhm comhairliúcháin, go leathnófar clúdach an Choimisiúin agus go gcabhrófar le forbairt a dhéanamh ar threoir atá níos sonraí don earnáil agus ar chineálacha breise méadaithe feasachta i bpríomhréimsí ar fud na n-earnálacha go léir ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta.

An Earnáil Phoiblí agus Forfheidhmiú an Dlí

Leanfaidh an fhoireann um an Earnáil Phoiblí agus Forfheidhmiú an Dlí le dul i ndáil chomhairle maidir le tograí reachtacha lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta. Réimse eile ardtosaíochta is ea an earnáil údarás áitiúil. Tá an fhoireann tiomanta do thuilleadh treorach a tháirgeadh don earnáil sin sa bhliain 2019.

Chomh maith leis sin, tabharfaidh an fhoireann tús áite do theagmháil le gníomhaíochtaí próiseála fhorfheidhmiú an dlí, leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, agus le Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, rud lena dtrasuitear an Treoir i ndlí na hÉireann. Tá sé tábhachtach gur i gceart a shaináithníonn na comhlachtaí go léir a bhfuil cumhacht fhorfheidhmiú an dlí acu na cásanna ina bhfuil feidhm ag córas dlíthiúil na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus ag córas dlíthiúil Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Is ann do rud atá ina thástáil dhá chéim go bunúsach chun a chinneadh cé acu a thagann nó nach dtagann an phróiseáil i gceist faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus faoi raon feidhme Chuid 5 den Acht:

- Ar an gcéad dul síos, ní mór don rialaitheoir sonraí atá freagrach as an bpróiseáil i gceist a bheith ina ‘údarás inniúil’ de réir an tsainmhínithe a thugtar in alt 69 den Acht.
- Ar an dara dul síos, ní mór an phróiseáil i gceist a bheith ‘chun críocha fhorfheidhmiú an dlí’, de réir an tsainmhínithe a thugtar in alt 70 den Acht.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún bualadh sa bhliain 2019 lena oiread eagraíochtaí ábhartha agus is féidir (agus lena oiread fo-aonad agus is féidir) chun na freagrachtaí atá orthu faoin reachtaíocht a phlé. Tugtar cuireadh do chomhlachtaí ábhartha agus dá nOifigeach Cosanta Sonraí dul i dteagmháil leis an gCoimisiún agus cabhrú leis ábhair threorach a rachadh chun tairbhe don earnáil a shaináithint agus a leagan amach.

An Earnáil Sláinte agus Dheonach

Tá sé tábhachtach go mbíonn muinín ag othair as na seirbhísí sláinte a theastaíonn uathu a rochtain, rud a tharlaíonn i gcúinsí pearsanta deacra go minic. Áirítear leis sin muinín a bheith acu as an dóigh a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta. Ina leith sin, leanfaidh an fhoireann comhairliúcháin um an Earnáil Sláinte agus Dheonach le teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir san earnáil sláinte chun an dea-chleachtas cosanta sonraí a chur chun cinn. Is é a bheith i gceist leis sin teagmháil leis an rialtas, le soláthraithe sláinte san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, le taighdeoirí sláinte, le heagraíochtaí othar agus leis an earnáil teicneolaíochta leighis chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar na dúshláin a thagann chun cinn. Chomh maith leis sin, rannchuideoidh an fhoireann comhairliúcháin um an Earnáil Sláinte le hobair an Fho-Shainghrúpa um Chomhlíonadh, Ríomhrialtas agus Sláinte de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí.

Cuirfear de chúram ar an bhfoireann comhairliúcháin nua sin freisin treoir a thabhairt do rialaitheoirí sonraí san earnáil carthanais agus dheonach. Ag teacht sna sála ar an aiseolas dearfach a fuarthas ar a theagmháil leis an earnáil sa bhliain 2018, leanfaidh an Coimisiún le treoir atá sonrach don earnáil a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá an Coimisiún ag spriocdhíriú ar phríomhghníomhaithe líonra agus ar an teagmháil atá ag cabhrú go dtí seo lena shaináithint cé na ceisteanna cosanta sonraí is casta a mbíonn carthanais agus grúpaí deonacha ag iarraidh treoir a fháil ina leith. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún treoir spriocdhírithé don earnáil carthanais a eisiúint sa dara ráithe agus sa tríú ráithe den bhliain 2019.

An Earnáil Phríobháideach agus Airgeadais

Is é an toradh a bhí ar an Rialachán Ginearálta agus ar theagmháil an Choimisiúin leis an earnáil phríobháideach agus airgeadais sa bhliain 2018 ná gur rannchuidíodh le feachtas ar oibleagáidí cosanta sonraí a mhéadú go mór. Tar éis an 25 Bealtaine, tá a lán cuideachtaí ag leanúint le beartais chosanta sonraí agus nósanna imeachta cosanta sonraí a thabhairt cothrom le dáta, le hoiliúint a chur ar bhaill foirne, le hinfheistiú i gcórais nua TF agus le tacaíocht a thabhairt do ról an Oifigigh Chosanta Sonraí laistigh dá n-eagraíocht. Cé go dtugann a lán cuideachtaí an-aird ar na freagrachtaí atá orthu as comhlíonadh faoin Rialachán Ginearálta, is ann do dhúshláin fós. Baineann na dúshláin sin go háirithe le cur i láthair agus inléiteacht na bhfógraí do chustaiméirí agus le beartais phríobháideachta a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin trédhearcachta a socraíodh leis an Rialachán Ginearálta. Sa bhliain 2019, leanfaidh an Coimisiún le teagmháil a dhéanamh le cuideachtaí i dtaca le caighdeáin trédhearcachta. Áireofar leis na tosaíochtaí eile don earnáil teagmháil a dhéanamh leis an earnáil airgeadais agus an earnáil árachais chun go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar theicneolaíochtaí éiritheacha a úsáid ina n-oibríochtaí próiseála sonraí. Áireofar leo freisin faireachán leanúnach, agus comhairliúcháin reachtúil nuair is gá, a dhéanamh ar thograí a bhfuil mar aidhm leo cur chun feidhme a dhéanamh ar bhunachair sonraí náisiúnta um chalaíocht baincéireachta agus árachais.

10

Gnóthaí Dlí



Forbhreathnú

Oibríonn Aonad Dlí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí go cothrománach laistigh den Choimisiún agus tá sé freagrach as formhaoirseacht dlí a dhéanamh agus as comhairle dlí agus tacaíocht dlí inmheánach a sholáthar ar fud gach réimse d'fheidhmeanna an Choimisiúin agus i leith na dlíthíochta ar fad a bhfuil baint ag an gCoimisiún léi. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tAonad Dlí oiliúint ar bhonn rollach do na baill foirne go léir laistigh den eagraíocht maidir le raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear i dtaca leis na creataí dlíthiúla is infheidhme, le forbairtí dlí agus le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. De bhreis ar an Aonad Dlí láraithe, fostaíonn an Coimisiún baill foirne eile a bhfuil cáilíochtaí dlí acu.

Leanadh le hAonad Dlí an Choimisiúin a leathnú idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Chuaigh roinnt sainchomhairleoirí dlí isteach san aonad le linn na tréimhse, rud a mhéadaigh go mór an cumas atá ag acmhainní inmheánacha comhairle dlí agus tacaíochta dlí an Choimisiúin.

Tá an tAonad Dlí freagrach as forbairt beartais anois freisin. Maidir leis sin, tugann sainoifigigh bheartais shinsearacha, a ceapadh i réimsí an Bheartais Leanaí agus na Forbartha Treorach agus Beartais, tuairisc don Leas-Choimisinéir (an Ceann Gnóthaí Dlí).

Ar shuíomh Gréasáin nua an Choimisiúin ag www.dataprotection.ie, rud a seoladh i mí na Nollag 2018, tá táb tiomnaithe le haghaidh forbairtí dlí ar fáil, ar táb é lena soláthraítear faisnéis faoi na creataí reachtacha is infheidhme lena rialaítear cosaint sonraí mar aon le sonraí faoi bhreithiúnais ábhartha a tugadh i gcásanna lena mbaineann an Coimisiún.

Ionchúisimh ag an gCoimisiún

Thionscain an Coimisiún ionchúisimh idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 (I.R. Uimh 336 de 2011) (ar a dtugtar na Rialacháin maidir le r-phríobháideacht freisin).

Ionchúisíodh cúig eintiteas i gcionta faoi Rialachán 13 de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith margáocht dhíreach leictreonach. Bhí 30 cion san iomlán i gceist leis na toghairmeacha do na cúig chás sin. Tá cás-staidéir ar ionchúisimh leagtha amach thíos.

Cás-Staidéir Ar Ionchúisimh

CÁS-STADÉAR 16

Ionchúiseamh Viking Direct (Ireland) Limited

I mí Aibreáin 2017, fuairamar gearán ó úinéir gnóthais maidir le ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha a bhí seoladh ríomhphoist an ghnóthais ag fáil ó Viking Direct (Ireland) Limited. Chuir an gearánach in iúl go ndearna sí teagmháil leis an gcuideachta roimhe sin chun a iarraidh go mbainfí seoladh ríomhphoist a gnóthais ón liosta margaíochta. Dá ainneoin sin, leanadh le tuilleadh ríomhphost margaíochta a sheoladh chuici.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dheimhnigh Viking Direct (Ireland) Limited gur iarr an gearánach roinnt uaireanta go mbainfí í dá liosta seachadta. Mhínigh sé gur theip ar na próisis inmheánacha le haghaidh na sonraí a aistriú chuig an liosta sochta. Dá bharr sin, bhí na sonraí ann ar an liosta seachadta fós. Luaigh an chuideachta go ndearnadh na córais a cheartú agus a thástáil ón uair sin, a fhágann nár cheart go dtiocfadh an cás sin chun cinn choíche. Ghabh an chuideachta a leithscéal as aon mhíchaoithiúlacht a raibh an gearánach thíos léi. Le linn ár n-imscrúdaithe, aimsíodh fianaise ar thrí iarraidh scar-rogha a sheol an gearánach chuig Viking Direct (Ireland) Limited trí ríomhphost idir an 30 Márta 2017 agus an 11 Aibreán 2017.

Sa bhliain 2012, bhí Viking Direct (Ireland) Limited ina ábhar d'imscrúdú a tionscnaíodh mar thoradh ar ghearán a rinneadh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí faoi ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha. Ag an am sin, thugamar an t-imscrúdú sin chun críche ach rabhadh a eisiúint chuig an gcuideachta. I bhfianaise an rabhaidh sin,

chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé an chuideachta i leith an ghearán a rinneadh sa bhliain 2017.

I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 14 Bealtaine 2018, thaifead an chuideachta pléadáil chiontach i gcúis amháin a bhain le ríomhphost margaíochta neamhiarrtha a bheith á sheoladh chuig seoladh ríomhphoist ghnóthais de shárú ar Rialachán 13(4) de I.R. Uimh. 336 de 2011. I gcomhréir leis an Rialachán sin, is cion é cumarsáid margaíochta díri neamhiarrtha a sheoladh trí ríomhphost chuig síntiúsóir (síntiúsóirí gnó san áireamh) i gcás gur chuir an síntiúsóir in iúl don seoltóir nach dtóilíonn sé/sí le cumarsáid den sórt sin a fháil. Cuireadh an cás ar atráth le haghaidh pianbhreith a ghearradh go dtí an 11 Meitheamh 2018. Ag an éisteacht gearrtha pianbhreithe, bhain an chúirt úsáid as alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí, in ionad ciontú agus fineáil a ghearradh. D'aontaigh an chuideachta go n-íocfadh sí as na costais ionchúisimh a thabhaigh an Coimisiún.

CÁS-STADÉAR 17**Ionchúiseamh Clydville Investments Limited, ag trádáil faoi ainm The Kilkenny Group**

I mí na Samhna 2017, fuair gearán ó dhuine aonair a fuair ríomhphost margaíochta ó The Kilkenny Group. Cuireadh sladmhargadh réamh-Nollag chun cinn sa ríomhphost, a seoladh go pearsanta chuige. Cuireadh in iúl ann gur laghdaíodh na praghsanna faoi suas go dtí 50% agus gur laghdaíodh praghsa gach míre. D'inis an gearánach dúinn nár chreid sé gur roghnaigh sé ríomhphost mhargaíochta a fháil.

Le linn ár n-imscrúdaithe, tháinig sé chun solais gur seoladh ríomhphost margaíochta chuig an ngearánach céanna i mí na Samhna 2016, bliain amháin roimhe sin. Tugadh cuireadh dó sa ríomhphost freastal ar ócáid chorparáideach i siopa na cuideachta i gCorcaigh. D'inis an gearánach dúinn ina dhiaidh sin gur chuimhnigh sé gur thug sé freagra ar an ríomhphost, á iarraidh go scriosfaí a sheoladh ríomhphost.

Ag teacht sna sála ar ár n-imscrúdú ar ghearán faoi theachtaireachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a sheol The Kilkenny Group chuig cuideachta eile, d'eisíomar rabhadh chuig an gcuideachta i mí Mheán Fómhair 2012. Ina fianaise sin, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé an cuideachta i leith an ghearáin a rinneadh sa bhliain 2017.

Éisteadh an ní i gCúirt Dúiche Thrá Lí an 15 Deireadh Fómhair 2018. Cuireadh ceithre chúis san iomlán i leith an chosantóra. Bhain dhá chúis le sárúithe líomhnaithe ar Rialachán 13(1) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith ríomhphost

mhargaíochta neamhiarrtha a bheith á seoladh chuig an ngearánach i mí na Samhna 2016 agus i mí na Samhna 2017 gan a thoilíú a fháil. Bhain dhá chúis eile le sárúithe líomhnaithe ar Rialachán 13(12)(c) de I.R. Uimh 336 de 2011. Foráiltear leis an Rialachán sin nach seolfaidh duine ríomhphost margaíochta leictreonaí nach dtugtar ann seoladh bailí a bhféadfaidh an faighteoir iarraidh a sheoladh chuige á rá go scoirfí den chumarsáid sin. Ós rud é nár tairfeadh pléadálacha ciontacha i leith ceann ar bith de na cúiseanna, tugadh an ní ar aghaidh chuig éisteacht iomlán lenar bhain triúr finnéithe cosanta agus beirt fhinnéithe ionchúisimh, an gearánach san áireamh. Ag deireadh na n-imeachtaí, chinn an chúirt gur cruthaíodh na fíricí i ndáil le dhá shárú ar Rialachán 13(1) i leith dhá ríomhphost margaíochta a bheith á seoladh gan toiliú. Ar an tuiscint go n-íocfadh an cosantóir as na costais ionchúisimh, a bhí cothrom le €1,850, bhain an chúirt úsáid as alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí i leith an dá chúis, in ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh. Dhiúltaigh an chúirt don dá chúis a bhain le Rialachán 13(12)(c).

CÁS-STADÉAR 18**Ionchúiseamh DSG Retail Ireland Limited**

Oibríonn DSG Retail Ireland Limited faoi ainmneacha difriúla trádála agus faoi ainmneacha difriúla cláraithe gnó amhail Dixons, Currys, PC World agus Currys PC World. I mí na Samhna 2017, fuair gearán ó bhean a cheannaigh teilifís ó Currys bliain amháin roimhe sin. Chuir sí in iúl dúinn gur thug sí a seoladh ríomhphost don cuideachta chun críocha admháil a fháil agus nár thoiligh sí le ríomhphost mhargaíochta a fháil. Luaigh sí gur dhíliostáil sí ó thuilleadh ríomhphost a fháil. Dá ainneoin sin, lean sí leis na ríomhphost neamhiarrtha a fháil.

Le linn ár n-imscrúdaithe, d'inis an cuideachta dúinn gur éirigh leis an gcustaiméir díliostáil óna liosta seachadta i mí na Samhna 2016. Tar éis di mír eile a cheannach i mí

Eanáir 2017 agus a roghnú an athuair gan cumarsáidí margaíochta a fháil, áfach, cruthaíodh taifead dubailte de bharr an dara hidirbheart a bhí ag an gcustaiméir. Dar

leis an gcuideachta, ba é an toradh a bhí ar an taifead dúbailte sin agus ar fhabht sa chóras a tháinig chun cinn le linn nuashonrú a córas i mí na Bealtaine 2017 ná go ndearnadh earráid maidir le taifeadadh shainroghanna margaíochta an chustaiméara. Mar thoradh air sin, bhí tréimhse ann idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2017 ar lena linn a bhíothas ag seoladh ríomhphoist mhargaíochta chuici.

Ós rud é gur eisíomar rabhadh chuig an gcuideachta cheana féin i mí na Samhna 2014 mar thoradh ar ghearán a fuarthas ó dhuine den phobal faoi shárú líomhnaithe ar na rialacháin a bhaineann le ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé an cuideachta i leith an tsáraithe líomhnaithe dheireanaigh.

I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 22 Deireadh Fómhair 2018, thaifead an cuideachta pléadail chiontach i gcúis a bhain le sárú ar Rialachán 13(1) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith ríomhphost margaíochta neamhiarrtha a bheith á sheoladh chuig an ngearánach gan a toiliú a fháil. In ionad ciontú agus fineáil a ghearradh, d'ordaigh an chúirt don cuideachta síntiús carthanúil €1,500 a thabhairt d'iontaobhas Peter McVerry. D'aontaigh an cuideachta cosanta go n-íocfadh sí as costais ionchúisimh an Choimisiúin. Rinneadh deimhniú á léiriú gur tugadh an síntiús carthanúil don charthanas a chur ar fáil don chúirt an 26 Samhain 2018 agus caitheadh an ní amach.

CÁS-STAIDÉAR 19

Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited

I mí na Bealtaine 2018, fuairamar gearán ó dhuine a luaigh go raibh sé ag fáil glaonna neamhiarrtha ó fhoireann margaíochta Vodafone ar bhonn rialta. Mhaigh sé gur thug Vodafone glao air ar dtús an 10 Bealtaine 2018, ar lena linn a dúirt sé nach raibh suim aige sa tairiscint ón gcuideachta. Ón uair sin i leith, áfach, thosaigh an cuideachta ag tabhairt glaonna air gach lá. Rinne sé neamhiontas den chumarsáid ar fad.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dheimhniomar, bunaithe ar thaifeadadh den ghlaó teileafóin margaíochta an 10 Bealtaine 2018, gur inis an gearánach don ghníomhaire a thug an glao nach raibh suim aige i seirbhís leathanbhanda Vodafone. D'inis Vodafone dúinn gurbh é an gníomh ba cheart a bheith déanta ag an ngníomhaire ná an uimhir theileafóin a bhaint den fheachtas margaíochta ach cód cuí a úsáid agus é ag dúnadh an ghlaó. Mar thoradh ar earráid dhaonna, dúnadh an glao teileafóin le cód mícheart le haghaidh glao ar ais. D'fhág sé sin gur coinníodh uimhir theileafóin an ghearánaigh ar comhad, rud ba chúis leis na glaonna breise.

Fuairamar gearán ar leith ó chustaiméir de chuid Vodafone i mí Iúil 2018. Luaigh sé go bhfuair sé glao teileafóin margaíochta neamhiarrtha ó Vodafone i mí an Mheithimh 2018, cé gur roghnaigh sé le linn glao teileafóin margaíochta neamhiarrtha roimhe a tugadh air i mí na Bealtaine 2018 gan glaonna teileafóin margaíochta a fháil. Seoladh deimhniú ina leith sin chuige trí ríomhphost tamall beag ina dhiaidh sin.

Mar fhreagra ar ár gceisteanna, thagair Vodafone do thuarascáil sáraithe sonraí a chuir sé faoi bhráid an Choimisiúin an 21 Meitheamh 2018. Sa tuarascáil sin, cuireadh in iúl don Choimisiún gur go hearráideach a seoladh cumarsáidí margaíochta chuig roinnt custaiméirí a roghn-

aigh idir an 18 Bealtaine agus an 11 Meitheamh 2018 gan cumarsáidí margaíochta a fháil. Míníodh inti gur tháinig an earráid sin chun cinn mar thoradh ar dheacrachtaí a bhí ann le hathruithe córais a chur chun feidhme mar chuid de chlár na cuideachta um an Rialachán Ginearálta a chomhlíonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná nár léadh go soiléir ar gach ceann de chórais Vodafone na sainroghanna margaíochta a athraíodh tamall beag roimhe sin. Dá réir sin, cuireadh na custaiméirí lenar bhain ar áireamh i bhfeachtais mhargaíochta.

Chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé Vodafone i dtaca leis an dá chás. I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 22 Deireadh Fómhair 2018, thaifead an cuideachta pléadálacha ciontacha in dhá chúis a bhain le sárúithe ar Rialachán 13(6)(a) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith glaonna teileafóin neamhiarrtha a bheith á dtabhairt ar theileafóin phóca na beirte gearánach gan a dtoiliú a fháil. Chiontaigh an chúirt Vodafone sa dá chúis agus ghearr sí fineálacha €1,000 air i leith an dá chúis ar leith (fineáil iomlán €2,000). D'aontaigh Vodafone go n-íocfadh sí as costais ionchúisimh an Choimisiúin.

CÁS-STADÉAR 20**Ionchúiseamh Starrus Eco Holdings Limited, ag trádáil faoi ainm Panda agus Greenstar**

I mí Aibreáin 2018, rinne custaiméir de chuid Panda, soláthraí seirbhíse bailithe araidí, gearán á rá go bhfuair sé teachtaireachtaí margaíochta neamhiarrtha trí theachtairacht téacs agus trí ríomhphost inar fógraíodh gnó leictreachais Panda. Níor thoiligh sé leis na teachtaireachtaí sin. Luaigh sé nach raibh rogha díliostála ann sna teachtaireachtaí.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir Panda in iúl dúinn nár cheart na teachtaireachtaí margaíochta a bheith faighte ag an ngearánach. D'inis sé gurbh amhlaidh, mar thoradh ar earráid dhaonna, gur chreid ball foirne sa rannóg margaíochta go mícheart gur thoiligh an gearánach le teachtaireachtaí margaíochta díri a fháil. B'oth leis gur theip air scar-rogha a chur ar áireamh sna teachtaireachtaí agus mhínigh sé gur theip ar a sholáthraí seirbhíse ríomhphost margaíochta gníomhú de réir na dtreoracha a thug sé scar-rogha a chur ar áireamh.

I mí na Bealtaine 2018, fuair gearán ó chustaiméir de chuid Greenstar, soláthraí seirbhíse bailithe araidí eile. Rinne an duine sin gearán linn roimhe sin sa bhliain 2011 faoi theachtairachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a seoladh chuige gan toiliú. Thugamar an gearán roimhe sin chun críche ach rabhadh a eisiúint chuig Greenstar i mí Mheán Fómhair 2011. D'inis an gearánach dúinn gur cuireadh tús an athuair le margaíocht dhíreach ó Greenstar trí bhíthin teachtaireachtaí téacs a bhíodhas ag seoladh go dian.

Mar fhreagra ar ár gceisteanna, chuir Greenstar in iúl dúinn gurbh amhlaidh, mar thoradh ar an méid ama a bhí imithe thart ón uair a rinneadh an gearán sa bhliain 2011 (rud a d'admhaigh sé nach raibh inleithscéil), nach raibh

a thaifid maidir leis an ngearánach chomh cruinn agus ba cheart iad a bheith, ós rud é gur roghnaigh an gearánach cheana féin gan margaíocht a fháil ón gcuideachta. Luaigh Greenstar nach raibh sonraí an ghearánaigh ná na sonraí faoin ngearán a rinneadh sa bhliain 2011 cruinn agus cothrom le dáta, a mhéid nár cheart uimhir theileafóin phóca an ghearánaigh a úsáid chun críocha margaíochta.

I bhfianaise an rabhaidh roimhe a d'eisíomar, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé Starrus Eco Holdings Limited, ag trádáil faoi ainm Panda agus faoi ainm Greenstar i leith cionta a rinneadh sa dá chás. I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 24 Deireadh Fómhair 2018, thaifead an chuideachta pléadálacha ciontacha i gcúiseanna a bhain le sáruithe ar Rialachán 13(1) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith teachtaireachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a bheith á seoladh chuig beirt ghearánach gan a dtoiliú a fháil. In ionad ciontú agus fineáil a ghearradh, d'ordaigh an chúirt don chuideachta síntiús carthanúil €2,000 a thabhairt d'Ontaobhas Peter McVerry. D'aontaigh an chuideachta cosanta go n-íoc-fadh sí as costais ionchúisimh an Choimisiúin. Rinneadh deimhniú á léiriú gur tugadh an síntiús carthanúil don charthanas a chur ar fáil don chúirt an 15 Samhain 2018 agus caitheadh an ní amach.

Dlíthíocht lena mBaineann an Coimisiún

Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, tugadh breithiúnais sna himeachtaí seo a leanas a raibh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina pháirtí iontu: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur bhain gach ceann de

na himeachtaí seo le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin faoin gcóras reachtach roimhe, ba é sin, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Achomharc chun na hArd-Chúirte i gcás *Agnieszka Nowak v an Coimisinéir Cosanta Sonraí* [2018] IEHC 443 (Breithiúnas ón Ard-Chúirt a tugadh an 12 Iúil 2018)

An phríomh-shaincheist: comhlíonadh iarraidh ar rochtain atá sonrach agus teoranta ó thaobh téarmaí de.

Bhain an cás le hachomharc a rinne ábhar sonraí chun na hArd-Chúirte (a éisteadh i mí an Mheithimh 2018) in aghaidh breith a thug an Chúirt Chuarda i mí Feabhra 2018. Sa chás deireanach sin, diúltaíodh don achomharc a rinne an t-ábhar sonraí in aghaidh an chinnidh ón gCoimisinéir ar an ngearán ón achomharcóir. Bhain an gearán ón ábhar sonraí le hiarraidh ar rochtain a rinneadh chuig a fostóir agus inar iarr sí ‘a copy of all documents held [...] which constitute personal data [...] namely [...]’. Sonraíodh trí chatagóir doiciméid ar leith ina dhiaidh sin san iarraidh ar rochtain. Sholáthair an fostóir na catagóirí ordaithe sonraí pearsanta don ábhar sonraí. Mar sin féin, rinne an t-ábhar sonraí gearán ina dhiaidh sin leis an gCoimisinéir á rá nár soláthraíodh a sonraí pearsanta go léir (agus samplaí á dtabhairt aici). Rinne sí gearán freisin nár tugadh cur síos di ar na sonraí pearsanta ná ar chatagóirí, cuspóirí agus faighteoirí na sonraí pearsanta a próiseáladh agus gurbh amhlaidh, dá bhrí sin, gur sháraigh an fostóir na hoibleagáidí atá air faoi alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (an tAcht um Chosaint Sonraí). Mhaígh an fostóir go raibh an iarraidh ar rochtain teoranta do na trí chatagóir doiciméid agus nach faoi raon feidhme na hiarrata ar rochtain a bhí an fhaisnéis bhreise ar shainaithin an t-ábhar sonraí ina dhiaidh sin í a bheith ar iarraidh ón bhfreagra ar an iarraidh ar rochtain. Mar sin féin, sholáthair an fostóir na sonraí pearsanta breise ina dhiaidh sin. Dheimhnigh an t-ábhar sonraí ina dhiaidh sin nach raibh aon fhadhbanna eile aici maidir lena hiarraidh ar rochtain. Dá ainneoin sin, d’iarr sí cinneadh foirmiúil ón gCoimisinéir.

Ba é an cinneadh a rinne an Coimisinéir ná gurbh amhlaidh, i gcás go dteorannaíonn ábhar sonraí a (h)iarraidh ar rochtain go follasach, go bhfuil sé dlisteanach agus cuí don eagraíocht na sonraí pearsanta a sonraíodh a sholáthar in ionad na sonraí pearsanta go léir atá á sealbhú a sholáthar, cé gur foráladh le halt 4 den Acht um Chosaint Sonraí do cheart a bheith ag ábhar sonraí chun cóip a fháil d’aon sonraí pearsanta fúthu atá á sealbhú ag eagraíocht. Dá bhrí sin, chinn an Coimisinéir gur réasúnach a bhí an cinneadh a rinne an fostóir gan a fhreagra ar an iarraidh ar rochtain a theorannú ach do

na trí chatagóir shonraithe sonraí pearsanta agus nár tháinig laistigh de na catagóirí sin ceann ar bith de na sonraí pearsanta breise, a soláthraíodh tar éis an gearán a dhéanamh. Ar an mbonn sin, ní dhearnadh aon sárú ar alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí. Chinn an Coimisinéir freisin, ar bhonn an léirithe a bhí aige ar fhorálacha alt 4, gurbh amhlaidh, agus cóip de na sonraí pearsanta atá i gceist á hiarraidh go sonrach, go raibh sé réasúnach don fostóir glacadh leis nach raibh an t-ábhar sonraí ag iarraidh cur síos ar na sonraí pearsanta a próiseáladh, mar a fhoráiltear dó in alt 4 faoi iarraidh ghinearálta. Dá réir sin, níorbh ionann agus sárú ar an Acht um Chosaint Sonraí an fhíríc nár sholáthair an fostóir an cur síos ar na sonraí pearsanta.

Ba é an bhreith ón gCúirt Chuarda ná gur réasúnach ar fad a bhí an chonclúid ar tháinig an Coimisinéir uirthi maidir leis an bhfocal ‘namely’ agus gur ‘le réasún agus le bunús, agus soiléir agus réasúnach ar fad’ a bhí an cinneadh ón gCoimisinéir. Sa bhreithiúnas ón Ard-Chúirt, chinn an Breitheamh Onórach McDermott gurbh amhlaidh, cé gur tarraingíodh pointí nós imeachta anuas san achomharc a rinneadh chun na hArd-Chúirte, gurbh é a bhí i mbunús na saincheiste a tharraing an t-ábhar sonraí anuas ná cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon a fostóir a oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Chosaint Sonraí agus gur bhain sé sin leis an léiriú ar an iarraidh tosaigh ar rochtain. Luaigh sé ‘nach iarraidh ghinearálta’ a bhí in iarraidh an ábhair shonraí agus ‘gurbh eol di go soiléir cad ba mhaith léi a fháil agus gur roghnaigh sí trí chatagóir ó chatagóir níos leithne doiciméad’ agus gurbh amhlaidh, nuair a d’úsáid sí an focal ‘namely’ san iarraidh sin, ‘go raibh sí ag sainaithint na ndoiciméad go soiléir agus go raibh sí in ann “that is to say” nó “specifically” a úsáid, ar focail iad a bhfuil an bhrí chéanna leo’. Ba dheimhin leis an Ard-Chúirt nach ndearna breitheamh na Cúirte Cuarda earráid nuair a ghlac sé le seasamh an Choimisinéara nárbh iarraidh ghinearálta í an iarraidh ar rochtain agus go raibh sí teoranta do na trí chatagóir. Iarraidh theoranta a bhí san iarraidh ar rochtain. Ní raibh sí ina hiarraidh fhadréimseach inar cumhdaíodh gach ceann d’fhomhíreanna alt 4(1)(a). Bhí an rogha iomlán ag ábhar sonraí

iarraidh dhírithé ar shonraí a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí. Dá ainneoin sin, ní raibh sé réasúnach d'ábhar sonraí, tar éis iarraidh shonrach theoranta a dhéanamh ar rochtain, gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir faoi chliseadh doiciméid nár soláthraíodh go sonrach a sholáthar. Dar leis an gcúirt, ba cheart a

bheith ag súil leis ar a laghad gur cheart don ábhar sonraí an tsaincheist a chur in iúl don rialaitheoir sonraí sula ndéanfadh sé/sí gearán leis an gCoimisinéir. Diúltaíodh don achomharc, dá bhrí sin.

Tabhair faoi deara: Tá an bhreith sin ón Ard-Chúirt ina hábhar d'achomharc chun na Cúirte Achomhairc anois.

Dlíthíocht lena mbaineann Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha

An Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland Limited agus Maximilian Schrems [Uimh. Thaifid 2016/ 4809 P]

An 31 Bealtaine 2016, chuir an Coimisinéir tús le himeachtaí in Ard-Chúirt na hÉireann, ag iarraidh tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca lena bhailí atá clásail chonarthacha chaighdeánacha. Is é atá i gclásail chonarthacha chaighdeánacha ná sásra a bunaíodh le roinnt cinntí ón gCoimisiún Eorpach agus ar faoina réir faoi láthair a fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe. Thionscain an Coimisinéir na himeachtaí sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach sa bhreithiúnas uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2015 (rud lenar cealaíodh an córas Cuanta Sábháilte le haghaidh sonraí pearsanta a aistriú idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe freisin). Ba é an rialú ón gCúirt Bhreithiúnais ná nach mór d'aon údarás cosanta sonraí san Aontas Eorpach cloí leis an nós imeachta seo (lena mbaineann tarchur chun na Cúirte Breithiúnais a iarraidh) i gcás go measann an t-údarás cosanta sonraí san Aontas Eorpach go bhfuil dea-bhunús ann le gearán arna dhéanamh ag ábhar sonraí maidir le hionstraim de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail cinneadh ón gCoimisiún Eorpach.

(1) Cúlra

D'eascair na himeachtaí ar thionscain an Coimisinéir iad as an ngearán bunaidh a rinne an tUas. Maximilian Schrems leis an gCoimisinéir i mí an Mheithimh 2013 maidir le Facebook. Bhain an gearán sin le haistriú sonraí pearsanta ag Facebook Ireland chuig Facebook Inc., a mháthairchuideachta, sna Stáit Aontaithe. Ba é an t-ábhar imní a bhí ag an Uas. Schrems ná gurb amhlaidh, toisc go raibh a shonraí pearsanta á n-aistriú ó Facebook Ireland chuig Facebook Inc., go bhféadfadh gníomhaireachtaí slándála stáit na Stát Aontaithe rochtain neamhdhleathach a fháil orthu (nó go raibh a shonraí pearsanta i mbaol a rochtana neamhdhleathach acu). Tháinig ábhair imní an Uas. Schrems chun cinn i bhfianaise an nochta a rinne Edward Snowden maidir le clár áirithe a deirtear a bheith i mbun oibre ag Gníomhaireacht Slándála Náisiúnta na Stát Aontaithe, go háirithe clár ar a dtugtar PRISM. Dhiúltaigh an Coimisinéir (a bhí ann ag an am) don ghearán a imscrúdú ar na forais gur bhain sé le cinneadh ón gCoimisiún Eorpach (lenar bunaíodh an córas Cuanta Sábháilte le haghaidh sonraí a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe) agus gurb amhlaidh, ar an mbonn sin, go raibh ceangal air faoin dlí náisiúnta agus faoi dhíl an Aon-

tais Eorpaigh atá ann cheana an cinneadh sin ón gCoimisiún Eorpach a chur i bhfeidhm. Thug an tUas. Schrems caingeán athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh an chinnidh ón gCoimisinéir gan an gearán uaidh a imscrúdú. Ba é an toradh a bhí ar an gcaingeán sin go ndearna Ard-Chúirt na hÉireann tarchur chun na Cúirte Breithiúnais, a thug an cinneadh uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2015.

(2) Nós imeachta na Cúirte Breithiúnais maidir le cinntí ón gCoimisiún Eorpach

I rialú a rinne an Chúirt Bhreithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2015, tugadh soiléiriú gurb amhlaidh, i gcás go ndéantar gearán le haon údarás cosanta sonraí san Aontas Eorpach lena mbaineann maíomh nach bhfuil cinneadh ón gCoimisiún Eorpach comhoiriúnach le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, nach mór don údarás cosanta sonraí lena mbaineann an gearán sin a scrúdú, cé nach bhféadfaidh an t-údarás cosanta sonraí é féin an bhreith sin a chur i leataobh nó a dhífheidhmiú. Ba é an rialú ón gCúirt Bhreithiúnais gurb amhlaidh, i gcás go measann an t-údarás cosanta sonraí go bhfuil dea-bhunús ann leis an ngearán, nach mór dó páirt a ghlacadh in imeachtaí dlí os comhair na cúirte náisiúnta. Rialaigh sí freisin gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil na hábhair amhrais chéanna ag an gcúirt náisiúnta maidir lena bhailí atá an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach, nach mór don chúirt náisiúnta an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú ar a bhailí atá an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach i gceist. Mar atá luaite thuas, sa bhreithiúnas uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2015, chealaigh an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach a bhí mar bhonn agus thaca ag an gcóras Cuanta Sábháilte le haghaidh sonraí a aistriú idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe.

(3) An dréachtchinneadh ón gCoimisinéir

Ag teacht sna sála ar chealú an chórais Chuanta Sábháilte le haghaidh sonraí pearsanta a aistriú, rinne an tUas. Schrems a ghearán a athcheapadh agus a chur isteach an athuair chun aird a thabhairt ar an teagmhas sin. D'aontaigh an Coimisinéir le leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghearán athcheaptha sin. Scrúdaigh an Coimisinéir an gearán ón Uas. Schrems ansin i bhfianaise airteagail áirithe de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais

Eorpaigh (an Chairt), lena n-áirítear Airteagal 47 (an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil i gcás go ndéantar na cearta agus na saoirsí arna rathú le dlí an Aontais Eorpaigh a shárú). Le linn dó an gearán athcheaptha ón Uas. Schrems a imscrúdú, fuair an Coimisinéir amach go raibh Facebook Ireland ag leanúint ar aghaidh ag aistriú sonraí pearsanta chuig Facebook Inc. sna Stáit Aontaithe, agus é ag brath den chuid is mó ar chlásail chonartha-cha chaighdeánacha a úsáid. Ag teacht sna sála ar an imscrúdú a rinne sí ar an ngearán athcheaptha ón Uas. Schrems, tháinig an Coimisinéir ar an réamhthuairim (a cuireadh in iúl i ndruchtchinnadh an 24 Bealtaine 2016 agus faoi réir aighneachtaí breise a fháil ó na páirtithe) go raibh dea-bhunús ann leis an ngearán ón Uas. Schrems. Bhí an tuairim sin bunaithe ar an druchtchinnadh ón gCoimisinéir nach bhfuil leigheas dlí atá comhoiriúnach le hAirteagal 47 den Chairt ar fáil sna Stáit Aontaithe do shaoránaigh Aontais Eorpaigh a n-aistrítear a sonraí chuig na Stáit Aontaithe, áit a bhféadfadh go ndéanfadh gníomhaireachtaí stáit na Stát Aontaithe í a rochtain agus a phróiseáil chun críocha slándála náisiúnta ar bhealach atá neamh-chomhoiriúnach le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt. Tháinig an Coimisinéir ar an réamhthuairim freisin nach dtugtar aghaidh le clásail chonartha-cha chaighdeánacha ar an bhfíric go bhfuil leigheas éifeachtach atá comhoiriúnach le hAirteagal 47 ann agus gurb amhlaidh, dá bhrí sin, gur dóigh do na clásail chonartha-cha chaighdeánacha iad féin teacht salach ar Airteagal 47 a mhéid a airbheartaíonn siad aistriú sonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais Eorpaigh chuig na Stáit Aontaithe a dhlísteann.

(4) Na himeachtaí agus an éisteacht

Dá bhrí sin, chuir an Coimisinéir tús le himeachtaí dlí in Ard-Chúirt na hÉireann, agus é ag iarraidh dearbhú a fháil i dtaca lena bhailí atá cinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le clásail chonartha-cha chaighdeánacha agus ag iarraidh réamh-tharchur chun na Cúirte Breithiúnais ar an tsaincheist. Níor iarr an Coimisinéir aon fhaoiseamh sonrach sna himeachtaí in aghaidh Facebook Ireland ná in aghaidh an Uas. Schrems. Mar sin féin, ainmníodh iad mar pháirtithe sna himeachtaí chun deis a thabhairt dóibh (ach gan oibleagáid a chur orthu) páirt iomlán a ghlacadh iontu toisc go rachadh toradh na n-imeachtaí i bhfeidhm ar an mbreithniú a dhéanfadh an Coimisinéir ar an ngearán ón Uas. Schrems in aghaidh Facebook Ireland. Roghnaigh an dá pháirtí páirt iomlán a ghlacadh sna himeachtaí. Chomh maith leis sin, rinne deich gcinn de thríú páirtithe leasmhara iarratas chun go gcuirfí iad leis na himeachtaí mar amici curiae ('cairde na cúirte') agus ba é an rialú ón gCúirt gur cheart ceithre cinn de na 10 bpáirtí a chur leo mar amici (rialtas na Stát Aontaithe, BSA The Software Alliance, an Eoraip Dhigiteach agus EPIC (an tIonad Faisnéise um Príobháideacht Leictreonach)).

Éisteacht na himeachtaí os comhair an Bhreithimh Onóraigh Costello in Ard-Chúirt na hÉireann (an Rannóg Tráchtála) thar 21 lá i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2017. Bhí an breithiúnas á fhorchoimeád go dtí deireadh na héisteachta. Mar achoimre, rinneadh aighneachtaí dlíthiúla thar a gceann seo: (i) gach ceann de na páirtithe, mar atá an Coimisinéir, Facebook Ireland agus an tUas. Schrems; agus (ii) gach ceann de 'chairde na cúirte', mar atá luaite thuas. D'éist an chúirt freisin fianaise ó bhéal ó

chúigear finnítithe saineolaíocha ar dhlí na Stát Aontaithe mar seo a leanas:

- Ashley Gorski Uas., finné saineolaíoch thar ceann an Uas. Schrems.
- An tOllamh Neil Richards, finné saineolaíoch thar ceann an Choimisinéara.
- An tUas. Andrew Serwin, finné saineolaíoch thar ceann an Choimisinéara.
- An tOllamh Peter Swire, finné saineolaíoch thar ceann Facebook.
- An tOllamh Stephen Vladeck, finné saineolaíoch thar ceann Facebook.

San idirthréimhse idir deireadh na trialach agus tabhairt an bhreithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2017 (féach thíos), thug na páirtithe an t-eolas is deireanaí don chúirt ar an gcásdlí agus ar fhorbairtí eile.

(5) An Breithiúnas ón Ard-Chúirt

Thug an Breitheamh Onórach Costello an breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2017 trí bhíthin breithiúnas i scríbhinn a bhí 152 leathanach ar fad. Chuir an chúirt achoimre feidhmiúcháin ar an mbreithiúnas ar fáil freisin.

Sa bhreithiúnas uaithe, chinn an Breitheamh Onórach Costello go raibh dea-bhunús ann leis na hábhair imní ar chuir an Coimisinéir iad in iúl sa druchtchinnadh uaithe an 24 Bealtaine 2016 agus gur cheart saincheist-anna áirithe a tarraingíodh anuas sna himeachtaí sin a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais chun go bhféadfadh an Chúirt Bheithiúnais rialú a dhéanamh maidir lena bhailí atá na cinntí ón gCoimisiún Eorpach lenar bunaíodh clásail chonartha-cha chaighdeánacha mar mhodh le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta a dhéanamh. Go háirithe, mheas an chúirt go raibh dea-bhunús ann le druchtchinní an Choimisinéara (atá leagtha amach sa druchtchinnadh uaithe an 24 Bealtaine 2016) á rá nár chloígh dlíthe agus cleachtais na Stát Aontaithe leis an gceart atá ag saoránach Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 47 den Chairt chun leigheas éifeachtach a iarraidh os comhair binse neamhspleách (a bhfuil feidhm aige, mar a luaigh an chúirt, maidir le sonraí gach ábhair shonraí de chuid an Aontais Eorpaigh ar aistríodh a sonraí chuig na Stáit Aontaithe).

Sa bhreithiúnas uaithe an 3 Deireadh Fómhair 2017, chinn an Breitheamh Onórach Costello freisin gurb amhlaidh, toisc gur chuir na páirtithe in iúl gur mhaith leo go mbeadh deis acu a dtuairimí a thabhairt ar na ceisteanna a bhí le tarchur chun na Cúirte Breithiúnais, go liostódh sí an t-ábhar le haghaidh aighneachtaí ó na páirtithe agus go gcinneadh sí ansin cé na ceisteanna a bhí le tarchur chun na Cúirte Breithiúnais. Rinne na páirtithe sa chás agus na amici curiae aighneachtaí chun na cúirte, i measc nithe eile, an 1 Nollaig 2017 agus an 16, an 17, agus an 18 Eanáir 2018 maidir leis na ceisteanna a bhí le tarchur. Le linn na n-éisteachtaí sin, rinneadh aighneachtaí thar ceann Facebook agus rialtas na Stát Aontaithe freisin maidir le 'hearráidí' a rinneadh, dar leo, sa bhreithiúnas a tugadh an 3 Deireadh Fómhair 2017. D'fhorchoimeád an chúirt an breithiúnas uaithe ar na hábhair sin.

(6) Ceisteanna a bhí le tarchur chun na Cúirte Breithiúnais

An 12 Aibreán 2018, thug an Breitheamh Onórach Costello fógra do na páirtithe faoina hiarraidh ar réamhráilú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leagadh amach sa doiciméad sin an 11 cheist shonracha a bhí le tarchur chun na Cúirte Breithiúnais, mar aon le cúlra ar na himeachtaí.

Ar an dáta céanna, chuir an Breitheamh Onórach Costello in iúl freisin go ndearna sí roinnt athruithe ar an mbreithiúnas uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2017 — agus ar mhíreanna 175, 176, 191, 192, 207, 213, 215, 216, 220, 221 agus 239 go sonrach. Le linn na héisteachta sin, chuir Facebook in iúl gur mhaith leis a bhreithniú cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh sé achomharc in aghaidh na breithe ón Ard-Chúirt an tarchur a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais agus, i gcás go ndéanfadh sé amhlaidh, go lorgódh sé bac ar an tarchur a bhí le déanamh ag an Ard-Chúirt chun na Cúirte Breithiúnais. Ar an mbonn sin, liostaigh an Ard-Chúirt an t-ábhar lena éisteacht an 30 Aibreán 2018.

Nuair a tháinig na himeachtaí os comhair na hArd-Chúirte an 30 Aibreán 2018, rinne Facebook iarratas ar bhac a chur ar an tarchur ón Ard-Chúirt chun na Cúirte Breithiúnais, ar feitheamh achomhairc uaidh in aghaidh an tarchur a dhéanamh. Rinne na páirtithe aighneachtaí i dtaca leis an iarratas a rinne Facebook ar bhac.

An 2 Bealtaine 2018, thug an Breitheamh Onórach Costello an breithiúnas uaithi ar iarratas Facebook ar bhac a chur ar tharchur na hArd-Chúirte chun na Cúirte Breithiúnais. Sa bhreithiúnas uaithi, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach d'iarratas Facebook ar bhac, agus í den tuairim go gcruthófaí an éagóir ba lú ab fhéidir dá mba rud é go ndiúltdh an Ard-Chúirt d'aon bhac agus go ndéanfadh sí an tarchur chun na Cúirte Breithiúnais lom láithreach. Rinne Ard-Chúirt na hÉireann an tarchur chun na Cúirte Breithiúnais ina dhiaidh sin.

(7) An tAchomharc chun na Cúirte Uachtaraí

An 11 Bealtaine 2018, rinne Facebook iarratas ar chead achomharc leis an gCúirt Uachtarach in aghaidh na mbreithiúnas a thug an Ard-Chúirt i bhfabhar an Choimisinéara an 3 Deireadh Fómhair 2017 (arna leasú an 12 Aibreán 2018). An 17 Iúil 2018, éisteadh an t-iarratas a rinne Facebook ar chead achomhairc leis an gCúirt Uachtarach. Sa bhreithiúnas a thug sí an 31 Iúil 2018, dheonaigh an

Chúirt Uachtarach cead do Facebook lenar ligeadh dó a achomharc a thabhairt chun na Cúirte Uachtaraí agus lenar fágadh na ceisteanna seo a leanas ar oscailt:

- An bhfuil aon fhéidearthacht ar bith ann achomharc a dhéanamh in aghaidh an bhreithiúnais ón Ard-Chúirt?
- Má tá, cad atá i gcineál an achomhairc sin?

Go mall sa bhliain 2018, reáchtáladh roinnt éisteachtaí nós imeachta sa Chúirt Uachtarach chun ullmhú don achomharc a éisteacht. Cuireadh éisteacht shubstainteach an achomhairc ar siúl ansin an 21, an 22 agus an 23 Eanáir 2019 os comhair painéal Cúirte Uachtaraí a bhí comhdhéanta de chúigear breithiúna, mar a bhí: an Breitheamh Onórach Clarke, an Príomh-Breitheamh; an Breitheamh Onórach Charleton; an Breitheamh Onórach Finlay Geoghegan; an Breitheamh Onórach Dunne; agus an Breitheamh Onórach O'Donnell. Rinneadh argóintí ó bhéal thar ceann Facebook, an Choimisinéara, Rialtas na Stát Aontaithe agus an Uas. Schrems. I measc na bpríomhcheisteanna a tháinig as an achomharc, tá an cheist maidir le cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an Chúirt Uachtarach breithniú a dhéanamh an athair ar na firicí a d'aimsigh an Ard-Chúirt i dtaca le dlí na Stát Aontaithe. (Eascraíonn sé sin as líomhaintí a rinne Facebook agus Rialtas na Stát Aontaithe go bhfuil roinnt earráidí fíorasacha a bhaineann le dlí na Stát Aontaithe ann sa bhreithiúnas ón Ard-Chúirt, atá mar bhonn agus thaca ag an tarchur a rinneadh chun na Cúirte Breithiúnais). Má mheasann an Chúirt Uachtarach go bhféadfaidh sí déanamh amhlaidh, beidh ar an gCúirt ceisteanna breise a bhreithniú maidir le cé acu is ann nó nach ann d'earráidí sa bhreithiúnas dáiríre agus, i gcás gurb ann dóibh, maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart aghaidh a thabhairt orthu. Agus an méid seo á scríobh, níltear ar an eolas faoi cén uair a thabharfar an breithiúnas ón gCúirt Uachtarach.

Idir an dá linn, tá an tarchur a rinne an Ard-Chúirt chun na Cúirte Breithiúnais bailí fós agus tá sé ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Is ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí atá na breithiúnais éagsúla dá dtagraítear thuas, na ceisteanna a tarchuireadh chun na Cúirte Breithiúnais, an fhianaise shaineolaíoch a tugadh thar ceann an Choimisinéara Cosanta Sonraí, agus tras-scríbhinní na trialach os comhair na hArd-Chúirte.

Is féidir an Cásdlí Cosanta Sonraí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a fháil in Aguisín I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

11

Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha



Thug Meitheal Oibre Airteagal 29 (ar cuireadh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí ina háit ó shin i leith) Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha isteach sa bhliain 2003 mar gheall ar an ngá a bhí ann go nglacfadh eagraíochtaí cur chuige domhanda i leith cosaint sonraí, toisc go raibh i bhfeidhm ag cuid mhór díobh fochuideachta amháin nó níos mó a bhí lonnaithe in áiteanna difriúla ar fud an domhain. Ós rud é go raibh sonraí á n-aistriú ar mhórscála, aithníodh go raibh sé riachtanach go gcomhlíonfaí an gá sin ar bhealach éifeachtúil ionas nach síneodh údaráis chosanta sonraí roinnt conarthaí éagsúla, e.g. clásail chonarthaigh chaighdeánacha agus formheas.

Leagtar amach in Airteagal 47 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an dóigh a bhféadfar leanúint le rialacha ceangailteacha corparáideacha a úsáid mar choimirce chuí chun aistrithe chuig tríú tíortha a dhlister anú. Faoi Airteagal 63, áfach, ní hé amháin nach mór don údarás cosanta sonraí ábhartha iarratais ar rialacha ceangailteacha corparáideacha a fhorghabháil, ach is amhlaidh, sula bhféadfar an formheas sin a thabhairt, nach mór don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí na hiarratais a bhreithniú freisin trí bhíthin tuairim arna heisiúint faoin sásra comhsheasmhachta a leagtar amach in Airteagal 64 den Rialachán Ginearálta.

Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, lean an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag gníomhú, nó thosaigh sé ag gníomhú, mar phríomh-athbhreithnitheoir i ndáil le 11 iarratas ar rialacha ceangailteacha corparáideacha. Táthar ag súil leis go n-eiseoidh an Coimisiún cinntí formheasa ar roinnt de na hiarratais sin sa chéad leath den bhliain 2019, a luaithe a thabharfaidh an Bord Eorpach an tuairim uaidh i gcomhréir leis an sásra comhsheasmhachta a leagtar amach in Airteagal 64 den Rialachán Ginearálta. Chomh maith leis sin, thug an Coimisiún cúnamh d'údaráis chosanta sonraí eile trí ghníomhú mar chomh-athbhreithnitheoir i ndáil le hocht n-iarratas ar rialacha ceangailteacha corparáideacha le linn na tréimhse.

Rinne roinnt cuideachtaí teagmháil leis an gCoimisiún idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 31 Nollaig 2018 freisin, agus iad ag rá go raibh siad ag smaoineamh faoina bpríomhúdarás chun críocha rialacha ceangailteacha corparáideacha a bhogadh ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn de bharr an Bhreitheachta. Dá bhrí sin, tá seans ann go dtiocfaidh méadú ar an líon iarratas ar rialacha ceangailteacha corparáideacha a gheobhaidh an Coimisiún sa bhliain 2019.

Saincheisteanna Eile a bhaineann le hAistrithe Idirnáisiúnta

Freastalaíonn baill foirne ón gCoimisiún ar chruinnithe an Fho-Shainghrúpa um Aistrithe Idirnáisiúnta de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, a thagann le chéile go rialta chun doiciméid a bhreithniú agus a ullmhú

ar nithe a bhaineann le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta agus chun comhairle a thabhairt orthu. Tugann an Fo-Shainghrúpa comhairle don Bhord Eorpach ar na saincheisteanna sin, de réir mar is gá. Trína fhreastal ar chruinnithe idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, bhí an Coimisiún páirteach san obair ar sheasaimh ón mBord Eorpach a fhorbairt ar shaincheisteanna tábhachtacha éagsúla. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an obair sin:

- Tuairim ón mBord Eorpach faoi Airteagal 70 den Rialachán Ginearálta a mheasúnú agus a tháirgeadh maidir leis an dréachtchinnéadh cur chun feidhme ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gcosaint leordhóthanach sonraí pearsanta sa tSeapáin (dréachtchinnéadh leordhóthanachta faoi Airteagal 45 den Rialachán Ginearálta);
- páirt a ghlacadh sa dara hathbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú Sciath Phríobháideachais an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, ón gCoimisiún Trádála Feidearálach, ó Roinn Iompair na Stát Aontaithe agus ó Oifig Stiúrthóir Faisnéise Náisiúnta na Stát Aontaithe, mar aon leis an Ombudsman Gníomhach agus le hionadaithe eile ó na Stáit Aontaithe. Ba le cúnamh ón bhFo-Shainghrúpa um Aistrithe Idirnáisiúnta a dréachtaíodh an tuarascáil leantach ón mBord Eorpach ina leith sin;
- treoirleá a fhorbairt maidir le haistrithe idirnáisiúnta idir comhlachtaí poiblí chun críocha comhair riaracháin, ar treoirleá iad a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh lena nglacadh sa bhliain 2019;
- treoir a fhorbairt maidir le hAirteagal 3 den Rialachán Ginearálta, rud lena bpléitear le raon feidhme críochach an Rialachán Ghinearálta. Leanfaidh an Fo-Shainghrúpa um Aistrithe Idirnáisiúnta ag obair ar an tsaincheist sin sa bhliain 2019; agus
- tús a chur le hobair ar threoir a fhorbairt maidir le Deimhniúchán agus Cóid Iompair a úsáid mar uirlisí aistrithe. Leanfar leis an obair sin sa bhliain 2019.

12

Gníomhaíochtaí ar
leibhéal an Aontais
Eorpaigh agus ar leibhéal
idirnáisiúnta



Thosaigh an Coimisiún ag imirt ról rialála méadaitheach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal domhanda araon sna blianta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tharla sé sin toisc gur lonnaithe in Éirinn atá an cheanncheathrú Eorpach de chuid mórán mórchuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta. Is é an toradh atá ar thabhairt isteach an tsásra maidir le hIonaid Ilfhreastail an 25 Bealtaine go bhfuil ról lárnach á imirt ag an gCoimisiún maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag na milliúin duine aonair ar fud an Aontais a chosaint agus a fhorfheidhmiú. Sa bhliain 2018, chuir an Coimisiún aonad tiomnaithe ar bun chun comhar agus teagmháil a éascú le húdaráis chosanta sonraí eile, faoin tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail agus sa chomhthéacs mór idirnáisiúnta araon.

Teagmháil leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí

Cuireadh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí ar bun nuair a tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Is mó i bhfad na feidhmeanna atá ag an mBord Eorpach ná iad sin a bhí ag Meitheal Oibre Airteagal 29 a tháinig roimhe, agus áirítear leo formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta. Mar cheann de na húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas Eorpach, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí. Idir mí na Bealtaine agus mí na Nollag 2018, ghlac an Coimisiún páirt ghníomhach in obair an Bhoird Eorpaigh. Mar chuid den obair sin, d'ullmhaigh baill foirne an Choimisiúin do níos mó ná 40 cruinniú sa Bhruiséil agus d'fhreastail siad ar na cruinnithe sin i bpearsa. Chomhlíon an Coimisiún na ceangaltais atá air gníomhú mar rapóirtéir agus mar chomhraphóirtéir do threoirlínte agus seasaimh bheartais ón mBord Eorpach freisin.

Tá sé de chumhacht ag an mBord Eorpach tuairimí a eisiúint ar na bearta ar leith atá le glacadh ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta ar mhaithe le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na reachtaíochta a chinntiú. Bhí an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa chéad ghrúpa údarás maoirseachta a chuir liosta oibríochtaí próiseála a dteastaíonn measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 35(4) den Rialachán Ginearálta. Mar bhall den Bhord Eorpach, ghlacamar páirt i gcur chun feidhme an tsásra comhsheasmhachta. Mar thoradh air sin, glacadh 26 thuairim ar leith maidir le liostaí um measúnú tionchair ar chosaint sonraí idir mí na Bealtaine agus mí na Nollag 2018.

Chuir baill foirne den Choimisiún le treoirlínte, ábhair oibre agus dréachtnósanna imeachta a fhorbairt ar fud na bhfo-shainghrúpaí go léir den Bhord Eorpach:

- Teorainneacha, Taisteal agus Forfheidhmiú an Dlí
- Comhar
- Comhlíonadh, Ríomhrialtas agus Sláinte
- Forfheidhmiú
- Nithe Airgeadais
- Tascfhórsa Fíneála
- Aistrithe Idirnáisiúnta
- Úsáideoirí TF
- Príomhfhórála
- Na Meáin Shóisialta
- Seirbhísí Comhairleacha Straitéiseacha
- Teicneolaíocht

Sa dara leath den bhliain 2018, lean baill foirne an Choimisiúin le ról ceannaireachta a imirt mar rapóirtéir do na Treoirlínte maidir le Cóid Iompair, atá le glacadh ag an mBord Eorpach go luath sa bhliain 2019. Chomh maith leis sin, rannchuidíomar mar chomhraphóirtéir leis na Treoirlínte maidir le Deimhniúchán, le Straitéis Forfheidhmiúcháin an Bhoird Eorpaigh agus leis na Treoirlínte maidir leis an Idirghníomhú idir Airteagal 3 (Raon Feidhme Críochach) agus Caibidil V den Rialachán Ginearálta le linn na tréimhse sin. Ó ceapadh é chuig an ról i mí na Bealtaine 2018, lean an Coimisiún lena ról mar chomh-chomhordaitheoir don Fho-Shainghrúpa um na Meáin Shóisialta, a bhfuil mar fheidhm aige treoir a fhorbairt agus tosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos i ndáil leis an dóigh a ndéanann cuideachtaí meán sóisialta próiseáil ar shonraí pearsanta.

Leanann Aonad Comhairliúcháin an Choimisiúin le hionadaíocht iomlán a dhéanamh ag an mBord Eorpach. Rinne sé rannchuidiú suntasach thar ceann an Choimisiúin ag gach cruinniú de chuid an Fho-Shainghrúpa um Airgeadas agus Ríomhrialtas de chuid an Bhoird Eorpaigh idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018 freisin.

Is é an t-aonad an rapóirtéir do na Treoirínte maidir le Cóid Iompair (a bhfuiltear ag súil leis go bhfoilseofar iad sa chéad ráithe den bhliain 2019). Chomh maith leis sin, lean sé le páirt a ghlacadh san Fho-Shainghrúpa um Ghnóthaí Airgeadais, áit ar dhíríomar go príomha ar oibriú an Acha um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach agus an Chomhchaighdeán Tuairiscithe in údarais chánach ar fud na mBallstát den Aontas. Leanaimid le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí nua sa tionscal teicneolaíochta airgeadais maidir le húsáid teicneolaíochta blocshlabhra, maidir le slándáil agus maidir le próiseáil mórshonraí freisin. Ar deireadh, tá measúnú á dhéanamh againn ar an tionchar atá ag an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ar an earnáil baincfeireachta agus ar aipeanna lena gcumasaítear do thríú páirtithe íocaíochtaí a rochtain agus a sholáthar trí chuntas bainc an chustaiméara le toiliú ón gcustaiméir.

An Fo-Shainghrúpa um na Meáin Shóisialta

Leanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí le gníomhú mar chomhordaitheoir ar an bhFo-Shainghrúpa um na Meáin Shóisialta de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Sa chomhthéacs sin, gníomhaíonn an Coimisiún mar rapóirtéir chun tosaíochtaí straitéiseacha an Fho-Shainghrúpa a shainiú, i gcomhar le Fo-Shainghrúpaí eile, nuair is gá, i ndáil leis an dóigh a ndéanann cuideachtaí meán sóisialta próiseáil ar shonraí pearsanta.

Comhar faoin Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail

Le creat dlíthiúil an Aontais um chosaint sonraí, tugadh ré nua comhair isteach idir údarais mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas. Bhog an Coimisiún um Chosaint Sonraí ó thimpeallacht reachtach ina raibh inniúlacht eisiach aige chuig timpeallacht ina bhforáiltear do chur chuige comhchuibhithe i leith cearta agus oibleagáidí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais. Mar a dúradh cheana féin, is amhlaidh, faoin tsamhail maidir le hIonaid Ilfhreastail, go bhfuil an Coimisiún ar an bpríomhúdarás maoirseachta a dhéanann formhaoirseacht ar na hoibríochtaí próiseála trasteorann a sheolann a lán cuideachtaí ilnáisiúnta — cuideachtaí teicneolaíochta agus cuideachtaí meán sóisialta ina measc — i ndáil le sonraí pearsanta.

Chun ullmhú don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, chuir an Coimisiún foireann nua um Oibríochtaí Ionaid Ilfhreastail ar bun chun comhordú a dhéanamh ar na nósanna imeachta comhair agus comhsheasmhachta uile atá i bhfeidhm ag an mBord Eorpach agus a bhfuil baint ag an gCoimisiún leo. Chinntigh an méid sin gur éirigh leis an gCoimisiún a chuid cásanna trasteorann a rianú agus tuairisc a thabhairt orthu go gníomhach, an malartú faisnéise le húdarais mhaoirseachta eile a láimhseáil go héifeachtúil, agus cloí leis na hoibleagáidí a bhí air i ndáil le tréimhsí ama agus bearta nós imeachta. Idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 31 Nollaig 2018, ghnóthaigh foireann an Choimisiúin méid suntasach saineolais ar Chóras Faisnéise Mhargadh Inmheánach an Aontais, rud a úsáidtear chun faisnéis faoi chásanna trasteorann a chomhroinnt idir Údarais Mhaoirseachta an Bhoird Eorpaigh.

Comhlachtaí Maoirseachta Cosanta Sonraí an Aontais Eorpaigh

Le linn na bliana 2018, lean an Coimisiún um Chosaint Sonraí le páirt ghníomhach a ghlacadh sna cláir oibre de chuid Chomhlachtaí Maoirseachta an Aontais le haghaidh chórais mhórsála TF an Aontais, amhail Europol, Eurodac, an Córas Bainistíochta Custaim, bunachar sonraí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus Comhchomhlacht Maoirseachta Eurojust. Ina theannta sin, leanamar le breathnú ar an maoirseacht chomhordaithe a dhéantar ar Chóras Faisnéise Schengen agus ar an gCóras Faisnéise Víosáí (SIS II agus VIS). Maidir le SIS II, d'oibrigh an Coimisiún in éineacht leis an nGarda Síochána agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na bliana 2018 i ndáil leis an iarratas ó Éirinn ar pháirt a ghlacadh i ngnéithe neamhtheorann áirithe d'acquis Schengen. Áiríodh leis sin an mheastóireacht ar chosaint sonraí a bhí faoi stiúir ag an gCoimisiún Eorpach, rud a bhí ar siúl in Éirinn i mí na Samhna 2018. Leanfar leis an gclár oibre atá ar bun chun an t-iarratas ó Éirinn a chur ar aghaidh sa bhliain 2019.

Gníomhaíochtaí ar leibhéal idirnáisiúnta

Téann an Coimisiún um Chosaint Sonraí i dteagmháil go fairsing le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le húdarais mhaoirseachta lasmuigh den Aontas Eorpach freisin ar mhaithe le faisnéis faoi chleachtais a chomhroinnt i gcomhthéacs gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus gníomhaíochtaí rialála eile.

Thaistil Helen Dixon, an Coimisinéir Cosanta Sonraí, agus Dale Sunderland, Leas-Choimisinéir, go Nua-Eabhrac i mí Dheireadh Fómhair chun labhairt le geallsealbhóirí, lenar áiríodh an Coiste Príobháideachta agus Cosanta Sonraí Idirnáisiúnta de chuid Chumann Stát-Bharra Nua-Eabhrac. Thapaigh an Coimisiún an deis chun dul i mbun cruinnithe déthaobhacha le roinnt cuideachtaí lena linn.

Ghlac comhaltaí de Choiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin páirt i gcuid mhór de na himeachtaí ag Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta sa Bhruiséil, rud a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair freisin. Is fóram domhanda í an chomhdháil, áit a dtugtar deis d'údarais chosanta sonraí a gcuid eolais agus léargas a chomhroinnt lena chéile. Bhí an chomhdháil bhliantúil dhomhanda — a reáchtáladh faoin teideal 'An Eitic a Phlé: Dínit agus Meas sa Saol Sonraíbhunaithe' — ar siúl thar thréimhse sé lá.

D'fhreastail Graham Doyle, Ceann Cumarsáide an Choimisiúin, ar an gcrúinniú de chuid Údarais Chosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA) thar ceann an Choimisiúin sa bhliain 2018. A bhí lena rannpháirtíocht sa chomhdháil bhliantúil sin, bhí an Coimisiún in ann an dea-chleachtas a chomhroinnt go déthaobhach le rannpháirtithe eile i réimsí amháil feabhas oibríochtaí.

Scuab-imscrúdú an Líonra Dhomhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachta 2018

Sa bhliain 2018, sheol an Líonra Dhomhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachta an 6ú scuab-imscrúdú príobháideachta bliantúil dá chuid. Ba é cuntasacht príobháideachta téama an scuab-imscrúdaithe agus ghlac an Coimisiún páirt ann i gcomhar le húdarais chosanta sonraí ó gach cearn den domhan. Gné lárnach den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí is ea cuntasacht. Ceanglaíonn coincheap na cuntasachta ar eagraíochtaí na bearta atá riachtanach a dhéanamh chun na rialacha cosanta sonraí agus na ceanglais chosanta sonraí is infheidhme a chur chun feidhme. Ceanglaíonn sé orthu freisin bheith in ann a thaispeáint cén dóigh ar cuireadh na rialacha agus na ceanglais sin san áireamh ina gcláir phríobháideachta inmheánacha féin. Is é aidhm an scuab-imscrúdaithe a mheasúnú cé chomh maith is a chuir eagraíochtaí cuntasacht chun feidhme ina gcláir agus ina mbeartais phríobháideachta féin agus bonnlíne a bhunú maidir lena mhéid atá eagraíocht ag comhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí.

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí a sheol an scuab-imscrúdú in Éirinn. Lena linn, rinne sé teagmháil le 30 eagraíocht, a roghnaíodh go randamach, ar fud raon earnálacha difriúla (lenar áiríodh na hearnálacha cógaisíochta, cuideachtaí ilnáisiúnta, rialtais/rialtas áitiúil, iompair, carthanas, oideachais agus airgeadais) agus d'iarr sé orthu sraith ceisteanna réamhshocraithe maidir le cuntasacht príobháideachta a fhreagairt.

Tar éis thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i mí na Bealtaine 2018, chomhaontaigh na baill den Líonra go gcuirfí an scuab-imscrúdú don bhliain 2018 siar go dtí an ráithe dheiridh den bhliain. Dá bhrí sin, is sa bhliain 2019 a fhoilseofar na torthaí comhordaithe deiridh uaidh. Bunaithe ar an scrúdú tosaigh a rinne sé ar thorthaí an scuab-imscrúdaithe in Éirinn, áfach, thug an Coimisiún na treochtaí seo a leanas faoi deara:

- I gcás 86% de na heagraíochtaí lena mbaineann, tá sonraí teagmhála dá nOifigeach Cosanta Sonraí liostaithe acu ar a suíomh Gréasáin. I gcás gach ceann de na heagraíochtaí sin, thugamar faoi deara gur féidir a mbeartas príobháideachta a rochtain go héasca óna leathanach baile.
- Is cosúil go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag formhór na n-eagraíochtaí chun freagra a thabhairt ar iarrataí agus gearáin ó dhaoine aonair.
- Is cosúil go bhfuil beartais leordhóthanacha sáraithe sonraí i bhfeidhm ag 75% de na heagraíochtaí.
- Is cosúil go gcuireann na heagraíochtaí uile cineál éigin oiliúna cosanta sonraí ar fáil dá bhfoireann. Mar sin féin, níor thug ach 38% de na heagraíochtaí sin fianaise ar na cláir oiliúna a chuireann siad ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear an oiliúint d'iontrálaithe nua agus an oiliúint athnuachana a chuireann siad ar fáil.
- I bhformhór na gcásanna, is cosúil go ndéanann na heagraíochtaí cineál éigin faireacháin/féin-mheasúnaithe ó thaobh cosaint sonraí de. Is cosúil freisin, áfach, nach ndéanann siad amhlaidh de réir leibhéal sách ard. Bhain trí cinn de na 29 bhfreagraí scór 'dona' amach agus bhain 13 cinn díobh scór 'sásúil' amach ina leith sin.
- Mhainnigh aon trian de na heagraíochtaí fianaise a thabhairt ar na próisis dhoiciméadaithe atá i bhfeidhm acu chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le táirgí agus teicneolaíocht nua. Is cosúil, áfach, gurb eol d'fhormhór na n-eagraíochtaí go bhfuil na próisis sin ag teastáil agus tá cuid mhór díobh i mbun nósanna imeachta cuí a dhoiciméadú faoi láthair.
- Mhainnigh 30% de na heagraíochtaí a thaispeáint go bhfuil fardal leordhóthanach sonraí pearsanta i bhfeidhm acu agus mhainnigh beagnach leath díobh taifead a choinneáil ar shreafaí sonraí.

Nuair a bheidh siad tugtha chun críche, úsáidfear torthaí an scuab-imscrúdaithe chun cabhrú leis an gCoimisiún a mheasúnú cén ghníomhaíocht leantach is gá a dhéanamh.

13

Cumarsáid



Lean an Coimisiún um Chosaint Sonraí lena chuid gníomhaíochtaí méadaithe feasachta, agus chuir sé borradh fúthu, idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, agus méadú feasachta a bheith ar cheann de na cúraimí atá ar an gCoimisiún anois faoi Airteagal 57 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Le linn na tréimhse sin, d'earcaigh an Coimisiún baill foirne atá oilte i gcumarsáid agus i dtáirgeadh meán digiteach agus chuir sé tús le straitéis cumarsáide uailmhianach a bhfuil roinnt sruthanna i gceist léi.

Faisnéis agus Treoir don Phobal

Lean an Coimisiún le treirdhoiciméid cheannródaíoch a tháirgeadh agus a chur ar fáil don phobal agus d'eagraíochtaí araon chun feasacht a mhéadú ar athruithe sa dlí, chun comhairle agus treoir phraiticiúil a sholáthar agus chun soiléiriú a thabhairt maidir le saincheisteanna sonracha. Áiríodh iad seo a leanas leis na topaicí faisnéise a cumhdaíodh idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018:

- Treoir do thiománaithe maidir le 'ceamaraí deaise' a úsáid;
- Cosaint sonraí agus scéimeanna pobalbhunaithe TCI;
- Treoir phraiticiúil maidir le conarthaí idir rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí;
- Canbhasáil, cosaint sonraí agus margáocht leictreonach;
- Ionadaithe tofa, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018;
- Aistrithe sonraí pearsanta ón Ríocht Aontaithe agus chuig an Ríocht Aontaithe i gcás Breatimeacht 'gan mhargadh'; agus
- Oibríochtaí próiseála sonraí a dteastaíonn measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith.

Teagmháil Dhíreach

Choinnigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí sceideal for-rochtana gníomhach ar bun idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, agus é ag dul i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Labhair an Coimisinéir agus a foireann, chuir siad ábhar i láthair nó rinne siad rannchuidiú ar shlí eile ar níos mó ná 110 n-ócáid le linn na tréimhse, lena áiríodh comhdhála, seimineáir agus cur i láthair d'eagraíochtaí aonair ó raon leathan earnálacha. Tá na nithe seo a leanas ina samplaí díobh sin:

Náisiúnta

- An Cruinniú Mullaigh Sonraí 2018
- Comhdháil Bhliantúil Professional Compliance Services (PDP) ar Chosaint Sonraí 2018
- An Cruinniú Mullaigh ar Eachtraí tar éis Chur i bhFeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, arna réachtáil ag an Sunday Business Post
- Comhdháil Bhliantúil Chomhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME) 2018

Idirnáisiúnta

- Ceathrú Comhdháil Príobháideachta Bitkom, Beirlín
- 31ú Comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta Privacy Laws and Business, Cambridge
- 40ú Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta, an Bhruiséil
- Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachta (IAPP) ar Chosaint Sonraí san Eoraip 2018, an Bhruiséil
- Cruinniú Bliantúil Údaráis Chosanta na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (BIIDPA) 2018, Oileán Mhanann

Teagmháil leis na Meáin

Tá an-iomrá ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bíonn sé sin ag méadú i gcónaí. Is iad na príomhthosca taobh thiar de sin ná cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, an tuiscint mhéadaithe atá ann i gcoitinne ar shaincheisteanna cosanta sonraí, agus na scéalta coitianta a bhaineann le sonraí a bhíonn le feiceáil níos mó agus níos mó sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is minic a bhítear ag brath ar an gCoimisiún chun ceannaireacht a thaispeáint i leith saincheisteanna cosanta sonraí, go háirithe mar gheall ar an líon cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta ardíomhá a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. Tháinig méadú suntasach ar an spéis atá ag na meáin in obair an Choimisiúin agus ar an teagmháil a bhíonn ag na meáin leis an gCoimisiún dá bharr sin. Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go fairsing leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar leibhéal náisiúnta, bhí an Coimisinéir agus baill foirne shinsearacha eile le feiceáil ar an teilifís náisiúnta, ghlac siad páirt in agallaimh éagsúla ar an raidió agus chuir siad go réamhghníomhach agus go frithghníomhach araon leis na meáin chlóite agus dhigiteacha.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, bhí baill foirne ón gCoimisiún le feiceáil ar Sky News, ar CNBC agus ar 60 minutes ar CBS le linn na tréimhse, agus iad ag labhairt faoi shaincheisteanna amháin cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an rialáil a dhéanann an Coimisiún ar an earnáil cuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta. Chuaigh an Coimisinéir agus a baill foirne faoi agallamh le roinnt mórfoilseachán idirnáisiúnta freisin, an iris Foreign Affairs, an New York Times, an Wall Street Journal, an Financial Times, Politico agus Bloomberg ina measc.

Láithreach ar an nGréasán


Sa tréimhse díreach tar éis an 25 Bealtaine 2018, tugadh suíomh Gréasáin an Choimisiúin cothrom le dáta ach treoir riachtanach a chur ar fáil air do dhaoine aonair agus eagraíochtaí a bhí ag iarraidh dul i dteagmháil leis an oifig ar nithe a bhaineann leis an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Rinne an Coimisiún an micreashuíomh www.GDPRandYou.ie dá chuid a chothabháil freisin, rud ar mol lárnach é d'acmhainní a bhaineann leis an Rialachán Ghinearálta.

Rinneadh príomhshuíomh Gréasáin an Choimisiúin — www.dataprotection.ie — a athdhearadh go suntasach agus a athsheoladh i ráithe 4 den bhliain 2018. Tairgtear ar an suíomh Gréasáin nua treoir fhairsing agus acmhainní fairsinge don phobal agus do rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí araon, ar nithe iad a tugadh cothrom le dáta nó a forbraíodh as an nua do chreataí reachtúla nua an Choimisiúin. Is féidir gearáin, fógraí faoi shárúithe sonraí agus ceisteanna ginearálta a chur faoi bhráid an Choimisiúin trína fhoirmeacha Gréasáin ar líne anois freisin.

Láithreach sna Meáin Shóisialta

Lean na meáin shóisialta lena bheith ina bhfóram tábhachtach don Choimisiún agus é ag gabháil do ghníomhaíochtaí méadaithe feasachta agus do ghníomhaíochtaí cumarsáide. Chuir an Coimisiún borradh faoina ghníomhaíochtaí meán sóisialta ar Twitter agus ar LinkedIn idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018 agus, ag deireadh na bliana, bhí thart ar 10,000 leantóir san iomlán aige ar an dá ardán agus bhí sé in ann dul i bhfeidhm ar na céadta míle duine gach mí.

Mhéadaigh an Coimisiún ar a rannpháirtíocht sna meáin shóisialta trí ghrafaicí faisnéise, físeáin agus GIFeanna a bhfuil tionchar amhairc láidir acu a tháirgeadh. Tá na nithe sin ina n-uirlisí éifeachtacha maidir le treoir a scaipeadh agus maidir le tacú le gníomhaíochtaí feasachta an Choimisiúin. I gcomhthráth le cur i bhfeidhm straitéis cumarsáide an Choimisiúin don bhliain 2019, déanfaidh an tAonad Cumarsáide a inneachar meán sóisialta a fhorbairt tuilleadh agus táirgfídh agus scaipfidh sé podchraoltaí agus seimineáir Ghréasáin trína chainéil mheán sóisialta, lena n-áirítear an cuntas nua atá aige ar Instagram.



14

Comhairliúcháin an
Choimisiúin um Chosaint
Sonraí maidir le “Leanaí”
agus maidir leis an
“Straitéis Rialála”



Comhairliúchán Poiblí maidir le Próiseáil Sonraí Pearsanta Leanaí agus Cearta Leanaí mar Ábhair Shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá oibleagáid shonrach ar gach údarás maoirseachta cosanta sonraí, amhail an Coimisiún um Chosaint Sonraí, feacht agus tuiscint a chur chun cinn ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta a ghabhann le gníomhaíochtaí próiseála sonraí lena mbaineann leanaí. Sular tháinig an Rialachán Ginearálta i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún Aonad Beartas Leanaí ar bun, rud atá bunaithe sa Rannóg Dí. Tá Coimisinéir Cúnta a thuairiscíonn do Leas-Choimisinéir (an Ceann Gnóthaí Dí) i gceannas ar an aonad sin. Bhí obair thaiscéalaoch ar siúl sa Choimisiún ó na míonna tosaigh den bhliain 2018 i leith chun a iniúchadh cé na bealaí is fearr a d'fhéadfai feacht agus tuiscint a chur chun cinn ar na saincheisteanna a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, ar na caighdeáin shonracha chosanta do leanaí faoin Rialachán Ginearálta agus ar na cearta atá ag leanaí mar ábhair sonraí. Tar éis dó dul i dteagmháil le geallsealbhóirí éagsúla sna réimsí um chearta leanaí, um leasanna leanaí a chur chun cinn agus um chosaint leanaí, chinn an Coimisiún gurbh amhlaidh, i bhfianaise na tábhachta a leagtar ar shaincheisteanna leanaí faoin Rialachán Ginearálta, gurbh fhiú comhairliúchán speisialta a fhorbairt chun tuairimí ar na saincheisteanna sin a bhailiú ó gach geallsealbhóir, agus ó leanaí go háirithe. Bhíothas ag ullmhú don chomhairliúchán ar fud na bliana 2018, ar lena linn a bhí roinnt baill foirne ag obair go lánaimseartha ar an tionscadal chun ábhair a bheadh le húsáid sa chomhairliúchán a fhorbairt agus a thástáil. Theastaigh ón gCoimisiún go géar a chinntiú go gcuirfeadh leanaí, mar phríomh-geallsealbhóirí, a dtuairimí in iúl ar fud an chomhairliúcháin. Ba ar an gcúis sin a chinn an Coimisiún, tar éis dó dul i dteagmháil le hOifig an Ombudsman do Leanaí, go rachadh sé i ndáil chomhairle go díreach le leanaí ach cuireadh a thabhairt do scoileanna agus ionaid Ógtheagmhála páirt a ghlacadh i gcuid shaindeartha den chomhairliúchán, ar leithligh ó chomhairliúchán scríofa ar líne a réachtáil do gheallsealbhóirí is aosáigh.

Bhí obair dhian ar ábhair a fhorbairt agus a bhechtú le haghaidh an dá shruth den chomhairliúchán ar siúl fud fad na bliana 2018. Seoladh an chéad sruth an 19 Nollaig 2018 agus tionscail sé chun deiridh an 1 Márta 2019. Seoladh é ar shuíomh Gréasáin agus ardáin mheán sóisialta an Choimisiúin agus cuireadh fógraí i nuachtáin náisiúnta

le linn sheachtain an tseolta agus trí Thairseach na gComhairliúchán Poiblí Rialtais ar an suíomh Gréasáin gov.ie. Ba é an aidhm a bhí leis an sruth sin ná dul i dteagmháil le geallsealbhóirí is aosáigh, lena n-áirítear tuismitheoirí, teagascóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do chearta leanaí, eagraíochtaí cosanta leanaí, comhlachtaí ionadaíochta do thuismitheoirí agus do theagascóirí, agus eagraíochtaí a dhéanann sonraí leanaí a bhailiú agus a phróiseáil. Míníodh sa doiciméad comhairliúcháin ar líne na heochairchoincheapa a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, leis na caighdeáin shonracha chosanta sonraí is infheidhme maidir le leanaí, agus le cearta leanaí mar ábhair sonraí. Chomh maith leis sin, cuireadh 16 cheist sa doiciméad agus iarradh aighneachtaí ar cheann ar bith nó gach ceann de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas.

Seoladh an dara sruth an 28 Eanáir 2019. Sa sruth seo, ar ina leith a thug Oifig an Ombudsman do Leanaí tacaíocht don Choimisiún le haghaidh an leagan amach agus na hábhair a fhorbairt agus a thástáil, féachtar le páirt a thabhairt do leanaí agus daoine óga (atá 8 mbliana d'aois agus níos sine) sa phróiseas comhairliúcháin trí ghníomhaíochtaí agus díospóireachtaí atá bunaithe sa seomra ranga, rud a n-éascaíonn múinteoirí é ach úsáid a bhaint as ábhair theagaisc ar dhear an Coimisiún iad go sonrach chun na críche sin. Tugadh cuireadh do na bunscoileanna, na hiar-bhunscoileanna agus na hionaid Ógtheagmhála go léir sa tír páirt a ghlacadh sa sruth seo den chomhairliúchán, a thionscail chun deiridh an 5 Aibreán 2019.


Bainfidh an Coimisiún úsáid as na freagraí ón dá shruth dá chomhairliúchán sa bhliain 2019 chun ábhair threorach a chur le chéile do leanaí agus daoine óga agus d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuarascáil staitistiúil a fhoilsiú tar éis dheireadh an chomhairliúcháin agus a anailise tosaigh ar aighneachtaí, rud ina ndíreofar ar théamaí amhail leibhéil rannpháirtíochta, comhdhéanamh na rannpháirtithe sa chomhairliúchán agus treochtaí ceannlíne dar leis na grúpaí geallsealbhóirí. Mar chuspóir meántéarmach, oibreoidh an Coimisiún le geallsealbhóirí sa tionscal, sa rialtas agus san earnáil dheonach agus lena gcomhlachtaí ionadaíochta tar éis an chomhairliúcháin chun a spreagadh go ndruchtófaí Cóid Iompair chun dea-chleachtas a chur chun cinn i measc eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga, i gcomhréir leis an oibleagáid shonrach atá ar an gCoimisiún faoi alt 32 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Straitéis Rialála an Choimisiúin

Le linn na bliana 2018, chuir an Coimisiún acmhainní suntasacha agus dua suntasach isteach ina nósanna imeachta rialála a shoiléiriú ar leibhéal an-mhionsonraithe. Dá ainneoin sin, dhíríomar fós ar an mórfhictiúr; chuireamar san áireamh freisin an comhthéacs níos leithne a gcuirtear na nósanna imeachta sin i ngníomh ann agus an gá atá ann lenár gcuid tosaíochtaí rialála agus gníomhartha rialála a chur in iúl go soiléir. Tháingamar ar an gconclúid go bhfuil géarghá ann le hanaílís chuimsitheach fhairsing a dhéanamh ar straitéis rialála fhadtéarmach an Choimisiúin. Scaipfear amach sa bhliain 2019 an breithniú agus an machnamh inmheánach sin a rinneadh go mall sa bhliain 2018.

Go mall sa bhliain 2018, chuir an Coimisiún tús le tion-scadal suntasach chun straitéis rialála nua cúig bliana de chuid an Choimisiúin a fhorbairt. Is é a bheidh i gceist

leis sin comhairliúchán seachtrach fhairsing a dhéanfar sa bhliain 2019, rud a bheidh ina chuid dhílis den anailís agus den bhreithniú a dhéanfaimid ar ár straitéis sheasmhach agus de na conclúidí a dtiocfaimid orthu ina leith. Ar deireadh, tabharfar sa straitéis rialála treoir dúinn maidir leis an dóigh a gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí, an dóigh a gcuirfimid ár n-obair reachtúil agus neamhreachtúil in ord tosaíochta agus an dóigh a ndéanfaimid éilimh atá san iomaíocht lena chéile a chothromú go straitéiseach agus sinn ag feidhmiú ár gcumhachtaí rialála ar mhaithe le sonraí pearsanta a chosaint a mhéid is féidir do gach duine. Inár straitéis deiridh, leanfar le saoránaigh a chur i gcroílár an bhealaigh ina gcuireann an Coimisiún a fheidhmeanna reachtúla i gcrích. Ina theannta sin, leagfar amach na tosaíochtaí rialála atá ag an gCoimisiún agus tabharfar léargas agus cinnteacht níos fearr d'ea-graíochtaí agus do dhaoine aonair ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún rialáil a dhéanamh.



15

Oifigh Chosanta Sonraí



Faoi Airteagal 37 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leagadh oibleagáid nua ar eagraíochtaí áirithe Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe a cheapadh.

Ceanglaítear ar eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh i gcás:

- go bhfuil an phróiseáil á déanamh ag údarás nó comhlacht poiblí, ach amháin cúirteanna atá ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach; nó
- gurb é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí oibríochtaí próiseála lena gceanglaítear, de bhua chineál, raon feidhme agus/nó chuspóirí na n-oibríochtaí, go ndéantar faireachán rialta agus córasach mórsála ar na hábhair shonraí; nó
- gurb é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí próiseáil mhórsála ar chatagóirí speisialta sonraí nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta.

Ina theannta sin, ar leibhéal náisiúnta, foráiltear le halt 34 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go ndéanfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais rialacháin lena sonrú ar imthosca breise ina mbeidh sé riachtanach Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú.

Ról an Oifigh Chosanta Sonraí

Is é an tOifigeach Cosanta Sonraí in aon eagraíocht ná duine a bhfuil saineolas aige ar an dlí cosanta sonraí agus ar chleachtais chosanta sonraí. Tá sé mar ról aige cabhrú leis an eagraíocht faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba cheart don Oifigeach Cosanta Sonraí bheith in ann a chuid dualgas agus cúraimí a chur i gcrích ar bhealach neamhspleách. Féadfaidh Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith ina bhall foirne a oibríonn ag an leibhéal cuí agus a bhfuil an oiliúint riachtanach faighte aige. Féadfaidh sé a bheith ina bhall foirne seachtrach nó féadfaidh an t-aon duine amháin gníomhú mar Oifigeach Cosanta Sonraí do roinnt eagraíochtaí. Foráiltear do gach ceann de na roghanna sin sa Rialachán Ginearálta.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí sonraí teagmhála a nOifigh Chosanta Sonraí a fhoilsiú agus na sonraí sin a thabhairt dá bpríomhúdarás maoirseachta. Cinntíonn sé sin go mbeidh daoine aonair (laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di araon) agus an t-údarás cosanta sonraí in ann teagmháil dhíreach éasca a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí gan teagmháil a dhéanamh le cuid eile den eagraíocht ar dtús.

Ról an Oifigh Chosanta Sonraí a Bhunú laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí

Tá ról an Oifigh Chosanta Sonraí ina chuid dhílis de chreat comhlíonta cuntasachtbhunaithe an Rialacháin Ghinearálta. Mar rialaitheoir sonraí le haghaidh na sonraí pearsanta a phróiseálann sé, aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonann sé na caighdeáin chéanna a mbíonn sé ag súil leo ó na heagraíochtaí a rialálann sé agus go bhfeictear go bhfuil sé ag comhlíonadh na gcaighdeán sin. Dá réir sin agus chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta a chinntiú tamall maith roimh an 25 Bealtaine 2018, cheap an Coimisiún um Chosaint Sonraí an chéad Oifigeach Cosanta Sonraí dá chuid riamh i mí Eanáir 2018.

Mar atá tugtha faoi deara thuas, ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta go gceapfaí Oifigeach Cosanta Sonraí a bhfuil na buanna gairmiúla atá riachtanach aige agus tagraítear ann go sonrach do shaineolas a bheith ag an Oifigeach Cosanta Sonraí ar an dlí cosanta sonraí agus an cleachtas cosanta sonraí. Mar abhcóide cáilithe a bhfuil réamhthairbhí shuntasach aige ar chomhlíonadh praiticiúil oibleagáidí cosanta sonraí a chinntiú ó thaobh eagraíochta de, is ag Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin atá an saineolas riachtanach ar an dlí cosanta sonraí agus an cleachtas cosanta sonraí. De bhreis air sin, is amhlaidh, mar bhall foirne sinsearach de chuid an Choimisiúin (ag grád an Choimisinéara Chúnta), go dtuairiscíonn Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin go díreach don leibhéal bainistíochta is airde sa Choimisiún (a Choiste Ard bhainistíochta), faoi mar a cheanglaítear leis an Rialachán Ginearálta. Measann an Coimisiún go bhfuil ról a Oifigh Chosanta Sonraí ina ról ríthábhachtach maidir leis na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún mar rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh agus maidir lena chinntiú go gcoinnítear ualach oibre an Oifigh Chosanta Sonraí faoi athbhreithniú ionas go mbítear ag tabhairt acmhainní leordhóthanacha agus tacaíocht leordhóthanach don ról.

Tríd is tríd, is ionann ról an Oifigh Chosanta Sonraí in údarás maoirseachta cosanta sonraí amháin an Coimisiúin agus ról an Oifigh Chosanta Sonraí in aon rialaitheoir sonraí eile. Maidir le cúraimí an Oifigh Chosanta Sonraí sa Choimisiún, tá siad níos leithne ná na cúraimí íosta a leagtar amach in Airteagal 39 den Rialachán Ginearálta. Mar shampla, tá Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin ina cheannródaí maidir le cúraimí laethúla amháin faireachán a dhéanamh ar bhosca ríomhphoist isteach an Oifigh Chosanta Sonraí, agus é ag gníomhú mar idirghabhálaí idir geallsealbhóirí ábhartha (i.e. ábhair shonraí, aonaid ghnó laistigh den Choimisiún, etc.)

agus ag tabhairt freagra ar cheisteanna cosanta sonraí ó bhaill foirne den Choimisiún. Chomh maith leis sin, glacann Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin páirt réamhghníomhach i sainathint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh straitéiseacha níos fadtéarmaí amhail nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt le haghaidh déileáil le hiarrataí ó ábhair shonraí, oiliúint a sholáthar i bpríomh-shaincheisteanna do gach ball foirne, agus comhairle a thabhairt maidir le próiseas an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí.

Is é an taithí oibríochtúil atá ag an gCoimisiún go dtí seo ná go ngníomhaíonn a Oifigeach Cosanta Sonraí mar 'chara criticiúil' leis an gCoimisiún. Ag gníomhú dó mar rialaitheoir sonraí, éistean an Coimisiún le comhairle agus anailís a Oifigigh Chosanta Sonraí agus glacann sé leis an gcomhairle agus an anailís sin. Trí phríomh-shaincheisteanna cosanta sonraí a shainaithint, tríd an mairís dhlíthiúil agus an comhthéacs oibriúcháin a thuiscint, trí riosca a thomhas agus trí ghníomhaíocht chomhréireach a dhéanamh go réamhghníomhach nuair is gá, ní hé amháin gur ar son cosaint sonraí a oibríonn Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin — cosúil le ról aon Oifigigh Chosanta Sonraí nuair a chomhlíontar é i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta — ach tugann sé aghaidh freisin ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca ar bhealaí éagsúla.

Fógraí a thabhairt don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi Oifigigh Chosanta Sonraí

Córas nua a bhunú le haghaidh fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi Oifigigh Chosanta Sonraí


Roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus roimh theacht i bhfeidhm an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, an 25 Bealtaine 2018, ceanglaíodh ar chatagóirí áirithe rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí clárú le hoifig an Choimisiúin éara Cosanta Sonraí a bhí ann roimhe seo. Mar sin féin, scoireadh den cheanglas dlíthiúil sin ina dhiaidh sin agus níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a thuilleadh clár reachtúil rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí a chothabháil.


Maidir le rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí a gceanglaítear orthu Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú, áfach, is amhlaidh go gceanglaítear orthu faoin Rialachán Ginearálta freisin sonraí teagmhála a nOifigigh Chosanta Sonraí a thuairisciú don údarás cosanta sonraí ábhartha.

Ón 25 Bealtaine, chuir an Coimisiún nósanna imeachta nua agus córais faisnéise nua ar bun chun fógraí a fháil ó eagraíochtaí ábhartha faoi ainmniú a nOifigigh Chosanta Sonraí. Chuir an Coimisiún foirm Ghréasáin chun feidhme ar a shuíomh Gréasáin nua le haghaidh na fógraí sin a fháil. Ní ghearrtar aon táille i leith an phróisis sin. Idir an 25 Bealtaine 2018 agus an 31 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún 900 fógra faoi Oifigigh Chosanta Sonraí. Léirítear sa chairt thíos na hearnálacha tionscail óna bhfuarthas fógraí.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tabhairt faoi chlár oibre le linn na bliana 2019 chun cumarsáid a dhéanamh le heagraíochtaí ábhartha maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin Rialachán Ginearálta Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú.

Staitisticí maidir leis na Fógraí a fuair an Coimisiún faoi Oifigigh Chosanta Sonraí idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018





16

Éifeachtacht Oibriúcháin agus Dearcadh Straitéiseach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí



Éifeachtacht Oibriúcháin

Ag féachaint ar aghaidh ar an 25 Bealtaine 2018, sholáthraíomar go rathúil ár gClár Ullmhachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, á chinntiú go raibh an Coimisiún ullmhaithe go hiomlán dá fheidhmeanna nua méadaithe a sholáthar ón dáta sin i leith. Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, leanamar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn ar phríomhghnéithe den chlár sin, lena n-áirítear nósanna imeachta, próisis, córais agus teicneolaíocht. Bunaíodh Aonad nua Feidhmíochta Oibriúcháin sa Choimisiún sa dara leath den bhliain 2018 chun an clár leanúnach athruithe sin a bhrú chun cinn.

Trí acmhainní a leithdháileadh ar an aonad sin, tá an Coimisiún ag leagan béim ar a thábhachtaí atá nósanna imeachta éifeachtacha éifeachtúla comhsheasmhacha agus atá na córais atá mar bhonn agus thaca acu, go háirithe maidir leo seo a leanas:

- an sainiú agus an cur chun feidhme leanúnach atáimid ag déanamh ar nósanna imeachta caighdeánacha agus ar fheabhsuithe próisis, agus aird á tabhairt ar na cumhachtaí nua atá againn agus na dualgais nua atá orainn faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018;
- an comhar atá ar bun againn le comhghleacaithe sa Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (an Bord Eorpach) de réir mar a thugaimid aghaidh i dteannta a chéile ar na himpleachtaí praiticiúla a ghabhann le sásraí comhair agus comhsheasmhachta an Rialacháin Ghinearálta a chur chun feidhme;
- an méadú leantach atá ag teacht ar líon foirne an Choimisiúin agus an gá atá ann le caighdeán nós imeachta agus le rialuithe córais chun comhsheasmhacht agus cáilíocht a chinntiú; agus
- ár spleáchas méadaitheach ar fhaisnéis bhainistíochta chun eolas a dhéanamh dár gcinnteoireacht eagraíochta, de réir mar a thagann ár líon cásanna leis na noirm nua.
- Ba mar seo a leanas a bhí na príomhéachtaí a thacaigh lenár n-éifeachtacht oibriúcháin idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018:
- seoladh rathúil shuíomh Gréasáin nua an Choimisiúin, rud lena gcuirtear ar chumas daoine aonair agus eagraíochtaí an fhaisnéis de chuid an Choimisiúin a theastaíonn uathu a rochtain ar bhealach i bhfad níos fusa agus lena dtugtar sraith iomlán foirmeacha Gréasáin le haghaidh teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún;
- glacadh oibríochtúil Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh chun comhroinnt faisnéise le hÚdarás Mhaoirseachta eile de chuid an Bhoird Eorpaigh a bhainistiú, lena n-áirítear tograí a dhéanamh le haghaidh feabhsuithe córais, bealaí malartacha oibre

a chur chun feidhme, agus tuarascálacha forlíontacha faisnéise bainistíochta a fhorbairt;

- cur i gcrích na mionanaílise ar na himpleachtaí nós imeachta a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena n-áirítear an t-idirghníomhú le nósanna imeachta an Bhoird Eorpaigh agus measúnú cuimsitheach ar an tionchar a bheidh ann ar na hábhair shonraí agus na heagraíochtaí a n-idirghníomhaímid leo; agus
- tabhairt chun críche an phlean mhionsonraithe um réitigh a dhearadh agus a chur chun feidhme le haghaidh chóras nua bainistíochta cásanna agus bainistíochta doiciméad an Choimisiúin, rud atá le cur chun feidhme sa bhliain 2019.

Áirítear leis na tosaíochtaí don aonad sa bhliain 2019 ár nósanna imeachta caighdeánacha a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, ár gcóras nua bainistíochta cásanna agus bainistíochta doiciméad a chur chun feidhme go rathúil, agus tuarascálacha nua faisnéise bainistíochta a chur chun feidhme ar gach ceann de ghníomhaíochtaí an Choimisiúin.

Deimhniúchán agus Cóid Iompair

Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag bunú aonad nua chun na sásraí nua tábhachtacha um Dheimhniúchán agus Cóid Iompair a tugadh isteach leis an Rialachán Ginearálta a chur i ngníomh. Leagtar béim ar phrionsabal na cuntasachta fud fad an Rialacháin Ghinearálta, rud a fhágann go bhfuil sé de dhualgas ar eagraíochtaí bheith comhlíontach agus bheith in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint. Is é an toradh a bheidh ar Dheimhniúchán agus ar Chóid Iompair ná go mbeidh eagraíochtaí in ann a gcomhlíonadh a thaispeáint go deonach. Maidir leis an aonad nua sin sa Choimisiún atá tiomnaithe do na sásraí sin, oibreoidh sé ar son an glacadh leo a spreagadh agus cabhróidh sé le heagraíochtaí a mhéid is féidir iad a chur chun feidhme go rathúil.

Le linn na bliana 2018, ghníomhaigh an Coimisiún mar rapóirtéir agus mar chomhrapóirtéir faoi seach ar na tacair leithleacha de na Treoirínte ón mBord Eorpach maidir le Cóid Iompair agus le Deimhniúchán, rud a léiríonn an tús áite atá an Coimisiún ag tabhairt do na sásraí cuntasachta sin. Tá na treoirínte sin le foilsiú ag an mBord Eorpach le haghaidh comhairliúchán le geallsealbhóirí go luath sa bhliain 2019.

17

Gnóthaí Corparáideacha



Forbhreathnú

Imríonn an tAonad Gnóthaí Corparáideacha ról lárnach i dtacú le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus le comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla trína chinntiú go bhfuil seirbhísí éifeachtacha airgeadais, acmhainní daonna, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus eagrúcháin i bhfeidhm aige. Ina theannta sin, tá an t-aonad freagrach as bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíonann an Coimisiún ceanglais rialachais chorparáidigh agus reachtaíocht eile.


Cistiú an Choimisiúin

Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an gcistiú atá faighte ag an gCoimisiún ón rialtas, agus é ag méadú ó €1.7 milliún sa bhliain 2013 go leithdháileadh €11.6 milliún sa bhliain 2018 (rud a chuimsígh leithdháileadh pá €7.3 milliún agus leithdháileadh neamhphá €4.3 milliún). Cuireann an Coimisiún fáilte mhór roimh an tiomantas leanúnach atá ag an rialtas d'fheabhas a chur ar chóras rialála cosanta sonraí na hÉireann agus ar ról an Choimisiúin mar rialálaí araon. A bhfuí leis an tiomantas leanúnach sin, bhí an Coimisiún in ann a acmhainní foirne a mhéadú ó 30 duine sa bhliain 2013 go 110 nduine ag deireadh na bliana 2018, rud a chumasaíonn don Choimisiún an ról méadaitheach atá aige mar cheann de na príomhúdarais chosanta sonraí san Aontas Eorpach a chomhlíonadh.

Is ón Státchiste a fhaigheann an Coimisiún a chistiú ar fad anois ó tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht nua um Chosaint Sonraí, 2018, i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Níl aon cheanglas dlíthiúil ar chatagóirí sonraíthe rialaitheoirí sonraí agus próiseáilthe sonraí clárú a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ní bhailíonn an Coimisiún aon ioncam ón bhfoinse sin a thuilleadh ach oiread.

Faigheann leithdháileadh bliantúil an Choimisiúin trí Ghrúpa Vótaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tagann sé ó fho-mhírcheann A.7 dar teideal 'Clár A — Ceannaireacht agus Formhaoirseacht ar an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar Chur i bhFeidhm an Bheartais sin'. Baineann an Coimisiún leas as seirbhísí comhroinnte dá phróisis íocaíochta agus chuntasáíochta. Próiseáiltear íocaíochtaí sonraisc trí Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é an tIonad náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte Párolla, atá faoi shainchúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a phróiseálann íocaíochtaí párolla agus speansas an Choimisiúin.

DPC Funding 2014-2019



Táirgeadh Ráiteas Airgeadais ag an gCoimisiún

De réir alt 23 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ceanglaítear ar an gCoimisiún cuntais bhliantúla a choinneáil ar an gcistiú ar fad a fhaigheann agus a chaitheann sé, na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a shocrú go leagfaí na cuntais iniúchta faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an gCoimisiún gach bliain.

Cloíonn an Coimisiún leis na ceanglais atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus sa Chód Caiteachais Phoiblí. Cloíonn sé ag an am céanna leis na teorainneacha caiteachais agus ceadaithe is infheidhme i leith na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

D'ullmhaigh an Coimisiún dhá Ráiteas Airgeadais don bhliain 2018. Cumhdaíodh sa chéad cheann an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 agus bhain sé le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cumhdaíodh sa dara ceann an tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 agus bhain sé leis an gCoimisiún nuabhunaithe.

Tá Ráiteas Airgeadais an Choimisiúin don tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 á ullmhú faoi láthair lena chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchadh. Cuirfear an Ráiteas Airgeadais ag gabháil leis an tuarascáil seo a luaithe a chríochnófar an t-iniúchadh agus a cheadóidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an Ráiteas.

Acmhainní Foirne an Choimisiúin

Ceann de na príomhthosaíochtaí a bhí ag an gCoimisiún sa bhliain 2018 ba ea leanúint lena chlár um athrú eagraíochta ar mhaithe lena fhoireann a leathnú agus a fhorbairt. Ag obair dó i ndlúthchomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, thug an Coimisiún faoi mhórfheachtas earcaíochta a raibh cúig shainchomórtas i gceist leis le linn shamhradh na bliana 2018, ba iad sin:

- Príomhoifigeach Cúnta — treoraithe foirne cosanta sonraí
- Príomhoifigeach Cúnta — comhairleoirí dlí sinseara-cha
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin — feidhmeannaigh chosanta sonraí
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin — comhairleoirí dlí
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin — teicneolaithe

Mar thoradh ar na feachtais sin, d'éirigh leis an gCoimisiún líon suntasach ball foirne nua a earcú a bhfuil raon leath-an speisialtóireachtaí acu, lena n-áirítear saineolas i réimsí an dlí, na teicneolaíochta, an imscrúdaithe agus na rialála. Tá an mórfheachtas earcaíochta sin ríthábhachtach maidir leis an gCoimisiún a chumasú fórsa saothair ardoilte a fhorbairt ionas gur féidir leis a shainchúram rialála leath-naithe faoin Rialachán Ginearálta a chomhlíonadh.

Mhéadaigh an Coimisiún a sholáthar foirne ó 85 dhuine ag deireadh na bliana 2017 go 110 nduine ag deireadh na bliana 2018. Tá na baill foirne sin lonnaithe i láithreacha an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath agus i gCúil an tSúdaire.

Ina theannta sin, lean an Coimisiún le tús áite a thabhairt dá fhoireann a oiliúint agus a fhorbairt arís eile sa bhliain 2018. Rinne Aonad Dlí an Choimisiúin dianchlár oiliúna foirne a fhorbairt agus a sholáthar idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Ba é cuspóir an chláir feabhas a chur ar shaineolas agus inniúlacht na heagraíochta maidir leis an reachtaíocht cosanta sonraí a léiriú agus a chur i bhfeidhm, go háirithe an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus an tAcht nua um Chosaint Sonraí, 2018.

Leanfar le tús áite a thabhairt don chlár um leathnú straitéiseach eagraíochta arís eile sa bhliain 2019, ar lena linn a thabharfaidh an Coimisiún faoi fheachtais bhreise earcaíochta foirne agus a dhéanfaidh sé pleannanna cuimsitheacha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm dá fhoireann.

An Tionscadal atá ar siúl chun an Coimisiún a Aistriú ina 'Oifigeach Cuntasaíochta' féin

Ní hé amháin gur bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar eintiteas dlíthiúil nua leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ach foráiltear leis an Acht freisin don Choimisiún a bheith cuntasach go neamhspleách agus go díreach as a oibríochtaí reachtúla acmhainní airgeadais agus daonna féin. Tá sé beartaithe faoi láthair go mbeidh éifeacht leis sin ó mhí Eanáir 2020.

Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, chuir an Coimisiún tús le clár um athrú eagraíochta, atá faoi stiúir ag an Aonad Gnóthaí Corparáideacha, chun cuntasacht dhíreach a ghlacadh as feidhmeanna airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, riachtanais teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, iniúchóireacht inmheánach agus feidhmeanna rialachais an Choimisiúin. Mar chuid den obair sin, chuathas i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt

agus Comhionannais maidir leis an aistriú agus maidir leis na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí sin is gá a aistriú. Beidh an tionscadal sin ina thosaíocht thábhachtach don Choimisiún le linn na bliana 2019.


Rialachas Corparáideach — An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina chomhlacht neamhspleách a bunaíodh faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus tá a chuid ceanglas rialachais reachtúil leagtha amach san Acht sin. Cuireann an Coimisiún ardchaighdeán rialachais chorparáidigh i bhfeidhm agus oibríonn sé chun a chinntiú go gcloíonn sé leis na ceanglais atá leagtha amach do gach comhlacht earnála poiblí sa *Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016), ag féachaint do struchtúr rialachais reachtúil ar leith an Choimisiúin.

Mar chuid de cheanglais an *Chóid Chleachtais*, tá Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa Chomhaontú sin an creat leathan rialachais chorparáidigh ar laistigh de a oibríonn an Coimisiún agus sainítear ann na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcuidreamh idir an Coimisiún agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ós rud é go bhfuil an Coimisiún neamhspleách maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi fhorálacha an Acha um Chosaint Sonraí, 2018, níl sé faoi réir Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, ceanglaítear ar an gCoimisiún Ráiteas faoi Rialú Inmheánach a tháirgeadh gach bliain. Tá an Ráiteas ón gCoimisiún do thréimhse na tuarascála seo leagtha amach in Aguisín III.

DPC staff numbers 2013 - 2018



Bainistíocht Riosca

Leagtar amach sa Bheartas Bainistíochta Riosca ón gCoimisiún an cur chuige a ghlacann sé i leith bainistíocht riosca agus róil agus freagrachtaí an Choiste Ardbhainistíochta, na gceann aonaid, an lucht bainistíochta agus na foirne. Leagtar amach sa bheartas freisin na príomhghnéithe den phróiseas bainistíochta riosca agus an dóigh a gcinneann agus a dtaifeadann an Coimisiún na rioscaí atá roimh an eagraíocht. Cuireann an Coimisiún na nósanna imeachta atá leagtha amach sa bheartas bainistíochta riosca uaidh chun feidhme agus coinneáil sé clár rioscaí ar bun ar aon dul le treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Áirítear leis sin measúnú cuí a dhéanamh ar na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún, áit a gcuirtear síos ar na rioscaí atá ann agus ar na bearta nó na straitéisí gaolmhara atá á saothrú chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú.

Is é an tAonad Gnóthaí Corparáideacha a chuireann an clár rioscaí le chéile agus athbhreithníonn na comhaltaí den Choiste Ardbhainistíochta é ar bhonn rialta. Ar aon dul le príomhthosaíochtaí an Choimisiúin, ba iad seo a leanas na príomhrioscaí a láimhseáil an oifig le linn na tréimhse atá i gceist:

- Comhtháthú agus comhdhlúthú éifeachtach na struchtúr, na bpróiseas gnó agus na bhfeidhmeanna nua ar fud an Choimisiúin a chinntiú de réir mar a chuireann sé chun feidhme na feidhmeanna agus na freagrachtaí maoirseachta nua agus breisithe atá leagtha amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, sa Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
- Cumas eagraíochta a fhorbairt, lena n-áirítear an saineolas atá ag foireann an Choimisiúin a fhorbairt, agus leanúint le baill foirne nua a bhfuil scileanna dlí, saincileanna imscrúdaithe agus scileanna teicneolaíochta faisnéise acu a earcú, i bhfianaise na bhfeidhmeanna nua agus breisithe atá ag an eagraíocht faoin Rialachán Ginearálta agus faoin reachtaíocht náisiúnta.
- A chinntiú go bhfuil struchtúir rialála éifeachtacha agus éifeachtúla i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun an sainordú atá aige a chur i gcrích, is é sin, an ceart bunúsach chun cosanta sonraí atá ann san Aontas Eorpach a chosaint agus ionracas, gairmiúlacht agus cáil idirnáisiúnta an Choimisiúin a chaomhnú agus a fheabhsú.
- A chinntiú go mbeidh próisis ghnó nua agus rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm chun feidhmeanna amhail airgeadas, párolla, acmhainn daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus iniúchóireacht inmheánach a bhainistiú go díreach a luaithe a bheidh an Coimisiún ina Oifigeach Cuntasaíochta féin.

Iniúchóireacht

Is é Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart), a sholáthraíonn feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin.

Is é ról Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta. Tugann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne cúnamh don Choimisiún trí dhearbhu réasúnach a thabhairt go bhfuil mór-rioscaí oibriúcháin á sainaithint, á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach.

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar rialuithe airgeadais agus rialachais an Choimisiúin go luath sa bhliain 2018 agus leagadh an tuarascáil faoi bhráid Choiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin agus Choiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina dhiaidh sin. Níor sainaithníodh aon saincheisteannta suntasacha san iniúchadh. Déantar maoirseacht ar obair an Choimisiúin freisin tríd an gcaidreamh laethúil a bhíonn aige le saoránaigh, le gnólachtaí agus le geallsealbhoirí tábhachtacha eile. Féadfar achomhairc a dhéanamh chun na cúirte in aghaidh cinní reachtúla ón gCoimisiún.

Oibleagáidí Reachtúla Eile an Choimisiúin

Déanann an tAonad Gnóthaí Corparáideacha bainistiú agus comhordú ar chur chun feidhme oibleagáidí reachtúla agus eagraíochtúla eile atá ar an gCoimisiún freisin, lena n-áirítear freagra a thabhairt ar iarrataí saorála faisnéise, ar iarrataí ó ábhair shonraí, lena n-áirítear iarrataí ar rochtain d'ábhair shonraí, ar iarrataí seirbhíse do chustaiméirí agus ar ghearáin a dhéantar leis an eagraíocht. Ina theannta sin, déanann an tAonad Gnóthaí Corparáideacha bainistiú agus cur chun feidhme ar nósanna imeachta a bhaineann leis an dóigh a gcomhlíonann an Coimisiún na hoibleagáidí atá air faoin reachtaíocht um Theangacha Oifigiúla.

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil

Tá an Coimisiún faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, go páirteach ón 14 Aibreán 2015 i ndáil le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige. Tá faisnéis faoi iarraidh a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Tá loga nochta do gach iarraidh ar fhaisnéis neamhphearsanta a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar fáil faoinár Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise ar an suíomh Gréasáin.

Tábla Saorála Faisnéise

Iarrataí de réir cineáil	Iomlán don chatagóir	Toradh
Saincheisteanna Riaracháin	10	Géilleadh do 2 iarraidh Diúltaíodh géilleadh d'iarraidh amháin Déileáladh le 4 iarraidh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise Tarraingíodh 3 iarraidh siar
Sonraí pearsanta (lasmuigh den raon feidhme)	1	
Nithe atá lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna	7	
Cásanna atá beo	Ceann ar bith	

Mar atá leagtha amach sa Tuarascáil Deiridh ón gCoimisiún Cosanta Sonraí (ina gcuimhdáitear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 24 Bealtaine 2018), dhéileáil an Coimisiún le hiarraidh amháin le linn na bliana 2018 faoi I.R. Uimh. 133 de 2007 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil), 2007. Diúltaíodh géilleadh do rochtain ar an bhfaisnéis a iarradh sa chás sin. Iarradh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh. San athbhreithniú, seasadh leis an gcinneadh bunaidh diúltú géilleadh do rochtain ar an bhfaisnéis a iarradh. Ar achomharc, chinn an Coimisiún an fhaisnéis a iarradh a eisiúint. Cuireadh an chéim sin i gcrích le linn na tréimhse ama a chumhdáitear sa tuarascáil seo. Fuarthas dhá iarraidh eile idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Bhain ceann amháin díobh leis an iarraidh a rinneadh sa chéad chuid den bhliain, agus tá an iarraidh sin dúnta anois. Diúltaíodh géilleadh don iarraidh eile. Níor iarradh athbhreithniú inmheánach i leith ceachtar díobh.


Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún 18 n-iarraidh san iomlán faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Díobh sin, measadh go raibh ocht gcinn lasmuigh den raon feidhme ar an mbonn gur bhain siad le taifid nár bhain le riarachán ginearálta na hoifige. Tá achomhairc ar na hiarrataí saorála faisnéise a fuair an Coimisiún le linn na tréimhse idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018 ar áireamh sa tábla thíos. Ní dhearnadh aon achomhairc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise ina leith.

Iarrataí ó Ábhair Shonraí, lena n-áirítear Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Shonraí


De réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina rialaitheoir sonraí i leith na sonraí pearsanta atá ina sheilbh freisin. Mar sin, féadfaidh ábhair sonraí na cearta a leagtar síos faoi Airteagail 12 go 22 agus faoi Airteagal 34 den Rialachán Ginearálta a fheidhmiú. Mar sin féin, ceadaítear le hAirteagal 23 den Rialachán Ginearálta do na Ballstáit na cearta sin a shrianadh trí bhíthin reachtaíochta agus foráiltear le halt 60(3)(c)(i) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, do na cearta sin a shrianadh a mhéid a shealbhaíonn an Coimisiún sonraí pearsanta ar mhaithe lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Léiríonn an Coimisiún alt 60(3)(c)(i) ar bhealach a urramaíonn éirim na gcearta agus na saoirsí atá ag ábhair sonraí agus ní chuireann sé an srian i bhfeidhm ach a mhéid atá sé riachtanach agus cuí. Is é an tAonad Gnóthaí Corparáideacha a dhéileálann le hiarrataí den sórt sin ó ábhair sonraí agus oibríonn sé le haonaid eile ar fud an Choimisiúin chun freagra a thabhairt orthu.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tháinig an ceathrú Scéim Teanga ón gCoimisiún faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm an 1 Samhain 2017 agus beidh sí i bhfeidhm go mí Dheireadh Fómhair 2020. Leanann an Coimisiún le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil de réir ár gCairte Custaiméirí agus le faisnéis a sholáthar i nGaeilge ar ár suíomh Gréasáin.



Aguisíní



Aguisín I

Cásdlí Cosanta Sonraí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Wirtschaftsakademie Schleswig-Holstein (Cás C-210/16) (ar a dtugtar cás ‘Leathanaigh Leantóirí Facebook’)

Na príomh-shaincheistean: coincheap na rialaitheoireachta; inniúlacht náisiúnta údarás cosanta sonraí

Na Fíricí

Is é atá i gceist le leathanaigh leantóirí ná cuntais úsáideo-ra is féidir le daoine aonair nó gnóthais a chruthú ar Facebook, ar cuntais iad lena ngabhann coinníollacha neamh-inaistrithe úsáide. Is féidir leis na riarthóirí ar leathanaigh leantóirí Facebook sonraí staitistiúla gan ainm a fháil faoi chuairteoirí ar na leathanaigh leantóirí trí fheidhm ar a dtugtar Léargais Facebook. Bailítear na sonraí sin le fianáin a gcuireann an leathanach leantóirí iad ar ghléas nó ríomhaire an chuairteora agus atá gníomhach ar feadh dhá bhliain. Is é is Wirtschaftsakademie ann ná cuideachta phríobháideach Ghearmánach a thairg seirbhísí oideachais, lena n-áirítear ar leathanach leantóirí a óstáiltear ar Facebook. Le linn na tréimhse atá i gceist, níor thug Wirtschaftsakademie ná Facebook fógra do chuairteoirí á rá go raibh siad ag cur fianán agus ag próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin. Trí bhíthin cinneadh a rinneadh an 3 Samhain 2011, thug ceann amháin de na húdaráis chosanta sonraí réigiúnacha sa Ghearmáin (an t-údarás cosanta sonraí) ordú do Wirtschaftsakademie a leathanach leantóirí a dhíghníomhachtú toisc nár tugadh fógra ina leith sin. Chuir Wirtschaftsakademie in aghaidh an chinnidh sin ar an mbonn nach raibh sé freagrach as na fianáin a chur ná as an bpróiseáil a rinneadh ina dhiaidh sin ar na sonraí pearsanta a bailíodh trí bhíthin na bhfianán. Ba é an toradh deiridh a bhí ar na himeachtaí dlí a d’eascair as ná go ndearna Cúirt Riaracháin Fheidhéalach na Gearmáine tarchur chun na Cúirte Breithiúnais i dtaca leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí (Treoir 95/46/CE) a eisíodh sa bhliain 1995 i ndáil le saincheistean a bhaineann le cé a bhí freagrach as na sonraí pearsanta agus le cé acu a d’fhéadfadh nó nach bhféadfadh an t-údarás cosanta sonraí Gearmánach caingean a thionscnamh in aghaidh Facebook Germany, a bhí freagrach as na sonraí pearsanta i gceist a fhógairt agus a mhargú agus nach raibh freagrach as iad a phróiseáil, toisc gurb é Facebook Ireland a bhí freagrach as an gcúram sin.

An Breithiúnas

Thug an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas uaithe an 5 Meitheamh 2018. Maidir leis an gceist faoi cé a measadh a bheith ar an rialaitheoir sonraí/na rialaitheoirí sonraí ar leathanach leantóirí Facebook agus a bhí freagrach, mar sin de, as comhlíonadh an dlí cosanta sonraí, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl go soiléir gur cheart an sainmhíniú sin a léiriú go leathan chun ‘cosaint éifeachtach iomlán’ na ndaoine a bhfuil a sonraí pearsanta á mbailliú agus á bpróiseáil a chinntiú. Dáiríre, ciallaíonn sé sin go bhféadfar níos mó ná eintiteas amháin a mheas a bheith ina rialaitheoir comhpháirteach. (Tabhair faoi deara go bhforáiltear go sonrath anois do rialaitheoireacht chomhpháirteach faoi Airteagal 26 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, cé nár foráladh di faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí.)

Mheas an Chúirt Bhreithiúnais go raibh Facebook Inc. agus Facebook Ireland, fochuideachta leis, ina ‘rialaitheoirí’ a bhí freagrach as próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta de chuid úsáideoirí Facebook agus de chuid daoine a thugann cuairt ar na leathanaigh leantóirí a óstáiltear ar Facebook, toisc gur chinn siad go príomha na críocha agus na bealaí le haghaidh na sonraí sin a phróiseáil. Mar sin féin, ní mór riarthóir amháin Wirtschaftsakademie a mheas freisin a bheith ina rialaitheoir atá freagrach go comhpháirteach le Facebook Ireland laistigh den Aontas Eorpach as na sonraí sin a phróiseáil. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurb amhlaidh, trí leathanach den sórt sin a chruthú, go dtugann riarthóir ar leathanach leantóirí an deis do Facebook fianáin a chur ar an bhfeiste de chuid duine a thugann cuairt ar an leathanach sin, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil cuntas Facebook ag an duine sin. Trí pharaiméadair na próiseála a shainiú (ag brath go háirithe ar an spriocphobal agus ar na cuspóirí um a ghníomhaíochtaí féin a bhainistiú nó a chur chun cinn), glacann riarthóir den sórt sin páirt i ‘gcríocha

agus bealaí próiseála' shonraí pearsanta na gcuariteoirí ar a leathanach leantóirí a chinneadh. Chuaigh sé sin i bhfeidhm ar an bpróiseáil sonraí pearsanta chun críocha staitisticí a tháirgeadh atá bunaithe ar chuariteanna ar an leathanach leantóirí agus féadfaidh an riarthóir ar an leathanach leantóirí 'na catagóirí daoine a bhfuil a sonraí pearsanta le húsáid ag Facebook a ainmniú fiú'.

Cé go bhfuair an riarthóir ar leathanach leantóirí na sonraí staitistiúla gan aon ainmneacha a bheith ag gabháil leo, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar a ainmniú mar rialaitheoir toisc nár éilíodh leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí nach mór rochtain a bheith ag an dá rialaitheoir ar na sonraí lena mbaineann i gcás go bhfuil rialaitheoirí comhpháirteacha ann. Mar an gcéanna, 'ní fhéadfaidh an fhíríc go mbaineann riarthóir ar leathanach leantóirí an t-ardán a soláthraíonn Facebook é a úsáid chun leas a bhaint as na seirbhísí gaolmhara díolúine a thabhairt dó ó chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá air maidir le sonraí pearsanta a chosaint'.

Mar sin féin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nár thug an fhíríc gurbh ann do fhreagracht chomhpháirteach mar rialaitheoirí comhpháirteacha le tuiscint go raibh freagracht chothrom ann ar gach rialaitheoir agus go bhféadfadh go raibh baint acu le céimeanna difriúla den phróiseáil agus

ar mhéideanna difriúla agus, dá bhrí sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais mór leibhéal na freagrachta a mheasúnú ach aird a thabhairt ar chúinsí an cháis ina n-iomláine.

Maidir leis an tsaincheist leithleach a bhain leis an inniúlacht a bhí ag údarás cosanta sonraí réigiúnach Gearmánach, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh sé in ann a chumhachtaí dlí náisiúnta a fheidhmiú in aghaidh Facebook Germany chun a chinntiú go gcomhlíonfaí ar chríoch na Gearmáine na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint toisc go raibh Facebook Germany ina bhunaíocht de chuid an rialaitheora ar chríoch na Gearmáine de réir bhrí na Treorach maidir le Cosaint Sonraí. Bhíothas in ann na cumhachtaí sin a úsáid agus bhíothas in ann idirghabháil a dhéanamh d'ainneoin na fíric nach raibh Facebook Germany freagrach ach as gníomhaíochtaí fógraíochta agus margaíochta agus go raibh Facebook Ireland freagrach as an bpróiseáil sonraí a bhí i gceist. Bhí na cumhachtaí sin de chuid an údaráis chosanta sonraí réigiúnaigh Ghearmánaigh neamhspleách ar na gníomhartha a rinne údarás cosanta sonraí eile a raibh an rialaitheoir (Facebook Ireland) lonnaithe ar a chríoch agus ní raibh ar an údarás cosanta sonraí Gearmánach iarraidh ar an údarás cosanta sonraí eile ar dtús idirghabháil sula ndéanadh sé chun birt é féin.

Tietosuoja- ja luottotiettu v Jehovan tod istajat (Cás C 25/17) (ar a dtugtar 'Cás Fhinnéithe lehova')

Na príomh-shaincheisteanna: coincheap na rialaitheoireachta; cur i bhfeidhm na díolúine tís; an bhrí le 'córas comhdúcháin ábhartha'

Na Fíricí

Bhain an cás seo le gníomhaíochtaí na mball de Phobal Fhinnéithe lehova trína ndéantar sonraí pearsanta a bhailliú agus a phróiseáil le linn dóibh tabhairt faoi sheanmóireacht ó dhoras go doras. Thug Bord Cosanta Sonraí na Fionlainne (an Bord) ordú do Phobal Fhinnéithe lehova deireadh a chur le sonraí pearsanta a phróiseáil mura gcloífeadh an Pobal le dlíthe na Fionlainne i dtaca leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí (Treoir 95/46/CE) a chur chun feidhme. Mhaígh an Bord gurb ionann agus próiseáil an bailiú faisnéise trí bhíthin nótaí a tógadh le linn seanmóireacht ó dhoras go doras, lena n-áirítear ainmneacha, seoltaí, reiligiún agus stádas teaghligh, agus go ndearnadh an bailiú faisnéise sin gan a fhios do na daoine lena bhain agus gan toiliú na ndaoine sin a fháil. Chinn an Bord go raibh an pobal reiligiúnach agus a bhaill araon ina 'rialaitheoirí sonraí' chun críocha an dlí cosanta sonraí. Cuireadh ina choinne sin agus chuir Cúirt Riaracháin Uachtarach na Fionlainne roinnt ceisteanna, trí bhíthin réamh-tharchuir, faoi cé acu a tháinig nó nár tháinig na gníomhaíochtaí i gceist agus an bailiú sonraí pearsanta faoi raon feidhme na Treorach maidir le

Cosaint Sonraí agus faoi cé acu a bhí nó nach raibh Pobal Fhinnéithe lehova é féin ina rialaitheoir go comhpháirteach lena bhaill.

An Breithiúnas

Tugadh an bhreith ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Iúil 2018. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais ar an gcéad dul síos gur tháinig na gníomhaíochtaí bailithe sonraí pearsanta i gceist faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cosaint Sonraí toisc nach raibh feidhm ag an díolúine don tslándáil stáit agus do réimsí comhchosúla maidir le seanmóireacht ó dhoras go doras agus nach bhféadfadh an díolúine sin feidhm a bheith aici ach amháin maidir le gníomhartha an stáit. Ar an dara dul síos, ní raibh feidhm ag an díolúine ar a dtugtar an 'díolúine tís' ach oiread toisc nach rabhthas in ann a rá go raibh na gníomhaíochtaí i gceist ina ngníomhaíochtaí pearsanta nó ina ngníomhaíochtaí tí amháin i gcúinsí ina bhfuil sé mar chuspóir acu rochtain a thabhairt do líon neamhshrianta daoine ar na sonraí arna mbailiú nó i gcúinsí ina leathnaíonn an ghníomhaíocht sin, go páirteach fiú, chuig spás poiblí agus ina dtreoraítear í dá réir amach as suíomh pearsan-

ta an duine atá ag próiseáil na sonraí. Cé gur tháinig na gníomhaíochtaí próiseála faoi na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 10(1) de Chairt an Aontais Eorpaigh (saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin), leathnaigh an tseanmóireacht níos faide ná an réimse príobháideach i gcúinsí inarb amhlaidh, de réir a cineáil, go bhfuil sé mar chuspóir aici creideamh Phobal Fhinnéithe lehova a scaipeadh ar dhaoine nach bhfuil den chreideamh sin. Dá bhrí sin, níor thug sí saintréith a bhí de chineál pearsanta nó tís amháin don ghníomhaíocht sin.

Chomh maith leis sin, bhreithnigh an Chúirt Bhreithiúnais cé acu a cuimsíodh nó nár cuimsíodh na sonraí pearsanta arna mbailiú i gcóras comhdúcháin ábhartha, mar a éilítear chun go mbeidh feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur tugadh sainmhíniú leathan ar choincheap an ‘chórais chomhdúcháin’ sa Treoir maidir le Cosaint Sonraí, ar córas é nach mór a bheith struchtúrtha chun rochtain réidh a éascú ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair. Níor leagadh síos leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí na modhanna praiticiúla ar a bhfuil córas comhdúcháin le struchtúru ná an riocht ina bhfuil sé le cur i láthair. Sa chás reatha, ba mar áis chuimhne de réir earnáil gheografach a bailíodh na sonraí a bailíodh le linn na seanmóireachta ó dhoras go doras. Rinneadh amhlaidh chun go bhféadfaí cuairt a thabhairt ina dhiaidh sin ar dhaoine a ndeachthas i dteagmháil leo cheana féin agus chun liostaí a dhréachtú de dhaoine nár mhaith leo go dtabharfaí cuairt orthu choíche. Dá bhrí sin, struchtúraíodh na sonraí sin de réir critéir a roghnaíodh chun ullmhú do chuirteanna ina dhiaidh sin nó chun liostaí a choinneáil de dhaoine nár mhaith leo go dtabharfaí cuairt orthu choíche. Níor bhain na critéir shonracha le haghaidh na sonraí a struchtúru le hábhar chomh fada is a bhíodh in ann sonraí a bhaineann le duine sonrach lena ndeachthas

i dteagmháil cheana féin a aisghabháil. Dá réir sin, cuimsíodh na sonraí pearsanta i gcóras comhdúcháin ábhartha de réir bhrí na Treorach maidir le Cosaint Sonraí.

Maidir le saincheist na rialaitheoireachta, luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, ag tagairt di do chás Wirtschaftsakademie (féach thuas), go bhféadfadh roinnt gníomhaithe a bheith i gceist leis an gcoincheap um ‘rialaitheoir na próiseála sonraí pearsanta’. Níor chiallaigh sé sin, áfach, go raibh freagracht chothrom ar gach rialaitheoir sonraí ná go raibh orthu rochtain a bheith acu ar na sonraí chun go mbeadh siad ina rialaitheoir. Mar sin féin, d’fhéadfaí a mheas gur rialaitheoir é duine a imríonn tionchar ar an bpróiseáil sonraí pearsanta chun a c(h)ríoch féin agus a ghlacann páirt dá bharr i gcríocha agus bealaí na próiseála sin a chinneadh. Ba chun críocha Phobal Fhinnéithe lehova a bhí an bailiú sonraí pearsanta agus an phróiseáil sonraí pearsanta a rinneadh le linn dá bhaill tabhairt faoi sheanmóireacht. Ní hé amháin go raibh eolas ag Pobal Fhinnéithe lehova ar an bpróiseáil a rinneadh chun a chreideamh a scaipeadh ach rinne sé freisin gníomhaíochtaí seanmóireachta a chuid ball a eagrú, a chomhordú agus a spreagadh iarbhír ach limistéir ghníomhaíochta a leithdháileadh agus spreagadh a thabhairt dá bhaill a thugann faoi sheanmóireacht próiseáil sonraí a dhéanamh i gcomhthéacs a ngníomhaíochta seanmóireachta. Dá bhrí sin, ghlac idir Phobal Fhinnéithe lehova agus a bhaill a thug faoi sheanmóireacht páirt i gcinneadh a dhéanamh ar na críocha agus na bealaí le haghaidh sonraí pearsanta na ndaoine a ndeachthas i dteagmháil leo a phróiseáil agus ní raibh sé riachtanach do Phobal Fhinnéithe lehova é féin rochtain a bheith aige ar na sonraí pearsanta ná treoirlínte nó treoracha i scríbhinn ar an bpróiseáil sonraí a thabhairt dá chuid ball chun go mbeadh sé ina rialaitheoir sonraí.

Ministerio Fiscal (Cás C-207/16)

Na príomh-shaincheisteanna: rochtain ar shonraí cumarsáide leictreonaí; an t-údar le cur isteach ar chearta bunúsacha; comhréireacht

Na Fíricí

Bhain an cás seo le feidhmiú breise na breithe roimhe ón gCúirt Bhreithiúnais (sna breithiúnais a tugadh i gcásanna Tele2 Sverige agus Watson, Cás C-203/15 agus Cás C-698/15) á leagan síos gurb amhlaidh, sna réimsí um chionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, nach bhfuil ach an cuspóir um choireacht thromchúiseach a chomhrac in ann údar a thabhairt le rochtain a bheith ag údarais phoiblí ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád ag seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus nach mór an rochtain sin a bheith comhréireach lena thromchúisí atá an cur isteach ar na cearta bunúsacha.

Sa chás seo, i gcomhthéacs imscrúdú a rinneadh ar robáil vallaite agus teileafón póca, rinne póilíní Spáinneacha iarraidh bhreithiúnach ar ordú lena dtugtar rochtain ar shonraí atá á sealbhú ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, rud lena sainaitheofaí úsáideoirí na n-uimhreacha teileafóin a gníomhachtaíodh leis an teileafón goidte. Diúltaíodh don iarraidh ar an bhforas nárbh ionann na gníomhartha ba chúis leis an imscrúdú coiriúil agus cion ‘tromchúiseach’ — is é sin, cion ar féidir téarma príosúnachta is faide ná cúig bliana a ghearradh air faoi dhíl na Spáinne. Rinne an Ministerio Fiscal (Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na Spáinne) achomharc in aghaidh na breithe sin os comhair na Cúirte Cúige.

Tharchuir an Chúirt Chúige Spáinneach ceisteanna chun na Cúirte Breithiúnais. Bhain na ceisteanna sin le conas a d'fhéadfaí sainaithint a dhéanamh ar thairseach tromchúise na gcionta ar os a cionn a bheadh údar ann le cur isteach ar chearta bunúsacha, amhail rochtain a bheith ag údaráis náisiúnta ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

An Breithiúnas

Thug an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas uaithe an 2 Deireadh Fómhair 2018. Luaigh sí gur faoi raon feidhme na Treorach maidir le r-Phríobháideachas (Treoir 2002/58/CE maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) a thagann an rochtain atá ag údaráis náisiúnta, i ndáil le himscrúdú coiriúil, ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí.


Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais an athuir gurb amhlaidh, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, nach féidir údar a thabhairt le cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha sna réimsí um chionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh ach amháin i gcás go bhfuil sé mar chuspóir leis coireacht nach mór a bheith sainmhínithe mar choireacht 'thromchúiseach' a chomhrac. Mar sin féin, más amhlaidh nach tromchúiseach atá an cur isteach atá i gceist leis an rochtain sin ar shonraí pearsanta, is féidir údar a thabhairt le rochtain ach comhlíonadh a dhéanamh ar an gcuspoir um 'chionta coiriúla' go ginearálta a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh in ionad an chuspóra um chionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Sa chás seo, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurbh amhlaidh, dá dtabharfaí rochtain ar shonraí chun críche úinéirí na gcártaí SIM a gníomhachtaíodh le teilifón póca goidte a shainaithint, amhail sloinne, forainmneacha agus, más gá, seoltaí, chuirfí isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine aonair sin, ar cearta iad a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Dá ainneoin sin, ní raibh an cur isteach sin de chineál tromchúiseach go leor a d'éileodh nach bhféadfaí údar a thabhairt leis ach amháin chun críche coireacht thromchúiseach a chomhrac. B'amhlaidh sin toisc nach rabhthas in ann na sonraí a iarradh a úsáid chun teacht ar chonclúidí beachta faoi shaol príobháideach na ndaoine aonair i gceist ós rud é nach rabhthas in ann an cárta SIM nó na cártaí SIM a gníomhachtaíodh leis an teilifón póca goidte a nascadh ach amháin le haitheantas úinéirí na gcártaí SIM sin le linn tréimhse shonrach. In éagmais na sonraí sin a bheith á gcrostgairt leis na sonraí a bhaineann leis na cumarsáidí leis na cártaí SIM sin agus na sonraí faoin láthair, ní rabhthas in ann na sonraí a iarradh a úsáid chun dáta, am, fad ná faighteoirí na gcumarsáidí a rinneadh leis an gcárta SIM nó na cártaí SIM i gceist a dhéanamh amach. Ní rabhthas in ann iad a úsáid ach oiread chun a dhéanamh amach cén áit a ndearnadh na cumarsáidí sin nó cé chomh minic is a rinneadh cumarsáidí le daoine sonracha le linn tréimhse ar leith.

Dá réir sin, ní raibh sé riachtanach gur chun críche coireacht thromchúiseach a chomhrac a bhí rochtain ar na sonraí i gceist.

Aguisín II

Cairt Eagraíochta



Aguisín III

Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha don Choimisiún um Chosaint Sonraí don Tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018

Cuspóir an Ráitis seo faoi Rialú Inmheánach

D'ullmhaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí dhá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2018. Ullmhaíodh an chéad cheann i ndáil le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus cumhdaíodh ann an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018.

Baineann an dara ceann leis an gCoimisiún nuabhunaithe um Chosaint Sonraí agus cumhdaítear ann an tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018.

Raon Freagrachta

Thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, aithnínm an fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Choimisiún um Chosaint Sonraí don tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tugann an Coimisiún um Chosaint Sonraí tuairisc ar gach ní iniúchoireachta don Choiste Iniúchoireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tháinig an Coiste Iniúchoireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le chéile ceithre huaire idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018. Gníomhaíonn Coiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí mar choiste riosca don eagraíocht. Bhuaíl an Coimisinéir agus ardbhainistíteoir ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2018 chun saincheisteanna iniúchoireachta agus riosca a bhaineann leis an eagraíocht a phlé.

Ar aon dul lena chlár bliantúil iniúchtaí, déanann Aonad Iniúchoireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Rinne Aonad Iniúchoireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí le linn na bliana 2018.

Chuir foireann ardbhainistíochta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún um Chosaint

Sonraí. Rinneadh na rioscaí sin a shainiú, a mheas agus a ghrádhú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Coiste Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Is í an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a sholáthraíonn seirbhísí TFC don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Chuir sí ráiteas dearbhaite ar fáil ina leagtar amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a chosaint. Ní thugtar aon chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha.
- Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn seirbhísí Acmhainní Daonna agus seirbhísí Comhroinnte Párolla don Choimisiún. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn dearbhú bliantúil maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear don Choimisiún. Is faoi phróisis deimhniúcháin ISAE 3402 a iniúchtar na seirbhísí sin.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainiú na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.
- Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhair i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha maidir le soláthar. Deimhním freisin gur chomhlíon an Coimisiún um Chosaint Sonraí na nósanna imeachta sin idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Choiste Ardbhainistíochta, déanann sí eolas d'fhairéachán agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí freagrach as an gceart um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Ag gníomhú dó faoi mhaoirseacht ag Coiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart) le haghaidh rialuithe inmheánacha agus maoirseacht a dhearbhu, is é an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí le linn na bliana 2018 agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féachadh san athbhreithniú sin ar níos mó ná rialuithe airgeadais amháin agus gur scrúdaíodh rialuithe TFC, cleachtais bhainistíochta agus próisis rialachais eile lena linn freisin. Deimhním gur choinnigh Coiste Ardbhainistíochta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí éifeachtacht na rialuithe inmheánacha faoi athbhreithniú idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018.



Helen Dixon
An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Aguisín IV

Tuarascáil Fuinnimh: an 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh

BAILE ÁTHA CLIATH

21 Cearnóg Mhic Liam

Tá ceannoifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i mBaile Átha Cliath lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Idir an 25 Bealtaine agus an 31 Nollaig 2018, bhí leictreachas le haghaidh téamh, soilsiú agus úsáidí eile ar na príomhúsáidí fuinnimh san oifig.

Ós rud é gur foirgneamh cosanta é 21 Cearnóg Mhic Liam, tá sé díolmhaithe ón gcóras rátála fuinnimh.

An oifig satailíte

Chun freastal ar an méadú sa líon foirne, chuaigh an Coimisiún isteach i gcomhaontú gearrthéarmach roimhe sin le haghaidh spás oifige breise a sholáthar i bhfoirgneamh eile. Le linn na bliana 2018, d'aistrigh an Coimisiún an oifig satailíte sin chuig áit eile chun freastal ar an méadú sa líon foirne. Rinneadh an gníomh sin mar bheart idirlinne sular tugadh áitreabh níos mó i mBaile Átha Cliath chun críche chun freastal ar fhoireann agus oibríochtaí an Choimisiúin atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Níl aon fhaisnéis ar fáil faoi láthair faoi úsáid fuinnimh an Choimisiúin sna foirgnimh sin.

CÚIL AN tSÚDAIRE

Tá achar 444 mhéadar chearnacha ag oifig an Choimisiúin i gCúil an tSúdaire. Tá an oifig lonnaithe ar an urlár uachtarach d'fhoirgneamh dhá stór a tógadh sa bhliain 2006. Bhí gás agus leictreachas le haghaidh téamh, soilsiú agus úsáidí eile ar na príomhúsáidí fuinnimh san oifig.

Ba é C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh i gCúil an tSúdaire.

Gníomhartha a Rinneadh

Ghlac an Coimisiún páirt/tá an Coimisiún ag glacadh páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa bhliain 2018 chun críche a úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2017 (na figiúirí bailíochtaithe is déanaí atá ar fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann):

Oifig Bhaile Átha Cliath

Úsáid	
Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad	0
Foinsí Leictreacha	77940 kWh

Oifig Chúil an tSúdaire

Úsáid	
Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad	45203 kWh
Foinsí Leictreacha	32100 kWh

Lean an Coimisiún lena iarrachtaí úsáid fuinnimh a íoslughdú trína chinntiú go gcuirtear an trealamh leictreach agus na soilse ar fad as ag am scoir gnó gach lá. San am i láthair, táimid ag cur aonaid LED atá níos tíosaí ar fhuinneamh in ionad aonaid solais fhluaraisigh ar bhonn céimnithe. Nuair is cuí, cuirtear múnla níos tíosaí ar fhuinneamh in ionad aon trealamh eile is gá a athsholáthar i gcóiríocht ar bith de chuid an Choimisiúin.


Aguisín V

Ráiteas Airgeadais don Tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018

D'ullmhaigh an Coimisiún dhá Ráiteas Airgeadais don bhliain 2018. Cumhdaíodh sa chéad cheann an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 agus bhain sé le hoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cumhdaíodh sa dara ceann an tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 agus bhain sé leis an gCoimisiún nuabhunaithe.

Rinneadh Cuntas Ioncaim agus Caiteachais oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 24 Bealtaine 2018 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh i leith na tréimhse sin a chur i gcrích, ceanglófar an Ráiteas Airgeadais le Tuarascáil Deiridh an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus foilseofar é ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

Tá Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don tréimhse ón 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018 á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair agus ceanglófar leis an tuarascáil seo é tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh i leith na tréimhse sin a chur i gcrích.



Data Protection Commission
21 Fitzwilliam Square,
Dublin 2

www.dataprotection.ie
Email: info@dataprotection.ie
Tel: 0761 104 800
LoCall: 1890 25 22 31



**An Coimisiún um
Chosaint Sonraí**
Data Protection
Commission